C/2026/6005

12.11.2026

TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN

Treoirlínte maidir le cur chun feidhme na n-oibleagáidí trédhearcachta le haghaidh córais intleachta saorga áirithe faoi Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2024/1689 (‘an Gníomh um an Intleacht Shaorga’)

(C/2026/6005)

Leathanach

Clár

1. CÚLRA AGUS CUSPÓIRÍ 3

2. FORBHREATHNÚ AR NA HOIBLEAGÁIDÍ TRÉDHEARCACHTA AGUS AR NA TOPAICÍ COTHROMÁNACHA 3

2.1. Forbhreathnú ar na hoibleagáidí trédhearcachta in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga 3

2.2. Réasúnaíocht agus cuspóirí 4

2.3. Gníomhaithe freagracha faoi Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga 5

2.4. Eisiaimh ó raon feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga 7

2.4.1. Úsáideoirí gairmiúla atá ag gníomhú i gcomhthéacs gníomhaíocht phearsanta neamhghairmiúil amháin 7

2.4.2. Taighde & Forbairt 8

2.4.3. Intleacht shaorga a scaoiltear faoi cheadúnais shaora agus foinse oscailte 8

2.5. Idirghníomhú leis na cleachtais thoirmiscthe, leis na ceanglais maidir le córais intleachta saorga ardriosca agus le litearthacht intleachta saorga 9

2.6. Idirghníomhú leis na rialacha is infheidhme maidir le samhlacha agus/nó córais intleachta saorga ilchuspóireacha 9

3. AIRTEAGAL 50(1) DEN GHNÍOMH UM AN INTLEACHT SHAORGA: TRÉDHEARCACHT LE HAGHAIDH CÓRAIS INTLEACHTA SAORGA IDIRGHNÍOMHAÍ 9

3.1. Na príomh-chomhpháirteanna, na príomhchoincheapa agus na hoibleagáidí trédhearcachta gaolmhara 10

3.1.1. Córais intleachta saorga atá ceaptha idirghníomhú go díreach le daoine nádúrtha 10

3.1.2. Oibleagáid faisnéise faoi Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga 12

3.2. Eisceachtaí ar an oibleagáid faisnéise faoi Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga 14

3.2.1. Eisceacht maidir le hidirghníomhaíocht shoiléir le córas intleachta saorga 14

3.2.2. Eisceacht maidir le córais intleachta saorga atá údaraithe le dlí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí 16

3.3. Idirghníomhú le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais 17

4. AIRTEAGAL 50(2) DEN GHNÍOMH UM AN INTLEACHT SHAORGA: ÁBHAR A GHINTEAR NÓ A IONRAMHÁILTEAR LEIS AN INTLEACHT SHAORGA A MHARCÁIL AGUS A BHRATH 18

4.1. Príomh-chomhpháirteanna agus príomhchoincheapa Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga 18

4.1.1. Córais intleachta saorga lena ngintear nó lena n-ionramháiltear ábhar sintéiseach 18

4.1.2. Módúlachtaí an ábhair shintéisigh sa raon feidhme 19

4.1.3. Ábhar nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga . 20

4.2. Oibleagáidí marcála agus braite Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga 21

4.2.1. An oibleagáid mharcála 21

4.2.2. An oibleagáid bhraite 22

4.2.3. Comhlíonadh na gceanglas maidir le réitigh theicniúla: éifeachtach, idir-inoibritheach, láidir agus iontaofa 22

4.3. Eisceachtaí ar na hoibleagáidí faoi Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga 24

4.4. Idirghníomhú le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais 25

5. AIRTEAGAL 50(3) DEN GHNÍOMH UM AN INTLEACHT SHAORGA: CÓRAIS AITHEANTA MOTHÚCHÁN AGUS CÓRAIS CATAGÓIRITHE BHITHMHÉADRAIGH 26

5.1. Na príomh-chomhpháirteanna, na príomhchoincheapa agus na hoibleagáidí trédhearcachta gaolmhara faoi Airteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga 27

5.1.1. Coincheap an chórais aitheanta mothúchán 27

5.1.2. Coincheap an chórais catagóirithe bhithmhéadraigh 27

5.1.3. An oibleagáid faisnéise faoi Airteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga 27

5.2. Eisceacht chun críocha fhorfheidhmiú an dlí 28

5.3. Idirghníomhú le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais 28

6. AIRTEAGAL 50(4): DOMHAINBHRIONNUITHE AGUS FOILSEACHÁIN TÉACS ÁIRITHE A LIPÉADÚ 28

6.1. Na príomh-chomhpháirteanna, na príomhchoincheapa agus na hoibleagáidí trédhearcachta gaolmhara maidir le domhainbhrionnuithe faoi Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga 28

6.1.1. An coincheap 'domhainbhrionnú' 29

6.1.2. An oibleagáid nochta faoi Airteagal 50(4), an chéad fhomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga 31

6.1.3. Trédhearcacht ábhair domhainbhrionnaithe atá ar aon dul le hábhar atá ealaíonta, cruthaitheach, aorach nó ficseanúil 32

6.1.4. Eisceacht maidir le forfheidhmiú an dlí 34

6.1.5. Idirghníomhú le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais 34

6.2. Na príomh-chomhpháirteanna, na príomhchoincheapa agus na hoibleagáidí trédhearcachta gaolmhara maidir le téacs a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga. faoi Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga 35

6.2.1. Téacs a fhoilsítear chun an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail .. 36

6.2.2. An oibleagáid nochta faoi Airteagal 50(4), an dara fomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga 37

6.2.3. Eisceacht ón oibleagáid trédhearcachta maidir le téacs atá faoi athbhreithniú daonna nó faoi rialú eagarthóireachta agus faoi fhreagracht eagarthóireachta 37

6.2.4. Eisceacht maidir le forfheidhmiú an dlí 38

6.2.5. Idirghníomhú le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais 39

7. CEANGLAIS CHOTHROMÁNACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LEIS AN BHFAISNÉIS A SHOLÁTHRAÍTEAR FAOI AIRTEAGAL 50(5) DEN GHNÍOMH UM AN INTLEACHT SHAORGA 39

7.1. Faisnéis a sholáthar ar bhealach soiléir inaitheanta 39

7.2. An chéad idirghníomhaíocht nó an chéad nochtadh 40

7.3. Comhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta is infheidhme 40

8. FORFHEIDHMIÚ AIRTEAGAL 50 DEN GHNÍOMH UM AN INTLEACHT SHAORGA 40

8.1. Éifeachtaí de chomhlíonadh cóid cleachtais a mheastar a bheith leordhóthanach 41

8.2. Údaráis um Fhaireachas Margaidh 42

8.3. Pionóis 42

8.4. Teacht i bhfeidhm 42

9. NA TREOIRLÍNTE A ATHBHREITHNIÚ AGUS A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA 43

1. **CÚLRA AGUS CUSPÓIRÍ**

(1) Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear rialacháin áirithe ('an Gníomh um an Intleacht Shaorga'), tháinig sé i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2024 ([1]). Leagtar síos leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga ('IS') a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse agus a úsáid san Aontas ([2]). Is é is aidhm dó an nuálaíocht san intleacht shaorga agus glacadh na hintleachta saorga iontaofa a chur chun cinn, agus ardleibhéal cosanta a áirithiú don tsláinte, don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha san Aontas, lena n-áirítear an daonlathas agus an smacht reachta.

(2) Leanann an Gníomh um an Intleacht Shaorga cur chuige rioscabhunaithe, lena n-aicmítear córais intleachta saorga i gceithre chatagóir riosca éagsúla, a bhfuil córais intleachta saorga ar cheann amháin acu lena mbaineann rioscaí trédhearcachta atá faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Tá feidhm ag na hoibleagáidí trédhearcachta sin 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, i.e. ón 2 Lúnasa 2026.

(3) De bhun Airteagal 96(1)(d) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, eisítear na Treoirlínte seo ón gCoimisiún arb é is aidhm dóibh bheith ina dtreoraíocht phraiticiúil chun cúnamh a thabhairt d'údaráis inniúla, agus do sholáthraithe agus úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí trédhearcachta faoi Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ar bhealach comhsheasmhach, éifeachtach, comhréireach agus aonfhoirmeach.

(4) Bhí dréachtú na dTreoirlínte seo bunaithe ar ionchur ó pháirtithe leasmhara éagsúla a bailíodh le linn comhairliúchán leathan a d'eagraigh an Coimisiún agus bunaithe ar ionchur ó na Ballstáit ar an mBord Eorpach um an Intleacht Shaorga chomh maith le hionchur ó pháirtithe leasmhara maidir leis na dréacht-treoirlínte a foilsíodh le haghaidh comhairliúcháin.

(5) Tá na Treoirlínte sin neamhcheangailteach. I ndeireadh na dála, is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('CBAE') amháin a fhéadfaidh aon léirmhíniú údarásach a dhéanamh ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga.

2. **FORBHREATHNÚ AR NA HOIBLEAGÁIDÍ TRÉDHEARCACHTA AGUS AR NA TOPAICÍ COTHROMÁNACHA**

2.1. **Forbhreathnú ar na hoibleagáidí trédhearcachta in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga**

(6) Áirítear in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ceithre oibleagáid trédhearcachta, a bhfuil feidhm ag gach ceann acu maidir le cineálacha éagsúla córas intleachta saorga nó a n-aschuir.

Foráil	Cineál córais intleachta saorga/ aschuir	Oibleagáid trédhearcachta	Eisceachtaí nó córais speisialta
Airteagal 50(1)	Córais intleachta saorga a idirghníomhaíonn go díreach le daoine nádúrtha	Ní mór do sholáthraithe an córas intleachta saorga a fhorbairt agus a dhearadh ar bhealach a gcuirfidh na daoine nádúrtha lena mbaineann ar an eolas go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga.	Eisceachtaí 1) má tá tionscnamh saorga na hidirghníomhaíochta soiléir, nó 2) má tá an córas údaraithe le dlí chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, ach amháin má tá an córas ar fáil don phobal chun cion coiriúil a thuairisciú.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

([2]) Airteagal 1 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

Foráil	Cineál córais intleachta saorga/ aschuir	Oibleagáid trédhearcachta	Eisceachtaí nó córais speisialta
Airteagal 50(2)	Córais intleachta saorga lena ngintear nó lena n-ionramháiltear ábhar sintéiseach íomhá, físe, fuaime nó téacs	Ní mór do sholáthraithe a áirithiú go ndéanfar aschuir an chórais intleachta saorga a mharcáil i bhformáid mheaisín-inléite agus go mbeidh siad inbhraite mar ábhar a gineadh nó a ionramháladh go saorga le réitigh theicniúla atá éifeachtach, idir-inoibritheach, láidir agus iontaofa.	Eisceachtaí 1) má dhéanann an córas intleachta saorga feidhm chúnta le haghaidh eagarthóireacht chaighdeánach nó nach ndéanann siad athrú substaintiúil ar na sonraí ionchuir arna soláthar ag an úsáideoir gairmiúil ná ar shéimeantaic na sonraí sin, nó 2) má tá an córas intleachta saorga údaraithe le dlí chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.
Airteagal 50(3)	Córas intleachta saorga aitheanta mothúchán nó córas catagóirithe bhithmhéadraigh	Ní mór d'úsáideoirí gairmiúla na daoine nádúrtha atá neamhchosanta ar an gcóras a chur ar an eolas faoi oibriú an chórais intleachta saorga.	Eisceacht má cheadaítear leis an dlí don chóras intleachta saorga cionta coiriúla a bhrath, a chosc nó a imscrúdú.
Airteagal 50(4)	Córais intleachta saorga lena ngintear nó lena n-ionramháiltear domhainbhrionnú nó téacs a fhoilsítear chun an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail	Ní mór d'úsáideoirí gairmiúla a nochtadh gur gineadh nó gur ionramháladh an t-ábhar go saorga.	Eisceachtaí 1) má tá an córas intleachta saorga údaraithe le dlí chun cion coiriúil a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, nó 2) má rinneadh athbhreithniú daonna nó rialú eagarthóireachta ar an bhfoilseachán téacs agus má tá sé faoi réir freagracht eagarthóireachta. Tá feidhm ag córas nochta speisialta maidir le domhainbhrionnuithe atá ina gcuid de shaothair nó de chláir atá ar aon dul le saothair nó cláir atá ealaíonta, cruthaitheach, aorach nó ficseanúil.

(7) Déantar scrúdú ar gach ceann de na ceithre oibleagáid sin i Ranna 3 go 6 de na Treoirlínte seo. Ina theannta sin, sainordaítear le hAirteagal 50(5) go ndéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 seo a sholáthar do na daoine nádúrtha lena mbaineann ar bhealach soiléir inaitheanta, ar a dhéanaí tráth a dhéanfar an chéad idirghníomhaíocht nó an chéad nochtadh agus i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme. Soiléirítear na ceanglais sin i Roinn 7.

(8) Féadfaidh feidhm charnach a bheith ag na hoibleagáidí trédhearcachta éagsúla a leagtar síos in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le córas intleachta saorga aonair (nó aschur an chórais), agus d'fhéadfadh gníomhaithe éagsúla (soláthraithe nó úsáideoirí gairmiúla) a bheith freagrach as an gcóras sin. Mar shampla, má ghineann córas intleachta saorga íomhánna mar chuid d'idirghníomhú díreach le duine nádúrtha, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar sholáthraí an chórais Airteagal 50(1) agus (2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh. I gcás inar féidir leis an gcóras sin íomhánna a ghiniúint freisin ar domhainbhrionnuithe iad nó téacs a fhoilsítear ar ábhair a bhaineann le leas an phobail, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an úsáideoir gairmiúil Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh freisin.

2.2. **Réasúnaíocht agus cuspóirí**

(9) Mar a mhínítear in Aithrisí 132-136 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, is é is cuspóir do na hoibleagáidí trédhearcachta laghdú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le pearsanú, meabhlaireacht, mífhaisnéis, ionramháil ar scála, agus calaois agus maolú a dhéanamh ar dhrochthionchair fhéideartha ar phróisis dhaonlathacha agus ar mhuinín shochaíoch arb é is cúis leo ábhar nó idirghníomhaíocht a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga. Trí dhaoine aonair a chur ar an eolas faoi thionscnamh intleachta saorga na hidirghníomhaíochta agus an ábhair, cuideofar leo cinntí eolasacha a dhéanamh, agus cuirfear le muinín agus sláine an éiceachórais faisnéise a chosaint an tráth céanna. Ní hamháin gur ceanglas comhlíontachta teicniúla í an trédhearcacht ach is réamhriachtanas í chun é a chur ar a gcumas do dhaoine nádúrtha idirghníomhaíochtaí agus ábhar trí mheán na hintleachta saorga a aithint nó úsáid na gcóras aitheanta mothúchán nó na gcóras catagóirithe bhithmhéadraigh a aithint. Trí úsáid thrédhearcach iontaofa córas intleachta saorga idirghníomhaí agus giniúnaí a áirithiú, beifear in ann seasamh le neamhspleáchas pearsanta agus luachanna Eorpacha, dínit an duine agus cearta bunúsacha eile (e.g. saoirse smaointeoireachta, príobháideachas, comhionannas agus neamh-idirdhealú, cosaint tomhaltóirí, maoin intleachtúil etc.), agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus inchreidteacht ábhair meán á gcaomhnú.

2.3. **Gníomhaithe freagracha faoi Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga**

(10) De réir Airteagal 3(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, is daoine nádúrtha nó dlítheanacha, údaráis phoiblí, gníomhaireachtaí nó comhlachtaí eile iad **soláthraithe** a fhorbraíonn córais intleachta saorga, nó a bhfuil córais intleachta saorga forbartha acu, agus a chuireann ar mhargadh an Aontais nó i mbun seirbhíse iad faoina n-ainm nó faoina dtrádmharc féin, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce. Ní mór do sholáthraithe na hoibleagáidí trédhearcachta ábhartha in Airteagal 50(1) agus (2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga is infheidhme maidir leo a chomhlíonadh, gan beann ar iad a bheith bunaithe nó lonnaithe laistigh den Aontas nó i dtríú tír ([3]). Tá soláthraithe atá bunaithe nó lonnaithe lasmuigh den Aontas faoi réir an Ghnímh um an Intleacht Shaorga freisin má úsáidtear aschur a gcórais intleachta saorga san Aontas ([4]). Mar sin féin, níor cheart d'úsáid iartheachtach theagmhasach, neamh-intuartha nó neamhúdaraithe cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí a spreagadh ar sholáthraithe tríú tír córas intleachta saorga idirghníomhaí nó giniúnaí den sórt sin nach gcuirtear ar an margadh ná i mbun seirbhíse san Aontas, gan dochar do na cumhachtaí atá ag na húdaráis inniúla um fhaireachas margaidh a n-aschuir a mheas mar aschur nach gcomhlíonann an Gníomh um an Intleacht Shaorga.

(11) Ní mór do sholáthraithe a áirithiú go bhfuil trédhearcacht leabaithe i ndearadh agus oibriú a gcóras intleachta saorga idirghníomhaí nó giniúnaí agus a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí trédhearcachta ábhartha uile in Airteagal 50(1), (2) agus (5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ar a dhéanaí nuair a chuirfear na córais sin ar an margadh nó i mbun seirbhíse. Ní mór gach duine nádúrtha a idirghníomhaíonn leis an gcóras intleachta saorga nó atá neamhchosanta ar a aschuir sa raon feidhme a chur ar an eolas go héifeachtach agus go comhsheasmhach ar feadh shaolré an chórais intleachta saorga, mar a chuireann an soláthraí sin ar an margadh nó i mbun seirbhíse é (gan beann ar cé hiad úsáideoirí gairmiúla nó úsáideoirí eile an chórais).

> Mar shampla, soláthraíonn cuideachta feidhmchlár intleachta saorga giniúnaí nó idirghníomhaí (e.g. bota comhrá, gineadóir íomhánna, gníomhaire intleachta saorga) ar mhargadh an Aontais faoina hainm nó faoina trádmharc féin do thomhaltóirí, d'úsáideoirí gairmiúla nó d'eintitis dhlítheanacha eile a fhéadfaidh an córas intleachta saorga a úsáid go díreach le haghaidh idirghníomhaíochta nó giniúint ábhair (lena n-áirítear soláthar tríd an gcóras a chomhtháthú sna próisis atá acu cheana agus é a úsáid dá réir sin gan gá le modhnuithe ná comhpháirteanna breise). Is soláthraí í an chuideachta atá freagrach as comhlíonadh na n-oibleagáidí trédhearcachta in Airteagal 50(1) agus/nó (2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, gan beann ar cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear an córas intleachta saorga saor in aisce nó ar íocaíocht agus gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an soláthraí bunaithe nó lonnaithe san Aontas nó i dtríú tír.
>
> Sampla eile de sholáthraí is ea cuideachta nó eagraíocht eile (e.g. údarás poiblí) a d'fhorbair córas intleachta saorga idirghníomhaí (e.g. bota comhrá) go hinmheánach agus a chuireann i mbun seirbhíse san Aontas é dá úsáid féin agus faoina ainm nó faoina thrádmharc.
>
> Má ghlacann cuideachta córas intleachta saorga giniúnaí atá ann cheana agus atá curtha ar an margadh ag soláthraí eile agus má mhodhnaíonn sí an córas sin (e.g. le sonraí oiliúna nua), a chuireann sí i mbun seirbhíse ina dhiaidh sin faoina hainm nó faoina trádmharc féin, beidh an chuideachta ina soláthraí le haghaidh an chórais nua gan dochar don fhreagracht atá ar sholáthraí an chórais intleachta saorga tosaigh maidir leis an gcóras nua.

(12) Is daoine nádúrtha nó dlítheanacha, údaráis phoiblí, gníomhaireachtaí nó comhlachtaí eile a úsáideann córais intleachta saorga faoina n-údarás iad úsáideoirí gairmiúla, ach amháin más le haghaidh gníomhaíocht phearsanta neamhghairmiúil atá an úsáid ([5]). Ba cheart 'an t-údarás' ar chóras intleachta saorga a thuiscint mar fhreagracht a ghlacadh as an gcinneadh an córas a chur in úsáid agus as an mbealach a úsáidtear an córas iarbhír (lena n-áirítear a aschuir). Ní gá go n-éileodh sé rialú teicniúil ar oibriú an chórais intleachta saorga, fad is a dhéanann an t-úsáideoir gairmiúil an cinneadh maidir le cé na críocha agus conas an córas intleachta saorga a úsáid (lena n-áirítear úsáid i sreafaí oibre díláraithe agus i struchtúir chorparáideacha ghrúpa). Ba cheart d'úsáideoirí gairmiúla a bhfuil baint acu le slabhraí luacha casta táirgthe agus dáilte ábhair bearta comhréireacha a dhéanamh chun a áirithiú go dtaispeánfar lipéadú an ábhair atá curtha chun feidhme acu de bhun Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ar bhealach soiléir agus inaitheanta don phobal meáin spriocdhírithe agus intuartha ag pointe an chéad nochta i gcomhréir le hAirteagal 50(5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga (e.g. trí choinníollacha conarthacha le comhpháirtithe dáileacháin, socruithe eispéiris úsáideoirí agus comhéadain atá le taispeáint).

([3]) Airteagal 2(1)(a) agus Airteagal 3(3), (9) agus (11) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Chun tuilleadh treoraíochta a fháil maidir leis na coincheapa a bhaineann le cur ar an margadh, cur i mbun seirbhíse agus úsáid, féach na Treoirlínte ón gCoimisiún maidir leis na cleachtais thoirmiscthe intleachta saorga, C(2025) 5052 agus an Fógra ón gCoimisiún – 'Treoir Ghorm' maidir le cur chun feidhme rialacha an Aontais i ndáil le táirgí, Roinn 2 (IO C 247, 29.6.2022, lch. 1).

([4]) Airteagal 2(1)(c) agus aithris 22 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

([5]) Airteagal 3(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

(13) Tagann úsáideoirí gairmiúla faoi raon feidhme na n-oibleagáidí trédhearcachta in Airteagal 50(3) agus (4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga má tá a n-áit bhunaíochta nó a suíomh laistigh den Aontas, nó má tá siad bunaithe nó lonnaithe i dtríú tír ina n-úsáidtear aschur an chórais intleachta saorga san Aontas ([6]). Sa chás deiridh, tá feidhm ag na hoibleagáidí trédhearcachta maidir le heintitis atá lonnaithe nó bunaithe lasmuigh den Aontas i gcás ina dtuarann an t-úsáideoir gairmiúil féin scaipeadh agus úsáid aschuir na hintleachta saorga san Aontas (i.e. dáileadh laistigh den Aontas a stiúradh nó a údarú, lena n-áirítear domhainbhrionnuithe a phostáil ar an idirlíon atá inrochtana ar fud an domhain). Mar sin féin, níl úsáideoirí gairmiúla tríú tír faoi cheangal ag na hoibleagáidí trédhearcachta i gcás ina sroicheann ábhar an chórais intleachta saorga pobail mheáin san Aontas trí bhealaí nach féidir a thuar agus nach bhfuil smacht acu orthu.

(14) I gcás inar duine dlítheanach é an t-úsáideoir gairmiúil córais intleachta saorga ar faoina údarás a úsáidtear an córas (e.g. cuideachta fógraíochta), níor cheart a mheas gur úsáideoirí gairmiúla ar leith don chóras sin iad na fostaithe aonair a ghníomhaíonn faoi threoracha agus faoi rialú an duine dhlítheanaigh sin (e.g. beochantóirí digiteacha, dearthóirí gréasáin, cruthaitheoirí ábhair, iriseoirí). Is úsáideoir gairmiúil é duine dlítheanach fós fiú má thugann sé rannpháirt do thríú páirtithe (e.g. conraitheoirí, saoroibrithe) in oibriú an chórais thar a cheann agus faoina fhreagracht agus faoina rialú.

Mar shampla, eagraíocht meán atá bunaithe san Aontas, a n-úsáideann a heagarthóirí córas intleachta saorga chun tacú lena dtuairisciú i scríbhinn ar imeachtaí reatha trí fhoilseacháin téacs a ghintear leis an intleacht shaorga maidir le hábhair a bhaineann le leasanna poiblí agus a phostáiltear ar shuíomh gréasáin atá inrochtana ar fud an domhain, is úsáideoir gairmiúil í a thagann faoi raon feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Ar an gcaoi chéanna, cuideachta atá bunaithe i dtríú tír agus a úsáideann córas intleachta saorga chun domhainbhrionnú a dhéanamh de dhuine cáiliúil atá le feiceáil i bhfógra a thaispeántar san Aontas, is úsáideoir gairmiúil í freisin a thagann faoi raon feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga.

Os a choinne sin, ní úsáideoir gairmiúil í cuideachta nach ndéanann ach gníomhaireacht fógraíochta a choimisiúnú chun fógra a tháirgeadh, gan cinntí a dhéanamh ná smacht a bheith aici ar cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an ghníomhaireacht fógraíochta intleacht shaorga sa phróiseas táirgthe agus conas a úsáideann sí í.

(15) Féadfaidh oibreoirí (e.g. soláthraithe agus úsáideoirí gairmiúla) níos mó ná ról amháin a chomhlíonadh i gcomhthráth i ndáil le córas intleachta saorga. Mar shampla, d'fhéadfadh cuideachta córas intleachta saorga giniúnaí inmheánach a fhorbairt agus é a úsáid chun domhainbhrionnuithe a ghiniúint. I gcás den sórt sin, cáileoidh sé mar sholáthraí agus mar úsáideoir gairmiúil araon nach mór dóibh a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí marcála meaisín-inléite faoi Airteagal 50(2) agus na ceanglais maidir le lipéadú soiléir agus inbhraite ar na domhainbhrionnuithe faoi Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

(16) Os a choinne sin, ní úsáideoir gairmiúil de réir bhrí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga iad gníomhaithe eile (amhail soláthraithe seirbhísí óstála, lena n-áirítear ardáin ar líne, nó craoltóirí) a bhfuil a ról teoranta d'ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga arna chruthú ag tríú páirtithe a scaipeadh nó a tharchur, nó gníomhaithe a fhaigheann ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga nó atá neamhchosanta uirthi gan údarás a bheith acu ar úsáid an chórais intleachta saorga chun ábhar intleachta saorga a ghiniúint nó a ionramháil. Gan bheith freagrach ná faoi dhliteanas faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga, d'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag na gníomhaithe sin sa slabhra luacha mar sin féin chun muinín agus sláine an éiceachórais faisnéise a chaomhnú. Moltar go láidir dóibh, dá bhrí sin, an mharcáil agus an lipéadú a chuirtear chun feidhme de bhun Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chaomhnú agus bearta comhréireacha atá indéanta go teicniúil a chur chun feidhme chun a chur ar a gcumas do dhaoine nádúrtha an t-ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a bhrath, gan dochar don fhreagracht atá ar sholáthraithe agus úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga giniúnaí ná d'aon oibleagáid nó dliteanas faoi Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha nó 'GSD') ([7]) nó faoi dhlí eile is infheidhme de chuid an Aontais nó faoi dhlí náisiúnta eile is infheidhme.

([6]) Airteagal 2(1)(b) agus (c) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

([7]) Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

(17) Moltar freisin do ghníomhaithe eile atá ag gníomhú ina gcáil ghairmiúil agus a scaipeann ábhar (fiú mura bhfuil siad rannpháirteach go díreach faoi Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga) bearta comhréireacha agus iomchuí a dhéanamh, ionas go gcuirfear na daoine nádúrtha atá neamhchosanta ar an ábhar ar deireadh ar an eolas go héifeachtach agus go mbeidh siad in ann a thionscnamh a gineadh nó a ionramháladh go saorga a bhrath. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go gceanglófaí ar na páirtithe sin na domhainbhrionnuithe nó na foilseacháin téacs ar leith maidir le hábhair a bhaineann le leas an phobail a lipéadú faoi rialacha dlíthiúla nó dualeolaíochta eile is infheidhme (e.g. craoltóir atá ag lipéadú agus ag taispeáint domhainbhrionnaithe arna chruthú ag duine príobháideach mar chuid de chlár teilifíse). Mar sin féin, ós rud é go ndéanann gníomhaí ábhar a lipéadú nó ábhar lipéadaithe a úsáid, ní chiallaíonn sé sin go gcáilíonn an gníomhaí sin mar 'úsáideoir gairmiúil' de réir bhrí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, ní leathnaítear freagracht dhlíthiúil na ngníomhaithe sin ná ní dhéantar difear di faoi na creataí dlíthiúla is infheidhme, mura gcáilíonn siad an tráth céanna le soláthraithe nó úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga.

2.4. **Eisiaimh ó raon feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga**

(18) Déantar foráil le hAirteagal 2 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le roinnt eisiaimh ghinearálta ó raon feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a soiléiríodh cheana sna Treoirlínte ón gCoimisiún maidir leis na cleachtais thoirmiscthe intleachta saorga ([8]). Dá réir sin, ní thabharfar aghaidh sa roinn seo ach ar na gnéithe sin atá ábhartha do na hoibleagáidí trédhearcachta in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

2.4.1. *Úsáideoirí gairmiúla atá ag gníomhú i gcomhthéacs gníomhaíocht phearsanta neamhghairmiúil amháin*

(19) De réir Airteagal 2(10) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, 'ní bheidh feidhm ag an Rialachán maidir leis na hoibleagáidí atá ar úsáideoirí gairmiúla ar daoine nádúrtha iad a úsáideann córais intleachta saorga le linn gníomhaíocht phearsanta neamhghairmiúil amháin' ([9]). Aon ghníomhaíocht trína bhfaigheann daoine nádúrtha tairbhe eacnamaíoch ar bhonn tráthrialta nó a bhfuil baint acu ar bhealach eile le gníomhaíocht ghairmiúil, ghnó, trádála, cheirde nó le saorghníomhaíocht, ba cheart í a mheas a bheith ina gníomhaíocht 'ghairmiúil'. Tá an tsonraíocht 'pearsanta amháin' cáilithe mar neamhghairmiúil, rud a chiallaíonn gur cheart don duine gníomhú i gcáil phearsanta agus i gcáil neamhghairmiúil araon chun teacht faoi raon feidhme na heisceachta. Aon úsáid ag daoine nádúrtha atá ag gníomhú thar ceann úsáideoir gairmiúil nó faoi údarás úsáideora ghairmiúil atá ag gníomhú i gcáil ghairmiúil, tiocfaidh sí faoi raon feidhme oibleagáidí trédhearcachta an úsáideora ghairmiúil a leagtar síos in Airteagal 50(3) agus (4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

Samplaí d'úsáid phearsanta neamhghairmiúil córas intleachta saorga atá eisiata ón raon feidhme:

— daoine aonair a úsáideann córas intleachta saorga chun domhainbhrionnuithe a dhéanamh de bhaill a dteaghlaigh;

— daoine aonair a úsáideann córas intleachta saorga i gcáil phearsanta chun téacs a ghiniúint maidir le topaicí éagsúla (e.g. mic léinn a úsáideann intleacht shaorga chun a n-obair bhaile a scríobh);

— daoine aonair a úsáideann córas intleachta saorga ina gcáil phearsanta chun domhainbhrionnuithe a scaiptear ar na meáin shóisialta a ghiniúint;

(20) Níl feidhm ag an eisiamh in Airteagal 2(10) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ach amháin a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí úsáideoirí gairmiúla agus an córas á úsáid acu le haghaidh gníomhaíochtaí pearsanta neamhghairmiúla amháin. Tá an córas féin fós faoi raon feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe a chuireann an córas ar an margadh nó a chuireann i mbun seirbhíse é agus ar úsáideoirí gairmiúla a úsáideann an córas le haghaidh úsáid ghairmiúil. Tá an eisceacht gan dochar freisin do chur i bhfeidhm dlí ábhartha eile de chuid an Aontais agus dlí ábhartha náisiúnta eile.

([8]) Féach Roinn 2.5 de na Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le cleachtais thoirmiscthe intleachta saorga a bhunaítear le Rialachán (AE) 2024/1689 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga), an Bhruiséil, 29.7.2025, C(2025) 5052 final.

([9]) Eisiatar freisin ón sainmhíniú ar úsáideoir gairmiúil úsáideoirí atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí den sórt sin (féach Roinn 2.3 thuas).

Mar shampla, ba cheart do sholáthraí an chórais intleachta saorga a úsáidtear chun domhainbhrionnuithe a ghiniúint agus atá le feiceáil ar chárta Nollag pearsanta na domhainbhrionnuithe sin a mharcáil ar bhealach meaisín-inléite i gcomhréir leis an oibleagáid trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. An tráth céanna, ní chumhdófar úsáid an chórais ag daoine nádúrtha le haghaidh gníomhaíochtaí pearsanta neamhghairmiúla amháin leis an oibleagáid ar úsáideoirí gairmiúla a leagtar síos in Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

2.4.2. *Taighde & Forbairt*

(21) Le hAirteagal 2(6) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga déantar foráil maidir le heisiamh i dtaca le 'córais intleachta saorga nó samhlacha intleachta saorga, lena n-áirítear a n-aschuir, a fhorbraítear go sonrach agus a chuirtear i mbun seirbhíse chun críche taighde eolaíoch agus forbartha eolaíche, agus chun na críche sin amháin. Tá an t-eisiamh sin gan dochar do na caighdeáin eiticiúla taighde is infheidhme agus do chosaint sonraí an Aontais agus do reachtaíocht eile. I gcomhthéacs Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ní hamháin go gcumhdaítear leis an eisiamh sin córais intleachta saorga idirghníomhaí, ach cumhdaítear leis freisin aschuir na gcóras intleachta saorga giniúnaí (lena n-áirítear ábhar domhainbhrionnaithe) a úsáidtear i gcomhthéacs an taighde eolaíoch. Mar sin féin, má chuirtear na córais sin i mbun seirbhíse nó má tá a n-aschuir á n-úsáid chun críoch eile seachas chun críche taighde eolaíoch agus forbartha eolaíche agus chun na críche sin amháin, bheadh gá fós leis na hoibleagáidí trédhearcachta ábhartha in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh.

Mar shampla, má fhorbraíonn taighdeoirí córas intleachta saorga idirghníomhaí agus a chuireann siad ar an margadh nó a chuireann siad i mbun seirbhíse agus más mian leo imscrúdú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil daoine nádúrtha in ann idirdhealú a dhéanamh idir córais intleachta saorga agus daoine agus iad i mbun idirghníomhaíocht labhartha leis an gcóras intleachta saorga sin, ní gá dóibh na hoibleagáidí trédhearcachta ar leith faoi Airteagal 50(1) agus (2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme. Mar sin féin, má chuirtear an córas intleachta saorga idirghníomhaí céanna i mbun seirbhíse freisin chun críoch eile seachas taighde agus forbairt, ba ghá na hoibleagáidí trédhearcachta ábhartha in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh.

(22) Thairis sin, eisiatar le Airteagal 2(8) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gníomhaíochtaí taighde, tástála nó forbartha a bhaineann le córais intleachta saorga nó samhlacha intleachta saorga sula gcuirfear ar an margadh nó i mbun seirbhíse iad. Ní chumhdaítear tástáil faoi fhíordhálaí (laistigh nó lasmuigh de bhoscaí gainimh rialála le haghaidh na hintleachta saorga) leis an eisiamh sin. Thairis sin, nuair a chuirfear córas intleachta saorga ar an margadh nó i mbun seirbhíse mar thoradh ar na gníomhaíochtaí taighde agus tástála sin, ba cheart dó, mar sin féin, na hoibleagáidí trédhearcachta ábhartha faoi Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh ([10]).

2.4.3. *Intleacht shaorga a scaoiltear faoi cheadúnais shaora agus foinse oscailte*

(23) De réir Airteagal 2(12) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, tá córais intleachta saorga a scaoiltear faoi cheadúnais shaora agus foinse oscailte lasmuigh de raon feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga ar choinníoll nach dtagann siad faoi thoirmisc Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ná faoi oibleagáidí trédhearcachta Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, nó nach n-aicmítear mar chórais ardriosca iad ([11]). Ciallaíonn sé sin gur gá do sholáthraithe agus úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga foinse oscailte a thagann faoi raon feidhme Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga comhlíonadh a n-oibleagáidí trédhearcachta ar leith a áirithiú fós.

(24) Os a choinne sin, soláthraithe comhpháirteanna intleachta saorga saor agus foinse oscailte lena gcumhdaítear bogearraí, sonraí, samhlacha, uirlisí, seirbhísí nó próisis lena saincheapadh agus lena gcomhtháthú i gcóras intleachta saorga agus nach córas intleachta saorga iad iontu féin (go páirteach nó go hiomlán), níl siad faoi réir na n-oibleagáidí trédhearcachta in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Mar sin féin, moltar do sholáthraithe na gcóras sin na samhlacha, na comhpháirteanna agus na seirbhísí sin a dhearadh ar bhealach ar a tugtar tuairisc i bpointe 27 thíos, a mhéid atá sé sin comhréireach agus indéanta.

([10]) Aithris 25 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

([11]) In Aithris 102 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, mínítear go bhfágann scaoileadh bogearraí agus sonraí faoi cheadúnas saor agus foinse oscailte gur "féidir iad a chomhroinnt go hoscailte agus i gcás inar féidir le húsáideoirí iad a rochtain, a úsáid, a mhodhnú agus a athdháileadh gan bhac".

2.5. **Idirghníomhú leis na cleachtais thoirmiscthe, leis na ceanglais maidir le córais intleachta saorga ardriosca agus le litearthacht intleachta saorga**

(25) Soiléirítear le hAithris 137 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nach féidir comhlíonadh na n-oibleagáidí trédhearcachta faoi Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga le haghaidh córas intleachta saorga ar leith a léirmhíniú mar léiriú go bhfuil úsáid nó aschur an chórais intleachta saorga sin dleathach faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga. Go háirithe, féadfaidh córais intleachta saorga atá faoi réir na n-oibleagáidí in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga teacht faoi Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus féadfar toirmeasc a bheith orthu dá bhrí sin (e.g. amhail córais aitheanta mothúchán a úsáid i réimse na háite oibre nó na n-institiúidí oideachais) ([12]). Thairis sin, féadfar córais intleachta saorga a thagann faoi raon feidhme Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a aicmiú mar chórais ardriosca ([13]) freisin agus féadfaidh siad a bheith faoi réir na gceanglas agus na n-oibleagáidí ábhartha le haghaidh na gcóras sin. Dá bhrí sin, ní thagann comhlíonadh Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga in ionad oibleagáidí a eascraíonn as forálacha eile den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ní chuireann sé teorainn leis na hoibleagáidí sin ná ní dhéanann sé difear dóibh ([14]). An tráth céanna, is féidir le córais intleachta saorga teacht faoi raon feidhme Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gan iad a aicmiú mar chórais ardriosca de bhun Airteagal 6 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Tá feidhm ag ceanglais litearthachta faoi Airteagal 4 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga freisin maidir le soláthraithe agus úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga laistigh de raon feidhme Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

2.6. **Idirghníomhú leis na rialacha is infheidhme maidir le samhlacha agus/nó córais intleachta saorga ilchuspóireacha**

(26) Tá feidhm ag Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le córais intleachta saorga áirithe, lena n-áirítear córais intleachta saorga ilchuspóireacha ([15]), amhail botaí comhrá a thacaíonn le hidirghníomhaíocht dhíreach le daoine nádúrtha nó córais intleachta saorga atá in ann ábhar sintéiseach a ghiniúint nó a ionramháil (lena n-áirítear domhainbhrionnuithe) ([16]).

(27) Níl feidhm ag Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga go sainráite maidir le samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha. Mar sin féin, má bhunaítear córas intleachta saorga idirghníomhaí nó giniúnaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 50(1) nó (2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ar shamhail intleachta saorga ilchuspóireach a sholáthraíonn an soláthraí céanna, d'fhéadfaí na bearta trédhearcachta a leagtar amach sna Treoirlínte seo a chur chun feidhme freisin ar leibhéal na samhla (féach freisin Roinn 4 thíos). Thairis sin, cé nach dtagann siad faoi raon feidhme Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, moltar freisin do sholáthraithe samhlacha eile intleachta saorga ilchuspóireacha agus do sholáthraithe samhlacha eile intleachta saorga giniúnaí bearta trédhearcachta iomchuí a chur chun feidhme ar leibhéal na samhla chun córais intleachta saorga idirghníomhaí a shainaithint agus chun ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a mharcáil. Tá sé sin tairbheach go háirithe chun comhlíonadh oibleagáidí atá ar sholáthraithe iartheachtacha córas intleachta saorga faoi Airteagal 50(1) agus (2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ([17]) a éascú agus chun rannchuidiú le muinín agus sláine an éiceachórais faisnéise a chaomhnú. I gcás samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha a bhfuil riosca sistéamach acu, féadfaidh bearta sábháilteachta ar leibhéal na samhla chun idirghníomhaíochtaí intleachta saorga a shainaithint agus chun ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a mharcáil, i gcás inarb iomchuí, a bheith mar chuid de shraith níos leithne beart maolaithe a fhéadfaidh soláthraithe a dhéanamh mar chuid dá n-oibleagáid rioscaí sistéamacha a mhaolú de bhun Airteagal 55(1)(b) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

3. **AIRTEAGAL 50(1) DEN GHNÍOMH UM AN INTLEACHT SHAORGA: TRÉDHEARCACHT LE HAGHAIDH CÓRAIS INTLEACHTA SAORGA IDIRGHNÍOMHAÍ**

(28) Tá Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga dírithe ar sholáthraithe córas intleachta saorga a idirghníomhaíonn go díreach le daoine nádúrtha, nach mór dóibh a gcórais a dhearadh agus a fhorbairt ar bhealach a gcuirfidh na daoine nádúrtha lena mbaineann ar an eolas go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga. Mar a mhínítear in Aithris 132 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, is é is cuspóir don oibleagáid faisnéise sin é a chur ar a gcumas do na daoine nádúrtha sin cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le haschuir an chórais, róspleáchas ar chórais den sórt sin a sheachaint, agus é a chur ar a gcumas do na daoine nádúrtha sin an mhuinín atá acu as an ábhar agus as na hidirghníomhaíochtaí a chalabrú dá réir sin.

([12]) Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le hAirteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, féach na Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le cleachtais thoirmiscthe intleachta saorga a bhunaítear le Rialachán (AE) 2024/1689 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga), C(2025) 5052 final.

([13]) Féach Airteagal 6 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

([14]) Go háirithe, le hAirteagal 26(11) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, forchuirtear oibleagáid trédhearcachta ar úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga ardriosca a dhéanann cinntí nó a thugann cúnamh maidir le cinntí a dhéanamh a bhaineann le daoine nádúrtha a chur ar an eolas go bhfuil siad faoi réir úsáid an chórais intleachta saorga ardriosca. Tá na hoibleagáidí trédhearcachta sin comhlántach leis na hoibleagáidí in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ós rud é go mbaineann siad le faisnéis éagsúil nach mór a sholáthar do dhaoine nádúrtha, ach is féidir iad a chomhcheangal i bhfógraí aonair.

([15]) Sainmhínítear le hAirteagal 3(66) córas intleachta saorga ilchuspóireach mar chóras intleachta saorga atá bunaithe ar shamhail intleachta saorga ilchuspóireach agus a bhfuil sé de chumas ann freastal ar chuspóirí éagsúla, bíodh sin mar úsáid dhíreach nó mar chomhtháthú i gcórais intleachta saorga eile araon.

([16]) Tá tagairt shainráite do chórais intleachta saorga ilchuspóireacha in Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

([17]) Aithris 133 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

3.1. Na príomh-chomhpháirteanna, na príomhchoincheapa agus na hoibleagáidí trédhearcachta gaolmhara

(29) Tá feidhm ag an oibleagáid trédhearcachta in Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le soláthraithe córas intleachta saorga i gcás ina bhfuil an córas ceaptha idirghníomhú go díreach le daoine nádúrtha agus nach dtagann an idirghníomhaíocht sin faoi aon cheann de na heisceachtaí seo a leanas: 1) tá sé follasach ó thaobh duine nádúrtha atá measartha eolasach, géarchúiseach agus cáiréiseach, nó 2) tá an córas údaraithe le dlí chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, ach amháin má tá an córas ar fáil don phobal chun cion coiriúil a thuairisciú.

3.1.1. *Córais intleachta saorga atá ceaptha idirghníomhú go díreach le daoine nádúrtha*

(30) Ní mór ceithre eilimint a bheith ann chun go dtiocfaidh córas faoi raon feidhme Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga: (i) ní mór an córas a bheith ina chóras intleachta saorga, (ii) atá ceaptha idirghníomhú, (iii) go díreach, (iv) le daoine nádúrtha.

(i) **Córas intleachta saorga**: Ní mór don chóras na heilimintí den sainmhíniú ([18]) ar an gcóras intleachta saorga a chomhlíonadh, lena n-eisiatar sásraí freagartha uathoibrithe simplí nach sásraí intleachta saorga iad (e.g. ríomhphoist thraidisiúnta as oifig, freagraí tapa riailbhunaithe ar theachtaireachtaí).

(ii) **Atá ceaptha idirghníomhú:** Ní mór an córas intleachta saorga a bheith ceaptha idirghníomhú le daoine nádúrtha. Is éard atá i gceist le hidirghníomhaíocht an cumas malartú déthreoch faisnéise nó gníomhaíochtaí a dhéanamh idir daoine nádúrtha agus an córas intleachta saorga d'fhíorchineál comhráiteach nó freagrúil. D'fhéadfadh foirmeacha éagsúla a bheith i gceist leis (e.g. foirmeacha éisteachta, amhairc agus fisiciúla). Ba cheart do dhaoine nádúrtha a bheith in ann ionchur (e.g. téacs scríofa nó cineálacha eile ábhair, gutha, nó gníomhaíochtaí fisiceacha) a sholáthar don chóras intleachta saorga (e.g. trí mhodhanna cumarsáide teicniúla lena n-áirítear comhéadain ar líne, fón nó ríomhphost, nó go díreach), agus ba cheart don chóras intleachta saorga a bheith in ann freagairt trí aschur comhthéacsúil (lena n-áirítear aon chineál ábhair nó gníomhaíochtaí) agus *vice versa*. Féadfar aon chineál aschuir nó formáide is féidir le daoine a bhrath agus a thuiscint a chumhdach leis an idirghníomhaíocht. Ní gá do dhuine é a thionscnamh; féadfar ábhar intleachta saorga nó gníomhaíochtaí a spreagann freagairt dhaonna a chumhdach leis freisin. D'fhéadfadh malartú aonuaire a bheith i gceist leis an idirghníomhaíocht (e.g. leid amháin agus freagra amháin ina dhiaidh sin) nó d'fhéadfadh sé tarlú i gcaitheamh tréimhse áirithe ama (seal iomadúil). Córais nach mbailíonn sonraí ach go héighníomhach agus nach bhfuil in ann dul i mbun malartú le daoine nádúrtha (e.g. rialuithe rochtana uathoibrithe aghaidh-aitheanta) nó nach mbailíonn ach aiseolas aonuaire (e.g. scagairí turscair), ní mheastar go n-idirghníomhaíonn siad le daoine nádúrtha.

(iii) **Idirghníomhaíocht dhíreach:** Ní mór an idirghníomhaíocht idir an córas intleachta saorga agus na daoine nádúrtha a bheith díreach. Baineann sé sin le hidirghníomhaíocht fíor-ama nó neas-fhíorama de ghnáth (lena n-áirítear trí chumais an chórais teachtaireachtaí a scríobh agus a sheoladh chuig daoine nádúrtha nó idirghníomhú ar bhealach eile leis an timpeallacht fhisiciúil nó fhíorúil ar féidir le daoine nádúrtha í a bhrath). Ní áirítear le hidirghníomhaíocht dhíreach idirghníomhaíocht dhaonna indíreach nó idirghabhála i gcás ina bhfuil duine nádúrtha neamhchosanta ar aschuir na hintleachta saorga gan idirghníomhú go díreach leis an gcóras (mar shampla, má úsáideann ionadaithe seirbhísí custaiméara uirlisí cúnaimh intleachta saorga chun cuidiú leo cumarsáid a dhéanamh le daoine nádúrtha nó mura bhfuil aschur na hintleachta saorga curtha ar fáil don duine ag an gcóras intleachta saorga féin, ach ag duine eile a scaipeann an t-ábhar). Mar sin féin, níor cheart úsáid a bhaint as an bhféidearthacht atá ag daoine idirghabháil nó athbhreithniú a dhéanamh ar aschuir an chórais intleachta saorga chun teacht timpeall ar chur i bhfeidhm an cheanglais maidir le nochtadh faoi Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Tagann cásanna táirgí agus seirbhísí lena ndéantar freagairtí a ghintear leis an intleacht shaorga a chumasc le hábhar arna choimeád ag daoine faoi raon feidhme Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus ceanglaítear na haschuir shonracha san idirghníomhaíocht a ghintear leis an intleacht shaorga a nochtadh, ach amháin má rinne daoine aschuir na hintleachta saorga sin a athbhreithniú agus a sheoladh go cuí mar phríomh-idirghabhálaithe leis na daoine nádúrtha.

(iv) **Le daoine nádúrtha:** Ceanglaítear le hAirteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga go n-idirghníomhaíonn an córas intleachta saorga le daoine nádúrtha. Féadfaidh na daoine sin a bheith ina n-úsáideoirí gairmiúla, ina n-úsáideoirí eile (agus an córas á úsáid acu freisin le haghaidh gníomhaíochtaí pearsanta amháin) nó ina ndaoine eile a úsáideann an córas thar a gceann. Córais intleachta saorga a oibríonn i dtimpeallacht fhisiceach dhúnta (amhail mar chuid de leagan amach innealra thionsclaíoch), glaonna cúil meaisín le meaisín idir córais intleachta saorga (lena n-áirítear gníomhairí intleachta saorga) nach bhfuil a n-aschuir beartaithe chun dul i dteagmháil le duine nádúrtha, nó timpeallachtaí fíorúla nach bhfuil aon teagmháil dhíreach acu le daoine nádúrtha, eisiatar ó raon feidhme na hoibleagáide iad.

([18]) Féach Airteagal 3(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Chun tuilleadh treoraíochta a fháil maidir le coincheap an chórais intleachta saorga, féach na Treoirlínte ón gCoimisiún maidir leis an sainmhíniú ar chóras intleachta saorga, 29.7.2025, C(2025) 5053 final.

(31) Cumhdaítear gníomhairí intleachta saorga le hAirteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga más féidir leo idirghníomhú leis na daoine a thugann treoir dóibh nó le daoine nádúrtha eile maidir leis na cúraimí a chur i gcrích (e.g. áirithintí a dhéanamh, comhfhreagras a bhainistiú, conarthaí a chaibidliú nó a thabhairt i gcrích, ceannacháin a dhéanamh, etc.). Ní mór gníomhairí intleachta saorga a dhearadh agus a fhorbairt ar bhealach a nochtann a gcineál saorga agus an duine a bhfuil siad ag gníomhú thar a cheann, i bhfianaise an ghá atá le trédhearcacht an tionscnaimh agus le tarmligean an údaráis agus le cuntasacht as iarmhairtí a ngníomhaíochtaí. Áirítear leis sin cásanna ina bhfuil gníomhairí intleachta saorga in ann idirghníomhú in ailtireachtaí casta ilghníomhaí le gníomhairí intleachta saorga eile a idirghníomhaíonn go díreach leis na daoine nádúrtha maidir leis na cúraimí a chur i gcrích. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh soláthraí an ghníomhaire intleachta saorga in ann cásanna aonair d'idirghníomhú díreach gníomhaire intleachta saorga le daoine nádúrtha eile a shainaithint roimh ré nuair a chuirfear an gníomhaire intleachta saorga in úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla. I gcás nach féidir leis an soláthraí a chinneadh go hiontaofa cé acu a idirghníomhóidh nó nach n-idirghníomhóidh an gníomhaire intleachta saorga go díreach le duine nádúrtha sula gcuirfidh sé an gníomhaire intleachta saorga ar an margadh nó i mbun seirbhíse é, ba cheart an gníomhaire a dhearadh ar an leibhéal ailtireachta, agus treoir a thabhairt dó é féin a nochtadh amhlaidh i ngach cás inar dócha le réasún go bhféadfaidh an gníomhaire idirghníomhú le duine nádúrtha (lena n-áirítear i gcás ina bhféadfaidh duine nádúrtha ionadaíocht a dhéanamh ar eintiteas dlítheanach nó gníomhú thar a cheann). Thairis sin, ba cheart do ghníomhairí intleachta saorga iad féin a nochtadh freisin, do na daoine a thugann treoir dóibh ag príomhchéimeanna (e.g. ag an bpointe údaraithe, tuairiscithe, bailíochtaithe etc., lena n-áirítear nuair a fhaigheann, a phróiseálann nó a bhraitheann an gníomhaire intleachta saorga atá curtha in úsáid ar aschuir a ghintear le córais intleachta saorga eile seachas aschuir a ghineann duine nádúrtha go díreach) agus ag gach idirghníomhaíocht nua.

Samplaí de chórais intleachta saorga atá ceaptha idirghníomhú go díreach le daoine nádúrtha a thagann faoi raon feidhme Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga:

— Glórchúntóirí atá cumasaithe ag intleacht shaorga, botaí comhrá/gníomhairí comhrá i gcomhthéacsanna éagsúla (e.g. an tseirbhís phoiblí, tacaíocht do chustaiméirí, bainistiú gearán, ríomhthráchtáil, airgeadas, cúram sláinte, oideachas etc.),

— Beolíne intleachta saorga le haghaidh teagmhas, calaoise nó tuairisciú eile, róbait/róbait chomhoibríocha (dhuiniúla), comrádaithe IS; peataí compánaigh róbatacha; Abhatáranna intleachta saorga (e.g. i dtimpeallachtaí réaltachta fíorúla),

— Botaí intleachta saorga ar líonraí sóisialta agus ar na meáin, gníomhairí códúcháin agus gníomhairí intleachta saorga eile atá in ann idirghníomhú go díreach le daoine nádúrtha (lena n-áirítear in ailtireachtaí casta ilghníomhaí).

3.2.1. **Samplaí de chórais intleachta saorga nach bhfuil ag idirghníomhú go díreach le daoine nádúrtha nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga:**

— Róbait thionsclaíocha thraidisiúnta atá cumasaithe ag intleacht shaorga a oibríonn i suíomh tionsclaíoch dúnta agus nach bhfuil ceaptha idirghníomhú le daoine (e.g. róbait chóimeála leictreonacha),

— Córais moltaí, scagairí turscair, uirlisí aistriúcháin nó tras-scríofa uathoibrithe atá cumasaithe ag intleacht shaorga,

— Cuardach agus aisghabháil faisnéise atá cumasaithe ag intleacht shaorga gan ábhar a ghiniúint ná a mhodhnú,

— Teicnící uathchríochnaithe téacs agus cóid atá cumasaithe ag intleacht shaorga, córais fíordheimhniúcháin/bhithmhéadrachta, córais tacaíochta cinntí cúil i gcás nach bhfeiceann an t-úsáideoir ach aschur na hintleachta saorga gan deis a bheith ann idirghníomhú go díreach leis an gcóras;

— Córais cothabhála tuarthaí agus optamaithe atá cumasaithe ag intleacht shaorga i monarchana agus i bhfeidhmeanna tionsclaíocha, léirshamhlú táirgí le cúnamh intleachta saorga (e.g. triail fhíorúil, eagrú seomra, rindreáil táirgí), uirlisí pleanála bealaigh aonuaire atá cumasaithe ag intleacht shaorga, tras-scríobh glaonna ó chustaiméirí a phróiseáiltear le haghaidh anailís ar iompraíocht etc.

3.1.2. *Oibleagáid faisnéise faoi Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga*

(32) Le hAirteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, cuirtear d'oibleagáid ar sholáthraithe córas intleachta saorga a idirghníomhaíonn go díreach le daoine nádúrtha a áirithiú go bhfuil a gcórais intleachta saorga (lena n-áirítear gníomhairí intleachta saorga agus córais intleachta saorga ilchuspóireacha) deartha agus forbartha ar bhealach a gcuirfidh na daoine nádúrtha lena mbaineann ar an eolas go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga.

(33) Ba cheart an sásra chun eolas a thabhairt a leabú i ndearadh agus forbairt an chórais agus sa chaoi a n-idirghníomhaíonn an córas leis na daoine nádúrtha, agus ba cheart fógra a thabhairt le linn oibriú an chórais intleachta saorga agus tráth na chéad idirghníomhaíochta leis an duine nádúrtha ar a dhéanaí (mar a cheanglaítear in Airteagal 50(5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, féach Roinn 7 thíos). Tá soláthraithe freagrach as a áirithiú, tar éis don chóras intleachta saorga a bheith curtha ar an margadh nó curtha i mbun seirbhíse, go gcuirfear daoine nádúrtha a idirghníomhaíonn leis an gcóras intleachta saorga ar an eolas go héifeachtach agus go comhsheasmhach ar feadh shaolré an chórais intleachta saorga, mar a chuireann an soláthraí sin ar an margadh nó i mbun seirbhíse é.2.2

(34) **Formáid an nochta:** Ní shonraítear aon teicníc nochta ar leith in Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Dá bhrí sin, is féidir le soláthraithe aon teicníc iomchuí a roghnú, fad is a chomhlíontar dhá cheanglas: (i) comhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 50(5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le faisnéis shoiléir inaitheanta a sholáthar ar a dhéanaí tráth na chéad idirghníomhaíochta (féach Roinn 7 thíos); agus (ii) cuirtear saintréithe daoine nádúrtha ar de ghrúpaí leochaileacha iad mar gheall ar a n-aois (e.g. leanaí nó daoine scothaosta) nó a míchumas san áireamh a mhéid atá an córas intleachta saorga ceaptha nó gur dócha le réasún go n-idirghníomhóidh sé le daoine nádúrtha ar de na grúpaí sin iad (e.g. lena n-áirítear nuair is dócha le réasún go n-idirghníomhóidh an córas intleachta saorga leis an bpobal i gcoitinne) ([19]). Ní mór an fhaisnéis a sholáthar freisin i bhformáid inrochtana do dhaoine nádúrtha faoi mhíchumas, mar a shonraítear in Airteagal 50(5) agus Aithris 132 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga (féach Roinn 7). I gcás ina bhféadfadh an córas idirghníomhú le leanaí, ní mór na fógraí sin a bheith oiriúnach do leanaí, oiriúnach ó thaobh aoise de, sothuigthe agus inrochtana go héasca do gach leanbh, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais bhreise inrochtaineachta acu. I gcás ina bhfuil siad ar fáil agus inarb iomchuí, moltar do sholáthraithe cleachtais agus lipéid chaighdeánaithe maidir le nochtadh a úsáid chun éifeachtacht agus comhsheasmhacht na bhfógraí agus feasacht fheabhsaithe úsáideoirí a áirithiú.

(35) **Bunábhar an fhógra:** Ceanglaítear le hAirteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ar sholáthraithe córas intleachta saorga idirghníomhaí iad a dhearadh agus a fhorbairt ar bhealach a chuireann gach duine nádúrtha a idirghníomhaíonn leis na córais intleachta saorga sin ar an eolas go sainráite faoi chineál saorga, neamhdhaonna an chontrapháirtí idirghníomhaigh. Má tá sé measartha intuartha don soláthraí go bhféadfaidh an córas intleachta saorga idirghníomhú le daoine nádúrtha ar de na grúpaí leochaileacha thuasluaite iad, ba cheart an fhaisnéis a oiriúnú dá réir agus a sholáthar i bhformáid inrochtana, mar a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais is infheidhme chun tuiscint iomlán na ndaoine nádúrtha sin a áirithiú freisin ([20]).

(36) Ba cheart faisnéis a sholáthar sna fógraí maidir le tionscnamh saorga na hidirghníomhaíochta ar bhealaí atá iomchuí don chomhthéacs ina dtarlaíonn an idirghníomhaíocht. Ba cheart é sin a dhéanamh ar bhealach a áirithíonn go gcuirtear na daoine lena mbaineann ar an eolas go cuí agus go héifeachtach, aon riosca a bhaineann le meabhlaireacht nó ionramháil roimh an idirghníomhaíocht agus lena linn a sheachaint, agus nochtaí indéanta agus comhréireacha á n-áirithiú. Is éard a áirítear sna samplaí den fhaisnéis a sholáthar fógraí i scríbhinn (e.g. bota comhrá a chuireann tús le comhrá trína lua go bhfuil sé bunaithe ar theicneolaíocht intleachta saorga), modhanna amhairc (e.g. ríomhphost a ghintear le gníomhaire intleachta saorga a sheoltar chuig duine nádúrtha ar a bhfuil lipéad intleachta saorga ar an mbarr), modhanna éisteachta (e.g. glórchúntóir a deir ag tús seisiúin go bhfuil sé bunaithe ar intleacht shaorga), nochtadh aitheantóirí intleachta saorga, agus dintiúr (e.g. gníomhairí intleachta saorga a nochtann a gcéannacht intleachta saorga a mhéid is féidir ar bhealach infhíoraithe) ([21]).

([19]) Féach Aithris 132 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Ní cheanglaítear leis sin go ndíreofar an córas ar na grúpaí leochaileacha sin. Má tá an córas ceaptha idirghníomhú le haon duine den phobal, áirítear daoine de na grúpaí leochaileacha ann freisin agus ba cheart do sholáthraithe iad a chur san áireamh agus na bearta fógra á gcur chun feidhme acu.

([20]) Féach Roinn 7.3 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme.

([21]) Mar shampla, le ríomhdhearbhuithe saintréithe mar a bhunaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus mar a chuirtear ar fáil iad sna Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití a bhunaítear faoin Rialachán céanna, chomh maith leis na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa atá beartaithe, is féidir modhanna slána éifeachtúla a sholáthar chun gníomhairí intleachta saorga a shainaithint. Is féidir leis na Tiachóga ríomhdhearbhuithe a stóráil agus a bhainistiú lena bhfíoraítear céannacht, saintréithe agus údaruithe an ghníomhaire intleachta saorga, rud a fhágann gur féidir nochtadh rianúil iontaofa a dhéanamh do dhaoine nádúrtha.

(37) **Formáid na bhfógraí**: Moltar dearadh an chórais intleachta saorga ag a bhfuil cineálacha cur chuige maidir le nochtadh ilmhódach agus inrochtana mar dhea-chleachtas. Féadfar teicnící éagsúla a chomhcheangal sna fógraí sin chun tuiscint na n-úsáideoirí a threisiú, i gcás inarb iomchuí agus ag brath ar an gcomhthéacs agus ar an bpobal meáin spriocdhírithe agus intuartha agus ar na hacmhainní atá ar fáil do na soláthraithe, go háirithe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna). D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh i samplaí de theicnící iomchuí:

— **Nochtadh téacsúil** (bunaithe ar Chomhéadan Úsáideora): Lipéid nó fógraí meirge feiceálacha i dteanga shoiléir (e.g. "Tá tú ag idirghníomhú le córas intleachta saorga") agus beannachtaí tosaigh i mbotaí comhrá a d'fhéadfaí a chomhcheangal, de réir mar is iomchuí, le suaitheantais nó lipéid mharthanacha atá infheicthe le linn na hidirghníomhaíochta ar bhealach atá comhréireach leis an gcomhthéacs sonrach agus leis na rioscaí sonracha. Thairis sin, moltar nochtaí a ghabhann leis a shuí gar don chomhéadan idirghníomhaíochta (e.g. gar don réimse ionchuir/aschuir) agus foclaíocht shimplithe a úsáid, go háirithe d'úsáideoirí a bhfuil litearthacht dhigiteach níos ísle acu agus do leanaí.

— **Nochtadh éisteachta:** I gcomhthéacsanna guthbhunaithe nó teileafónaíochta, ráitis labhartha shainráite ag tús na hidirghníomhaíochta (e.g. "Is cúntóir bunaithe ar intleacht shaorga é seo") comhcheangailte, de réir mar is iomchuí, le meabhrúcháin thréimhsiúla in idirghníomhaíochtaí níos faide, go háirithe i gcás bristeacha nó athrú ar ról an chórais intleachta saorga le linn aistear an úsáideora. D'fhéadfadh leideanna fuaime ar leith (e.g. toin nó *earcon*) tacú le haitheantas, go háirithe d'úsáideoirí faoi lagamharc, ach ní mheastar gur leor iad féin.

— **Leideanna amhairc/grafacha:** Dearadh an chórais intleachta saorga le deilbhíní marthanacha, comharthaí uisce, frámaí daite nó siombailí inaitheanta "IS" chun nochtaí téacsúla a chomhlánú. Moltar táscairí amhairc caighdeánaithe a úsáid, lena n-áirítear úsáid ar fud seirbhísí soláthraí, ós rud é gur féidir leis na táscairí sin an t-ualach cognaíoch a laghdú go mór agus inaitheantacht a mhéadú.

— **Meascán ilmhódacha:** Téacs, leideanna fuaime agus amhairc a chomhcheangal (e.g. bota comhrá ar a dtaispeántar lipéad, agus nochtadh téacsúil tosaigh á sholáthar) chun inrochtaineacht a áirithiú agus soiléireacht a threisiú ar fud grúpaí úsáideoirí éagsúla.

(38) Níl gá le teicnící áirithe agus, nuair a bhaintear úsáid astu féin, ní leor iad chun an oibleagáid trédhearcachta in Airteagal 50(1) agus (5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh go héifeachtach, go háirithe:

— Nochtaí nach bhfuil ach i dtéarmaí agus coinníollacha, URLanna, nó doiciméadacht (d'fhéadfadh nochtaí den sórt sin nochtadh i gcomhthéacs a chomhlánú, cé nach gcuirfí ina ionad iad);

— Marcálacha meaisín-inléite (e.g. meiteashonraí nó comharthaí uisce) nach féidir le húsáideoirí a bhrath ag an bpointe idirghníomhaíochta. Ní dhéanann sé sin difear d'oiriúnacht na marcanna sin chun Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh (féach Roinn 4);

— Comharthaí doiléire nó débhríocha (e.g. tagairtí cineálacha do "cúntóir") nó léirithe atá cosúil le daoine a d'fhéadfadh úsáideoirí a chur amú;

— Nochtaí ginearálaithe nach bhfuil sonrach go leor d'aschuir agus d'idirghníomhaíochtaí an chórais intleachta saorga (e.g. ar ardán a chuireann seirbhísí éagsúla nó ionchuir aonair éagsúla ar fáil, ní leor nochtadh ginearálta amhail "Úsáideann seirbhísí ar an suíomh gréasáin seo an intleacht shaorga");

— Tuairiscí teicniúla nó tuairiscí bunaithe ar chumas: ráitis nach dtagraíonn ach do bhunteicneolaíochtaí amháin (e.g. "úsáideann an córas seo samhlacha teanga móra") gan feidhm ná impleachtaí an chórais don úsáideoir agus a thionscnamh saorga a mhíniú.

(39) Ba cheart do nochtaí a bheith comhréireach agus calabraithe do chomhthéacsanna éagsúla agus do spriocphobail éagsúla meáin an chórais intleachta saorga chun leanúint de bheith éifeachtach, so-úsáidte agus chun cur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann ar an eispéireas úsáideoirí nó ar éifeachtaí gnásbhunaithe (ar a dtugtar "daille i leith meirgí") a sheachaint, a mhéid is féidir.

(40) Is dócha gur leor fógra aonair feiceálach roimh an gcéad idirghníomhaíocht de chuid an chórais intleachta saorga le duine nádúrtha ar leith i bhformhór na gcásanna chun an oibleagáid in Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh. Mar sin féin, i gcomhthéacsanna áirithe a bhfuil riosca níos mó ag baint leo, is dócha go mbeidh gá le meabhrúcháin thréimhsiúla agus nochtaí atá feasach ar an gcomhthéacs chun feasacht leanúnach na n-úsáideoirí a áirithiú. Is amhlaidh atá go háirithe i gcomhthéacs córais intleachta saorga a idirghníomhaíonn le daoine leochaileacha (e.g. leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus iad siúd a bhfuil litearthacht níos ísle acu), idirghníomhaíochtaí marthanacha agus athraitheacha i gcomhthéacsanna íogaire nó tumthacha (e.g. i gcás ina bhféadfadh úsáideoirí anacair mhothúchánach nó leochaileacht a léiriú nó a mhothú nó a bheith i mbaol iompraíochtaí atá cosúil le handúil), i gcás ina bhfuil baol méadaithe ann go gcuirfear úsáideoirí amú (e.g. comhairle airgeadais, árachas, cúnamh dlíthiúil, comhairle sláinte, agus láimhseáil gearán), nó gean mothúchánach nó spleáchais a fhorbairt (e.g. comrádaithe IS), agus i gcás inar gá feasacht agus rialú ar ghníomhaíochtaí gníomhairí intleachta saorga a áirithiú. Ní mór do sholáthraithe an córas intleachta saorga a dhearadh agus a fhorbairt freisin chun nochtadh a áirithiú sna cásanna uile ina bhfuil ceisteanna á gcur ar an gcóras intleachta saorga a bhaineann lena chineál nó le tionscnamh na hidirghníomhaíochta, nó i gcás inar féidir glacadh leis go réasúnta ó na malartuithe leis an duine nádúrtha gur dócha go gcuirfear an duine sin amú nó go gcuirfear mearbhall air faoi thionscnamh intleachta saorga na hidirghníomhaíochta.

3.2. **Eisceachtaí ar an oibleagáid faisnéise faoi Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga**

(41) Déantar foráil le hAirteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le dhá eisceacht ar an oibleagáid faisnéise maidir le córais intleachta saorga idirghníomhaí a ndéantar scrúdú orthu thíos.

3.2.1. *Eisceacht maidir le hidirghníomhaíocht shoiléir le córas intleachta saorga*

(42) Chun bheith in ann brath ar an gcéad eisceacht, beidh ar sholáthraithe léiriú agus measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas: i) cineál saorga soiléir na hidirghníomhaíochta le ii) duine nádúrtha nach mór a bheith measartha eolasach, géarchúiseach agus cáiréiseach, agus imthosca agus comhthéacs na húsáide á gcur san áireamh.

(43) Tá an caighdeán sin bunaithe ar dhlí seanbhunaithe an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí i ndáil leis an gcoincheap "gnáth-thomhaltóir" agus ba cheart é a léirmhíniú go comhsheasmhach, agus comhthéacsanna agus úsáidí sonracha agus éagsúla na gcóras intleachta saorga a idirghníomhaíonn go díreach le daoine nádúrtha agus na cuspóirí a shaothraítear le hAirteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga á gcur san áireamh.

(44) Tá dhá chéim i gceist le "gnáthdhuine" nádúrtha den sórt sin a cheapadh. Ar an gcéad dul síos, ba cheart do sholáthraithe breithniú a dhéanamh ar an pobal meáin a bhfuil an córas intleachta saorga ceaptha idirghníomhú leis agus gur dócha le réasún go n-idirghníomhóidh sé leis. Ar an dara dul síos, ba cheart don soláthraí scrúdú a dhéanamh ar cé chomh measartha eolasach, géarchúiseach agus cáiréiseach atá gnáthdhuine den phobal sin, agus imthosca agus comhthéacs na húsáide á gcur san áireamh. Ba cheart roinnt tosca a mheas agus an measúnú sin á dhéanamh:

— Ba cheart do sholáthraithe spriocphobal meáin an chórais intleachta saorga a mheas, chomh maith le pobal meáin féideartha níos leithne atá measartha intuartha. Beidh sé sin amhlaidh go háirithe más féidir leis an bpobal i gcoitinne rochtain éasca a fháil ar an gcóras intleachta saorga nó má tá an córas ag oibriú i spásanna poiblí fíorúla nó fisiciúla agus má tá sé in ann idirghníomhú le daoine nádúrtha atá sna spásanna sin. Ní hionann i gcónaí an pobal meáin a d'fhéadfadh a bheith neamhchosanta ar chóras intleachta saorga agus an spriocphobal meáin.

— Ba cheart do sholáthraithe comhdhéanamh éagsúil féideartha an phobail meáin spriocdhírithe agus measartha intuartha a mheas i gcomhréir le hAithris 132 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. I gcás inar dócha go mbeidh daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta nó mionaoisigh mar chuid den phobal meáin sin, beidh na leibhéil a mheastar maidir le faisnéis, géarchúis agus cáiréis gnáthdhuine den phobal meáin sin níos ísle i gcomparáid le gnáthdhuine den phobal meáin nach n-áirítear na catagóirí daoine sin ann. Os a choinne sin, mura bhfuil an córas intleachta saorga idirghníomhaí ar fáil ach do spriocphobal meáin gairmiúil nó speisialaithe, d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith aige sin ar na leibhéil a mheastar maidir le heolas, géarchúis agus cáiréis agus d'fhéadfaí a mheas go bhfuil gnáthdhuine den spriocphobal meáin sin níos eolasaí agus níos géarchúisí agus níos cáiréisí.

— Mar chuid de na himthosca níos leithne agus de chomhthéacs na húsáide, ba cheart do sholáthraithe leibhéal litearthachta digití agus litearthachta intleachta saorga an phobail meáin spriocdhírithe agus measartha intuartha a mheas chomh maith le tosca ábhartha sóisialta, cultúrtha agus teanga.

(45) **Soiléireacht**: Nuair a shuitear an duine nádúrtha hipitéiseach atá réasúnta eolasach, géarchúiseach agus cáiréiseach, ba cheart do sholáthraithe meastóireacht a dhéanamh ar cé acu a bheidh nó nach mbeidh sé soiléir don duine sin go bhfuil sé ag idirghníomhú go díreach le córas intleachta saorga. Ba cheart an eisceacht a léirmhíniú go sriantach ós rud é go mbaintear an chosaint agus an ceart de dhaoine nádúrtha iad a chur ar an eolas le nochtaí soiléire inaitheanta go bhfuil siad ag idirghníomhú le córais intleachta saorga. Ní thugann feasacht ghinearálta na dtomhaltóirí agus na ndaoine nádúrtha eile gurb ann do chórais intleachta saorga (lena n-áirítear botaí comhrá agus gníomhairí) le tuiscint go n-aithníonn siad iad in idirghníomhaíochtaí. D'fhéadfadh roinnt tosca a bheith ábhartha agus d'fhéadfaí iad a mheas mar chuid den mheasúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an idirghníomhaíocht soiléir:

— Cineál réamh-mheasta na hidirghníomhaíochta: I gcásanna ina n-idirghníomhaíonn an córas intleachta saorga go fisiceach le daoine nádúrtha, féadfar a áireamh sna gnéithe ábhartha infheictheacht na gcomhpháirteanna meicniúla (rud a mhéadódh an tsoiléireacht) nó a mhéid a dhéanann an córas intleachta saorga macasamhlú barántúil ar a choibhéis neamhshaorga (rud a laghdódh an tsoiléireacht). I gcás idirghníomhaíochtaí atá de chineál amhairc nó éisteachta, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag gnéithe amhail patrúin scríbhneoireachta nó cainte, tuin ghutha (guth róbait i gcomparáid le fíorghuth duine), dearadh comhéadain úsáideora (e.g. pictiúr próifíle a bhaineann le bota comhrá a thaispeánann duine), agus an cumas le haghaidh idirghníomhaíocht phearsantaithe ardfhorbartha ar an measúnú sin.

— Comhdhéanamh an phobail meáin spriocdhírithe agus intuartha: Mura bhfuil an córas intleachta saorga idirghníomhaí ar fáil ach do phobal meáin gairmiúil nó speisialaithe, gan neamhchosaint fhéideartha a bheith ag baint leis do ghrúpaí leochaileacha, d'fhéadfadh sé sin soiléireacht fhéideartha chineál saorga na hidirghníomhaíochta a mhéadú do ghnáthdhuine den phobal meáin ar leith. Os a choinne sin, más rud é go bhféadfadh rochtain a bheith ag an bpobal i gcoitinne nó ag tomhaltóirí ar an gcóras intleachta saorga, lena n-áirítear daoine leochaileacha freisin (e.g. leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas cognaíoch, fisiceach nó meabhrach, nó daoine a bhfuil litearthacht intleachta saorga níos ísle acu) nach bhfuil an idirghníomhaíocht chomh soiléir céanna dóibh, ní féidir brath ar an eisceacht chun na húsáideoirí leochaileacha sin a chosaint go héifeachtúil.

— Ba cheart a chur san áireamh freisin go bhfuil sé ag éirí níos deacra do dhaoine nádúrtha fios a bheith acu an bhfuil idirghníomhaíocht á déanamh le córas intleachta saorga nó le duine iarbhír. Mar gheall ar úsáid abhatáranna agus gníomhairí, anaithnideacht ghinearálta idirghníomhaíochtaí ar líne, agus cumais na gcóras intleachta saorga scríobh agus idirghníomhú ar bhealach atá cosúil le daoine, ba cheart an eisceacht "soiléireacht" a bheith teoranta do chásanna nach bhfuil aon amhras ann, beagnach, maidir le cineál na hidirghníomhaíochta do ghnáthdhuine ón bpobal meáin spriocdhírithe agus measartha intuartha.

Samplaí de shoiléireacht nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid trédhearcachta faoi Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir leo:

— Cúnamh cód agus botaí comhrá athbhreithnithe cód atá bunaithe ar intleacht shaorga nach bhfuil ar fáil ach d'fhorbróirí gairmiúla nach bhfuil aon choinne réasúnach acu, de bhua a saineolais agus chomhthéacs na húsáide, idirghníomhú le duine agus ar féidir leo a aithint go héasca go ngintear moltaí le córas intleachta saorga.

— Cúntóir inmheánach atá dírithe ar fhostaithe do bhaill foirne atá oilte go cuí agus a bhfuil litearthacht intleachta saorga acu agus a bhfuil a fhios acu go bhfuil córais intleachta saorga á n-úsáid acu chun críoch eagraíochtúil inmheánach (e.g. acmhainní daonna, dlí, soláthar, comhlíonadh nó tacaíocht TF).

— Córais intleachta saorga idirghníomhaí nach bhfuil beartaithe lena n-úsáid ach ag gairmithe sláinte atá oilte go cuí chun tacú le diagnóis leighis agus chun cóireálacha gaolmhara a mholadh.

— Intleachta shaorga chomhthimpeallach atá leabaithe i bhfearais tí ag a bhfuil feidhmiúlachtaí atá srianta don chúnamh agus oibriú fearas tí.

— Idirghníomhaíochtaí le Carachtar Neamh-inimeartha atá cumasaithe ag intleacht shaorga i bhfíschluiche aon-imreora inar léir ó chineál an fhíschluiche nach féidir le haon duine nádúrtha eile páirt a ghlacadh ann ná idirghníomhú leis an úsáideoir agus ina bhfuil cineál intleachta saorga na hidirghníomhaíochta soiléir freisin do na húsáideoirí uile (lena n-áirítear daoine leochaileacha).

Samplaí nach gcomhlíonann an eisceacht maidir le soiléireacht agus a bhfuil feidhm ag an oibleagáid trédhearcachta faoi Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir leo:

— Peata compánaigh róbatach atá bunaithe ar intleacht shaorga, a bhfuil an chuma air go bhfuil sé an-chosúil lena choibhéis nádúrtha agus atá deartha chun aithris a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht thipiciúil idir duine agus peata, rud a chruthaíonn débhríocht maidir le cé acu a dhéantar nó nach ndéantar idirghníomhaíocht le córas intleachta saorga.

— Córais intleachta saorga atá leabaithe i dtimpeallachtaí tumthacha (e.g. réaltacht fhíorúil nó bhreisithe) ina n-úsáidtear abhatáranna réalaíocha nó guthanna atá cosúil le daoine, i gcás ina bhféadfadh sé nach mbeadh úsáideoirí agus go háirithe leanaí, daoine scothaosta, nó daoine faoi mhíchumas in ann idirdhealú a dhéanamh go héasca idir idirghníomhaíocht dhaonna agus idirghníomhaíocht intleachta saorga.

— Botaí comhrá na hintleachta saorga atá leabaithe in ardáin ar líne nó in uirlisí tacaíochta cúnaimh (deasca cabhrach) trína n-idirghníomhaíonn úsáideoirí go díreach le haschuir na hintleachta saorga agus trína bhfaigheann siad iad (e.g. freagraí ar fhiosrúcháin nó ábhar eile a ghintear leis an intleacht shaorga) a d'fhéadfaidís a mheas mar ábhar a ghineann duine.

3.2.2. *Eisceacht maidir le córais intleachta saorga atá údaraithe le dlí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí*

(46) Tá soláthraithe córas intleachta saorga idirghníomhaí díolmhaithe ón oibleagáid trédhearcachta faoi Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga má tá siad údaraithe le dlí chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, faoi réir coimircí iomchuí maidir le cearta agus saoirsí tríú páirtithe.

(47) Tuigfear go gcuimsíonn "údaraithe le dlí" dlí an Aontais, chomh maith le dlí náisiúnta na mBallstát arna ghlacadh i gcomhréir le dlí an Aontais. Ní mór cuspóirí agus imthosca na húsáide ceadaithe a shonrú go soiléir sa dlí lena n-údaraítear úsáid an chórais intleachta saorga agus foráil a dhéanamh maidir le coimircí iomchuí chun cearta agus saoirsí tríú páirtithe a chosaint. I bhfianaise cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de chuid an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, ní gá córais intleachta saorga shonracha a shainaithint ná a údarú leis an dlí i gcás ina bhfuil úsáid an chórais intleachta saorga beartaithe go ginearálta laistigh de raon feidhme na gníomhaíochta atá údaraithe go dlíthiúil agus ina gcomhlíonann sí an creat dlíthiúil is infheidhme.

(48) Chun teacht faoin eisceacht sin, ní mór é a bheith de chuspóir ag an gcóras intleachta saorga cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh (e.g. gníomhaire intleachta saorga faoi cheilt, córais intleachta saorga a úsáidtear faoi rialú daonna imscrúdaitheoirí le haghaidh imscrúduithe ar líne nó cumarsáid le daoine a d'fhéadfadh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí coiriúla). Níl an eisceacht teoranta d'úsáid na gcóras intleachta saorga sin ag údaráis forfheidhmithe dlí amháin mar a shainmhínítear in Airteagal 3(48) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ach féadfar a chumhdach léi freisin córais intleachta saorga idirghníomhaí (nó giniúnaí) a úsáideann údaráis phoiblí eile de chuid an Aontais nó údaráis phoiblí náisiúnta eile, ar choinníoll go bhfuil a n-úsáid údaraithe le dlí chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus faoi réir coimircí iomchuí chun cearta agus saoirsí tríú páirtithe a chosaint. Ní cheanglaítear leis an díolúine go bhfuil an córas intleachta saorga in ann na himscrúduithe a dhéanamh go neamhspleách. Más féidir córas ar leith a úsáid chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus chun críoch gnáthchuspóirí eile chomh maith, ba cheart measúnú a dhéanamh ar infheidhmeacht na díolúine i bhfianaise cur in úsáid ar leith. Beidh feidhm ag oibleagáidí trédhearcachta fós i gcás ina n-úsáidtear an córas intleachta saorga céanna chun críoch eile seachas cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, rud atá údaraithe go dlíthiúil. Is gá trédhearcacht a chur ar fáil fós do dhaoine nádúrtha agus iad ag idirghníomhú leis an gcóras i gcomhthéacs a ghnáthchuspóirí.

(49) Níl feidhm ag an eisceacht más rud é (i) go bhfuil an córas intleachta saorga ar fáil don phobal, agus (ii) go gcuireann an córas feidhmiúlacht ar fáil do dhaoine aonair chun cionta coiriúla a thuairisciú. Féadfar na córais sin a úsáid, ach beidh siad fós faoi réir na hoibleagáide trédhearcachta faoi Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ionas nach mór daoine nádúrtha a chur ar an eolas go bhfuil siad ag idirghníomhú leis na córais sin.

Ar mhaithe le soiléireacht níos fearr, ní bhaineann an eisceacht sin ach leis an oibleagáid faoi Airteagal 50(1) daoine nádúrtha a chur ar an eolas go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga ([22]). Tá sé gan dochar do dhlí an Aontais agus dlí náisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear rialacha nós imeachta a bhaineann le doiciméadacht, nochtadh, inghlacthacht agus measúnú fianaise.

([22]) Tá feidhm aige sin freisin maidir leis na heisceachtaí comhchosúla ar mhaithe le gníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí dá bhforáiltear in Airteagal 50 (2)- (4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

Samplaí de chórais intleachta saorga a chuirtear ar fáil don phobal chun cionta coiriúla a thuairisciú agus nach bhfuil díolmhaithe agus a thagann faoi raon feidhme Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga:

— Botaí comhrá póilíneachta atá cumasaithe ag intleacht shaorga arna gcur in úsáid ar shuíomhanna gréasáin oifigiúla póilíneachta nó ar fheidhmchláir mhóibíleacha lenar féidir le daoine aonair cionta coiriúla nó gearáin a thuairisciú. Treoraíonn na córais sin úsáideoirí trí cheisteanna struchtúrtha, bailíonn siad faisnéis ábhartha, agus triáiseálann siad tuarascálacha sula gcuirtear ar aghaidh chuig oifigigh dhaonna iad lena measúnú.

— · Beolínte teileafóin atá bunaithe ar intleacht shaorga arna n-oibriú ag na póilíní nó ag údarás eile forfheidhmithe dlí le haghaidh fiosrúcháin phoiblí ghinearálta.

— Beolínte tuairiscithe calaoise le cúnamh intleachta saorga nó tairseacha digiteacha arna n-oibriú ag institiúidí airgeadais nó ag údaráis phoiblí, inar féidir le húsáideoirí coireanna airgeadais amhrasta a thuairisciú. Idirghníomhaíonn an córas intleachta saorga leis an úsáideoir chun mionsonraí a bhailiú, an tuarascáil a chatagóiriú, agus cásanna a chur in ord tosaíochta, agus bailíochtaíonn imscrúdaitheoirí daonna an fhaisnéis sula ndéantar aon ghníomhaíocht.

— Cúntóirí fíorúla a úsáidtear chun fianaise ó fhinné a bhailiú, inar féidir le híospartaigh nó finnéithe faisnéis a chur isteach trí chomhéadan faoi thiomáint IS. D'fhéadfadh na córais intleachta saorga sin tacú le hionchur ilteangach, gnéithe inrochtaineachta, agus fianaise a chur isteach go struchtúrtha, ach fanann an measúnú deiridh agus na céimeanna imscrúdaitheacha ag na húdaráis dhaonna.

3.3. **Idirghníomhú le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais**

(50) Tá feidhm ag an oibleagáid trédhearcachta faoi Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gan dochar do reachtaíocht an Aontais atá ann cheana maidir le cosaint tomhaltóirí, cosaint sonraí, neamh-idirdhealú nó reachtaíocht dhigiteach a bhféadfadh nochtaí faisnéise eile a éileamh ina leith nach mbaineann go sonrach le tionscnamh intleachta saorga na hidirghníomhaíochta. Go háirithe, faoi Threoir 2005/29/CE (an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha) ([23]), toirmisctear gníomhartha nó neamhghníomhartha míthreoracha maidir le príomh-shaintréithe táirge nó seirbhíse. Thairis sin, ceanglaítear le Treoir 2011/83/CE (an "Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí") ([24]) ar thrádálaithe faisnéis réamhchonarthach shoiléir agus intuigthe a sholáthar maidir le príomh-shaintréithe na n-earraí nó na seirbhísí. I gcás ina bhfuil seirbhís faoi thiomáint IS (amhail bota comhrá bunaithe ar shíntiús, feidhmchlár comrádaí IS, nó seirbhís cóitseála fíorúla), d'fhéadfadh an fheidhmiúlacht intleachta saorga a bheith incháilithe mar shaintréith fhíor-riachtanach nach mór a nochtadh sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal conartha. Tá feidhm ag na hoibleagáidí faisnéise faoi dhlí an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí gan beann ar cé acu a mheastar nó nach meastar go bhfuil an idirghníomhaíocht "soiléir" faoi Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Tá na hoibleagáidí sin comhlántach freisin le hoibleagáidí faisnéise ginearálta maidir le cosaint tomhaltóirí, cé go bhfuil an oibleagáid maidir le fógra faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga níos comhthéacsúla agus is é is aidhm di feasacht leanúnach na ndaoine nádúrtha uile a áirithiú maidir le hidirghníomhú díreach le córas intleachta saorga ar a laghad sula dtosaíonn an idirghníomhaíocht agus lena linn.

(51) Áirítear in GSD freisin ceanglais trédhearcachta maidir le córais moltaí na n-ardán ar líne, lena n-áirítear ceanglas chun na príomhpharaiméadair rangaithe a mhíniú. Tá na hoibleagáidí sin comhlántach leis na hoibleagáidí trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ós rud é go bhfuil raon feidhme agus cuspóir éagsúil acu agus go mbaineann siad le córais nach n-idirghníomhaíonn go díreach, i bprionsabal, le húsáideoirí de réir bhrí Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

(52) A mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí faisnéise i leith ábhair sonraí faoi dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, comhlíonann an oibleagáid in Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga cuspóir atá éagsúil leis na hoibleagáidí sin agus, dá réir sin, ní dhéanann sí difear do na hoibleagáidí faisnéise sin.

([23]) Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach (IO L 149, 11.6.2005, lch. 2).

([24]) Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).

(53) Ar an gcaoi chéanna, tá feidhm ag an oibleagáid trédhearcachta faoi Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gan dochar do dhlí an Aontais agus dlí náisiúnta a bhaineann le faisnéis a sholáthar do dhaoine i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla (e.g. Treoir 2012/13/AE nó Treoir 2012/29/AE, arna leasú le Treoir (AE) 2026/1472) ([25]).

4. AIRTEAGAL 50(2) DEN GHNÍOMH UM AN INTLEACHT SHAORGA: ÁBHAR A GHINTEAR NÓ A IONRAMHÁILTEAR LEIS AN INTLEACHT SHAORGA A MHARCÁIL AGUS A BHRATH

(54) Le hAirteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ceanglaítear ar sholáthraithe córas intleachta saorga a ghineann ábhar sintéiseach réitigh theicniúla a chur chun feidhme a chomhlíonann ceanglais cháilíochta áirithe maidir le marcáil agus brath meaisín-inléite aschuir a gcóras intleachta saorga. Is é an cuspóir atá ann é a chur ar a gcumas do dhaoine nádúrtha idirdhealú a dhéanamh idir ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga agus ábhar eile (mar shampla, ábhar arna chruthú ag daoine) agus a thionscnamh a fhíorú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú freisin le sláine mhéadaithe an éiceachórais faisnéise agus muinín mhéadaithe as an éiceachóras faisnéise.

(55) Dá bhrí sin, is iad tairbhithe na hoibleagáide trédhearcachta sin na daoine nádúrtha uile ar dócha go mbeidh siad neamhchosanta ar ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga, chomh maith le príomhghníomhaithe a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le muinín agus sláine an éiceachórais faisnéise, amhail údaráis inniúla um fhaireachas margaidh agus údaráis inniúla eile, taighdeoirí neamhspleácha, eagraíochtaí sochaí sibhialta, na meáin, comharthóirí iontaofa, cosantóirí na gceart bunúsach, soláthraithe ardán ar líne agus inneall cuardaigh ar líne, sealbhóirí cirt agus cruthaitheoirí agus dáileoirí ábhair eile etc.

4.1. Príomh-chomhpháirteanna agus príomhchoincheapa Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga

(56) Tá feidhm ag Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga má chomhlíontar roinnt coinníollacha carnacha:

(i) Ní mór don chóras cáiliú mar chóras intleachta saorga;

(ii) Ní mór don chóras intleachta saorga a bheith in ann ábhar sintéiseach a ghiniúint nó a ionramháil;

(iii) Ní mór an t-ábhar a bheith i gceann amháin nó níos mó de na módúlachtaí seo a leanas: fuaim, íomhá, físeán nó téacs;

(iv) Níor cheart don chóras intleachta saorga teacht faoi aon cheann de na heisceachtaí seo a leanas: (1) déanann an córas intleachta saorga feidhm chúnta le haghaidh eagarthóireacht chaighdeánach; (2) ní dhéanann an córas intleachta saorga athrú substaintiúil ar na sonraí ionchuir arna soláthar ag an úsáideoir gairmiúil ná ar shéimeantaic na sonraí sin; nó (3) má tá an córas intleachta saorga údaraithe le dlí chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

4.1.1. *Córais intleachta saorga lena ngintear nó lena n-ionramháiltear ábhar sintéiseach*

(57) Tá feidhm ag Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le córais intleachta saorga ([26]), lena n-áirítear córais intleachta saorga ilchuspóireacha, lena ngintear ábhar sintéiseach fuaime, íomhá, físe nó téacs. Cumhdaítear le hAirteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga fothacar córas a chomhlíonann an sainmhíniú ar chóras intleachta saorga in Airteagal 3(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus a ghineann aschuir den sórt sin. Cumhdaítear le hAirteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga freisin córais intleachta saorga a úsáidtear chun ábhar a ionramháil.

(58) Tagraíonn giniúint ábhair do ghiniúint ábhair shintéisigh ag an gcóras intleachta saorga (e.g. bunaithe ar leid dhaonna), amhail íomhá shintéiseach nó amhrán sintéiseach a ghiniúint. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh feidhm a bheith ag Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le córais intleachta saorga giniúnaí atá deartha chun aschuir shonracha a tháirgeadh agus chun na críche sin amháin. An tráth céanna, tá feidhm ag Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga freisin maidir le córais intleachta saorga a d'fhéadfadh freastal ar ilchuspóirí, lena n-áirítear córais intleachta saorga ilchuspóireacha, agus ar féidir leo cineálacha éagsúla ábhair a tháirgeadh, chomh maith le córais intleachta saorga ghníomhaí, fad a ghineann siad ábhar sintéiseach fuaime, íomhá, físe nó téacs.

([25]) Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1); Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartaigh na coireachta, tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a chosaint (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

([26]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

(59) Os a choinne sin, tagraíonn ionramháil ábhair d'ábhar atá ann cheana (bíodh sé sintéiseach nó ná bíodh) a athraítear le córas intleachta saorga (e.g. íomhá nó taifeadadh gutha atá ann cheana a ionramháiltear le córas intleachta saorga i gcomhréir le treoracha daonna). Chun go dtiocfaidh ábhar faoi Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, is leor é a ghiniúint nó a ionramháil thar eagarthóireacht chaighdeánach faoi na heisceachtaí a leagtar amach in Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga (féach Roinn 4.3). Ina theannta sin, ní cheanglaítear le hAirteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga go ngintear nó go n-ionramháiltear an t-ábhar leis an intleacht shaorga amháin. Tá ábhar a mheasctar le hábhar arna chruthú ag duine incháilithe mar ábhar sintéiseach freisin, má ionramháiltear nó má ghintear é i gceann de na módúlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

4.1.2. *Módúlachtaí an ábhair shintéisigh sa raon feidhme*

(60) Le hAirteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, soláthraítear liosta uileghabhálach de mhódúlachtaí an ábhair shintéisigh a chumhdaítear leis an oibleagáid trédhearcachta: fuaim, íomhá, físeán nó téacs. Áirítear leis sin freisin ábhar ilmhódach, is é sin, ábhar atá comhdhéanta de mheascán na módúlachtaí sin. Chun críoch Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, tá na módúlachtaí éagsúla le léirmhíniú i gcomhréir le forbairtí praiticiúla agus teicneolaíocha a d'fhéadfadh teacht chun cinn le himeacht ama. Ba cheart iad a thuiscint faoi láthair mar a leanas:

— Tagraíonn téacs d'ábhar siombalach scoite atá comhdhéanta de charachtair, nó d'uimhreacha atá leagtha amach i seicheamh ar leith, ar féidir le daoine iad a léamh agus a léirmhíniú go séimeantach.

— Tagraíonn íomhánna do léirithe spásúla stataca lena n-ionchódaítear faisnéis amhairc ar féidir le daoine í a fheiceáil.

— Tagraíonn fuaim do chomhartha ionchódaithe fuaime a athraíonn ó thaobh ama de ar féidir é a bhrath trí éisteacht ag daoine. D'fhéadfadh sé go gcumhdódh sé sin comharthaí urlabhra, ceoil uirlise nó fuaime eile.

— Tagraíonn físeán do sheicheamh ambhunaithe íomhánna, a fhéadfar a shioncrónú le fuaim, ar féidir le daoine é a fheiceáil. Sa chás sin, ní mór ábhar físe agus fuaime araon a mharcáil agus ní mór inbhraiteacht a áirithiú, mar a leagtar amach thíos.

(61) Córais intleachta saorga lena ngintear nó lena n-ionramháiltear íomhánna 3T, físeáin 3T agus fuaim 3T, chomh maith le réaltacht fhíorúil, bhreisithe nó mheasctha, tagann siad faoi raon feidhme Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Cumhdaítear le "réaltacht fhíorúil" teicneolaíochtaí intleachta saorga a chuireann ar a gcumas d'úsáideoirí taithí a fháil ar thimpeallacht a ghintear le ríomhaire agus ina n-ionsamhlaítear láithreacht fhisiciúil agus inar féidir le húsáideoirí idirghníomhaíocht fíor-ama a dhéanamh leis an timpeallacht sin agus idirghníomhú léi. Ós rud é go bhfuil an réaltacht fhíorúil agus bhreisithe comhdhéanta de sheicheamh ambhunaithe íomhánna, atá sioncrónaithe go roghnach le fuaim, a léiríonn athrú amhairc le himeacht ama, is féidir é a mheas mar ábhar "físeáin". Is é an "t-aschur" ábhartha atá le marcáil foirm dheiridh na sócmhainne aonair a ghintear leis an intleacht shaorga cé is moite d'eisceachtaí speisialta le haghaidh na seisiún idirghníomhach gearrshaolach fíor-ama faoi phointe 88 thíos. Déantáin dhigiteacha a úsáidtear chun íomhánna 3T, físeáin 3T agus ábhar fuaime 3T a ghiniúint amhail néalpointí, ní cheanglaítear mogalra 3T a mharcáil.

(62) Tagann leathchúplaí digiteacha lena soláthraítear macasamhail fhíorúil de dhaoine, de réada fisiceacha nó de chórais, lena gcomhtháthaítear cineálacha éagsúla sonraí, faoi raon feidhme Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga freisin, má ghintear nó má ionramháiltear iad leis an intleacht shaorga agus más i bhfoirm fuaime, íomhá, físe nó téacs atá siad, ach amháin má thagann siad faoi na heisceachtaí agus go gcáilíonn siad mar "feidhmeanna tionsclaíocha" nó mar "feidhmeanna gnólacht le gnólacht" faoi phointe 87 thíos nó mar ábhar gearrshaolach fíor-ama faoi phointe 88 thíos.

(63) Féadfaidh feidhm a bheith ag Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga freisin maidir le gníomhairí intleachta saorga má dhéanann an gníomhaire intleachta saorga gníomhaíocht, a ngintear nó a n-ionramháiltear a haschur leis an intleacht shaorga agus ar féidir le daoine nádúrtha é a bhrath i bhfoirm fuaime, íomhá, físeáin nó téacs. Dá bhrí sin, ní mór na haschuir sin a mharcáil agus a bhrath mar a thugtar tuairisc air thíos. Os a choinne sin, aon ghníomhaíocht a dhéanann gníomhaire intleachta saorga nach n-áirítear inti ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga (e.g. céimeanna próiseála idirmheánacha amhail réasúnaíocht agus sraith smaointe), nó gníomhaíocht a ghintear leis an intleacht shaorga nach bhfuil beartaithe lena brath ag daoine nádúrtha go díreach (e.g. iarraidh ghréasáin nó gníomhaíocht brabhsálaí), ní cháilíonn sí mar ábhar sintéiseach faoi raon feidhme Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus ní gá di na hoibleagáidí marcála agus braite a chomhlíonadh.

4.1.3. *Ábhar nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga*

(64) Ábhar a ghineann córas intleachta saorga bunaithe ar phróiseáil shimplí sonraí, ar ábhar é nach ngintear ná nach n-ionramháiltear go sonrach leis an intleacht shaorga, mar shampla fráma rindreáilte, ní thagann sé faoi raon feidhme Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

(65) Thairis sin, aschur córais intleachta saorga nach ndéanann ach ábhar atá ann cheana a atáirgeadh nó lena gcumasaítear ábhar atá ann cheana a chur i láthair nó a shocrú, ní chumhdaítear é le hAirteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, e.g. i gcás seinnliostaí ceoil nó córais moltaí eile nach roghnaíonn nó nach rangaíonn ach ábhar atá ann cheana ar bhonn roghanna nó gníomhaíocht úsáideora, gan aon ábhar nua a chruthú ná an t-ábhar féin a ionramháil. Is amhlaidh atá i gcás córais intleachta saorga a úsáidtear i bpróisis anailíseacha inmheánacha lena n-asbhaintear agus leagtar amach sonraí, ach nach ndéantar achoimre orthu.

(66) Is amhlaidh atá i gcás ionchur agus aschur córais intleachta saorga nach bhfuil iontu ach breathnóireachtaí agus taifeadtaí ar shonraí ó thimpeallachtaí fisiciúla nó fíorúla, nach ngintear ná nach n-ionramháiltear leis an intleacht shaorga (e.g. róbait nó braiteoirí eile atá cumasaithe ag intleacht shaorga) nó tarchuir sonraí ag córais intleachta saorga gan aon athrú. Cumhdaítear leis sin ionchuir agus aschuir éagsúla córas intleachta saorga, go háirithe i suíomhanna tionsclaíocha amhail sonraí monaraíochta le haghaidh róbait a bhreathnaíonn sonraí; tomhaltas a thaifeadtar le méadair chliste atá cumasaithe ag intleacht shaorga, minicíocht eangaí agus tomhais voltais; agus sonraí suímh GPS ó fheithiclí, etc. a thaifeadadh.

(67) Thairis sin, ós rud é gurb é cuspóir na hoibleagáide trédhearcachta in Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga é a chur ar a gcumas do dhaoine idirdhealú a dhéanamh idir ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le meabhlaireacht agus ionramháil agus chun sláine an éiceachórais faisnéise agus muinín as an éiceachóras faisnéise a áirithiú, ní dhírítear leis an bhforáil seo ar aon ábhar nach bhfuil baint aige leis an gcuspóir sin, agus nach bhfuil inbhraite nó nach bhfuil sé beartaithe go ndéanann daoine nádúrtha é a léirmhíniú, a fhíorú ná gníomhú ina leith.

(68) Go háirithe, ba cheart a mheas nach dtagann an t-ábhar seo a leanas faoi raon feidhme Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga:

— Aschuir a ghintear i bhfoirm seicheamh gearr uimhreacha, siombailí nó litreacha (e.g. focail aonair, fotheidil íomhánna, téacs malartach, lipéid comhéadain úsáideora agus grafaicí scála íocóin, fotheidil íomhánna agus lipéid sonraí eile);

— Cód foinseach a thuigtear mar ábhar atá scríofa i dteanga ríomhchlárúcháin, scriptithe, mharcála, fiosraithe nó cumraíochta a bhfuil sé beartaithe le córas ríomhaireachta é a léirmhíniú, a thiomsú nó a chur i gcrích, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil sé comhdhéanta de charachtair téacs. D'fhéadfaí a áireamh leis sin freisin barúlacha teanga nádúrtha agus faisnéis chomhthéacsúil atá ina gcuid dhílis den chód foinseach. Ar an gcaoi chéanna, eisiatar Fearais Forbartha Bogearraí (SDKanna), Teanga Fiosrúcháin Struchtúrtha (SQL), infrastructure-as-Code agus "YAML Ain't Markup Language" (YAML), Nodaireacht Oibiachtaí JavaScript (JSON), scéimrí cumraíochta, scripteanna, sonraíochtaí meaisín-inléite, Comhéadain Feidhmchláir (APInna agus leabharlanna bogearraí);

— Aschuir córais intleachta saorga atá beartaithe lena gcur in iúl go heisiach ó mheaisín go meaisín agus lena bpróiseáil go huathoibríoch gan aon nochtadh do dhaoine, mar shampla cumarsáid ó ghníomhaire go gníomhaire, comharthaí frithurscair, fad is nach mbraitheann daoine nádúrtha é;

— Aschuir nach n-úsáidtear ach i dtimpeallachtaí lúbiata i sreafaí oibre tionsclaíocha agus forbartha táirgí (mar shampla le haghaidh táirgeadh scannán, beochana, cluichí nó fógraíochta), ach amháin más aschur deiridh an chórais intleachta saorga iad i bhfoirm ábhar téacs, fuaime, íomhá nó físe a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga. Sna cásanna sin, ní gá ach an t-aschur deiridh ó chéimeanna sreafa oibre a mharcáil agus a bhrath.

4.2. **Oibleagáidí marcála agus braite Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga**

(69) Leagtar amach le hAirteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga oibleagáid trédhearcachta atá ar sholáthraithe córas intleachta saorga giniúnaí a thagann faoi raon feidhme na forála sin ina bhfuil dhá ghné ar leith, ach atá idirnasctha go bunúsach. Ar an gcéad dul síos, ní mór do sholáthraithe a áirithiú go ndéanfar aschuir an chórais intleachta saorga a mharcáil i bhformáid mheaisín-inléite. Ar an dara dul síos, ní mór do sholáthraithe a áirithiú go mbeidh na haschuir inbhraite mar ábhar a gineadh nó a ionramháladh go saorga. Maidir le gach réiteach marcála a cuireadh in úsáid, ba cheart do sholáthraithe a áirithiú go mbeidh modhanna comhfhreagracha braite ar fáil (mar a leagtar amach thíos) chun é a chur ar a gcumas do dhaoine nádúrtha atá neamhchosanta ar an ábhar agus do ghníomhaithe ábhartha eile ábhar an chórais intleachta saorga a ghintear go saorga a shainaithint agus a idirdhealú ó ábhar eile. Tuigfear réiteach teicniúil mar mheascán teicnící marcála agus modhanna braite atá curtha chun feidhme ag an soláthraí chun an oibleagáid trédhearcachta faoi Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh.

(70) Ní mór gach ceann den dá ghné thuasluaite a chomhlíonadh chun cuspóirí oibleagáidí trédhearcachta Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a bhaint amach go héifeachtach. Ní leor gan ach eilimint amháin a chomhlíonadh (e.g. chun aschuir a mharcáil ar bhealach meaisín-inléite gan na modhanna chun iad a bhrath a bheith ar fáil) chun an fhoráil sin a chomhlíonadh ([27]).

4.2.1. *An oibleagáid mharcála*

(71) Tá raon feidhme na hoibleagáide marcála teoranta do mharcanna a chur chun feidhme i bhformáid mheaisín-inléite. Ciallaíonn formáid mheaisín-inléite go ndéantar marcanna a struchtúrú ar bhealach a fhágann gur féidir le feidhmchláir bogearraí iad a shainaithint, a aithint agus a asbhaint go héasca gan idirghabháil ón duine. Ní eisiatar marcanna agus lipéid inbhraite mar bheart comhlántach, i gcás inarb iomchuí, chun comhlíonadh na hoibleagáide atá ar úsáideoirí gairmiúla a éascú maidir le domhainbhrionnuithe a lipéadú de bhun Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

(72) Chun an oibleagáid mharcála a chomhlíonadh, féadfaidh soláthraithe brath ar theicníc mharcála aonair nó ar mheascán teicnící, ar choinníoll go bhfuil a réiteach teicniúil foriomlán meaisín-inléite agus go gcomhlíonann sé na ceanglais maidir le héifeachtacht, idir-inoibritheacht, stóinseacht agus iontaofacht a mhéid a cheanglaítear leis an dlí, dá bhforáiltear leis an dara habairt d'Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga (féach Roinn 4.2.3. thíos).

(73) Le hAithris 133 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, soláthraítear samplaí de theicnící den sórt sin lena n-áirítear comharthaí uisce, sainaithint meiteashonraí, modhanna cripteagrafacha chun bunáitíocht agus barántúlacht an ábhair a chruthú, modhanna logála, méarloirg nó teicnící eile, agus meascán de theicnící den sórt sin. Cé go luaitear modhanna chun bunáitíocht agus barántúlacht a chruthú in Aithris 133 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ní cheanglaítear ar sholáthraithe slabhra bunáitíochta iomlán a thaifeadadh ná a choinneáil ina bhfuil faisnéis maidir le tionscnamh agus modhnuithe ábhair ná aon dearbhú ábhartha eile i dtaca le stair an ábhair. Mar sin féin, féadfar na modhanna bunáitíochta sin a úsáid freisin chun Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh agus féadfaidh siad a bheith fabhrach maidir le cur ar a gcumas do dhaoine nádúrtha idirdhealú a dhéanamh idir ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga agus ábhar barántúil.

(74) Féadfaidh soláthraithe an réiteach marcála le haghaidh na n-aschur a chur chun feidhme ag céimeanna éagsúla den slabhra luacha (e.g. *post hoc* tar éis ábhar a ghiniúint ar leibhéal an chórais intleachta saorga, ar leibhéal na bunsamhla intleachta saorga nó arna chomhtháthú i bpróiseas infeiris an chórais intleachta saorga). Féadfaidh siad brath ar an réiteach marcála arna chur chun feidhme ag soláthraí réamhtheachtach samhla nó ag tríú páirtí a sholáthraíonn an réiteach (e.g. mar chaighdeán oscailte nó mar sheirbhís speisialaithe) a mhéid atá an réiteach marcála i gcomhréir le hAirteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Tá an spleáchas sin gan dochar do fhreagracht sholáthraí an chórais intleachta saorga comhlíonadh Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a léiriú.

([27]) Soiléirítear le hAithris 133 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gurb iomchuí a cheangal ar sholáthraithe na gcóras sin réitigh theicniúla a leabú lena bhféadfar marcáil a dhéanamh i bhformáid mheaisín-inléite agus a bhrath gur gineadh nó gur ionramháladh an t-aschur le córas intleachta saorga seachas ag duine. Tagraítear le hAithris 135 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga don oibleagáid maidir le brath.

4.2.2. *An oibleagáid bhraite*

(75) Ní mór do sholáthraithe córas intleachta saorga a thagann faoi raon feidhme Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a áirithiú go bhfuil aschur a gcóras inbhraite mar ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé d'oibleagáid ar an soláthraí a áirithiú go bhfuil na modhanna braite ar fáil do na daoine a d'fhéadfadh a bheith neamhchosanta ar an ábhar. Thairis sin, de bhun Airteagal 50(5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ba cheart na réitigh bhraite sin a bheith in ann torthaí atá inléite ag an duine a sholáthar lena léirítear an ndearnadh an t-ábhar a ghiniúint nó a ionramháil leis an intleacht shaorga.

(76) Is éard is uirlis bhraite ann sásra lena mbraitear an ndearnadh ábhar a ghiniúint nó a ionramháil leis an intleacht shaorga, lena sainaithnítear marcóirí teicniúla nó sínithe lena bhfíoraítear a thionscnamh de ghnáth. Chun idir-inoibritheacht iomlán a áirithiú, ní mór do sholáthraithe brath ar réitigh bhraite caighdeáin tionscail atá ar fáil go poiblí lenar féidir le haon tríú páirtí brath a chur chun feidhme atá infhorghníomhaithe go háitiúil go hidéalach ar an ngaireas digiteach agus lenar féidir comhtháthú rianúil a dhéanamh i líonraí féinchuimsitheacha leithlisithe. I gcás nach mbeidh na caighdeáin sin ar fáil, go háirithe ag céim thosaigh chur chun feidhme Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le teicneolaíochtaí comharthaíochta uisce, féadfaidh an soláthraí brath ar a réiteach braite féin nó ar réiteach braite tríú páirtí nó comhroinnte, fad a áirithítear leis na réitigh sin idir-inoibritheacht leis na réitigh bhraite a úsáideann soláthraithe eile (féach Roinn 4.2.3.). Ba cheart an fhéidearthacht sin a bheith teoranta ó thaobh ama de go dtí go dtiocfaidh caighdeáin chomhchuibhithe agus réiteach braite idir-inoibritheach atá il-oiriúnach don soláthraí chun cinn atá slán, a chaomhnaíonn príobháideachas agus atá infhorghníomhaithe go háitiúil.

(77) Sonraítear a thuilleadh le hAirteagal 50(5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gur cheart an fhaisnéis dá dtagraítear faoi Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a sholáthar do na daoine nádúrtha atá neamhchosanta ar an ábhar ar bhealach soiléir inaitheanta, ar a dhéanaí tráth a dhéanfar an chéad idirghníomhaíocht nó an chéad nochtadh. Is toradh é an fhaisnéis sin go háirithe ar an mbrath, rud a léiríonn an ndéantar an t-ábhar a ghiniúint nó a ionramháil leis an intleacht shaorga agus nach é an t-ábhar féin a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga. Ba cheart "tráth a dhéanfar an chéad nochtadh" a thuiscint mar an tráth atá daoine nádúrtha toilteanach tionscnamh píosa sonrach ábhair a fhíorú agus rochtain a fháil ar an réiteach braite chun torthaí an bhraite a fháil.

(78) Má bhraitheann soláthraí an chórais intleachta saorga ar ghníomhaí eile chun réiteach braite a sholáthar nó chun rochtain a fháil air, ní mór dó a áirithiú go gcomhlíonfaidh an réiteach braite Airteagal 50(2) agus (5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus go dtaispeánfaidh na gníomhaithe sin torthaí an bhraite i gcomhréir le hAirteagal 50(5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga (féach Roinn 7).

4.2.3. *Comhlíonadh na gceanglas maidir le réitigh theicniúla: éifeachtach, idir-inoibritheach, láidir agus iontaofa*

(79) Foráiltear leis an dara habairt d'Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nach mór do na réitigh theicniúla maidir le marcáil agus brath a bheith éifeachtach, idir-inoibritheach, láidir agus iontaofa. Ba cheart na ceanglais sin a thuiscint mar a leanas:

— Tagraíonn éifeachtacht do chumas an réitigh theicniúil arna chur chun feidhme ag soláthraithe a marcanna a bhrath agus a chur ar a gcumas do dhaoine nádúrtha idirdhealú a dhéanamh idir ábhar a ghintear nó a ionramháiltear go saorga lena gcóras intleachta saorga, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le muinín agus sláine an éiceachórais faisnéise.

— Tagraíonn **iontaofacht** do chumas an réitigh theicniúil ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a shainaithint agus idirdhealú cruinn a dhéanamh idir an t-ábhar sin agus ábhar eile faoi dhálaí ainmniúla ar fud éagsúlacht an ábhair a ghintear nó a ionramháiltear le córas intleachta saorga an tsoláthraí.

— Tagraíonn **stóinseacht** do chumas an réitigh theicniúil ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga trí chóras intleachta saorga an tsoláthraí a shainaithint agus idirdhealú cruinn a dhéanamh idir an t-ábhar sin agus ábhar eile faoi dhálaí éagsúla, lena gcumhdaítear athruithe coiteanna agus ionsaithe sáraíochta araon.

— Tagraíonn **idir-inoibritheacht** do chumas na réiteach teicniúil éagsúil maidir le marcáil agus brath oibriú go rianúil ar fud córais, gníomhaithe, comhthéacsanna agus cur chun feidhme teicniúil iomadúla chun go mbeifear in ann ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a bhrath, gan beann ar na teicnící marcála a úsáideann soláthraithe córas intleachta saorga éagsúil.

(80) Ní mór do sholáthraithe a áirithiú go gcomhlíonann an meascán de na réitigh theicniúla maidir le marcáil agus brath na ceanglais thuasluaite go hiomlánaíoch go dtí an leibhéal a cheanglaítear leis an dlí, agus teorainneacha agus comhlántachtaí na réiteach éagsúil a úsáidtear á gcur san áireamh. Ní mór do na réitigh theicniúla na ceanglais uile a chomhlíonadh a mhéid is indéanta sin go teicniúil, agus sainiúlachtaí agus teorainneacha cineálacha éagsúla ábhair, costais an chur chun feidhme agus an úrscothacht a nglactar léi i gcoitinne á gcur san áireamh, mar a d'fhéadfaí a léiriú sna caighdeáin theicniúla ábhartha.

(81) Réitigh atá "indéanta go teicniúil" de réir bhrí Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, is réitigh iad is féidir a chur chun feidhme le haghaidh na módúlachtaí a chumhdaítear i raon feidhme na forála, agus úsáid á baint as an teicneolaíocht, na modhanna agus na cleachtais innealtóireachta atá ar fáil faoi láthair, laistigh den ailtireacht theicniúil shonrach agus den timpeallacht oibríochtúil shonrach lena mbaineann. Níl sé d'oibleagáid ar an soláthraí úsáid a bhaint as réiteach teicniúil nach bhfuil forbartha go fóill ná ar fáil ar an margadh, nó nach bhfuil indéanta go teicniúil lena chur chun feidhme. Is coincheap oibiachtúil í an indéantacht theicniúil nach bhfuil ag brath ar acmhainní ná cumais shonracha soláthraithe aonair.

(82) Le hAirteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ceanglaítear ar sholáthraithe réitigh atá indéanta go teicniúil agus atá i gcomhréir leis an úrscothacht a nglactar léi i gcoitinne a chur chun feidhme, chun na ceithre cheanglas cáilíochta maidir le héifeachtacht, stóinseacht, iontaofacht agus idir-inoibritheacht a chomhlíonadh.

(83) Tuigfear an "úrscothacht" mar chéim forbartha den chumas teicniúil tráth ar leith a mhéid a bhaineann le táirgí, próisis agus seirbhísí, ar bhonn thorthaí comhdhlúite ábhartha na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na taithí agus a nglactar leo mar dhea-chleachtas sa teicneolaíocht ([28]). Ní gá go gciallódh an úrscothacht go bhfuil an taighde eolaíoch is déanaí fós ag céim thurgnamhach nó nach bhfuil aibíocht theicneolaíoch leordhóthanach aige. Ní mór do sholáthraithe a réitigh mharcála agus bhraite a oiriúnú go leanúnach ar bhealach tráthúil agus comhréireach de réir mar a thagann an teicneolaíocht agus an úrscothacht chun cinn.

(84) I bhfianaise Airteagal 50(7) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, féadfaidh soláthraithe brath ar chód cleachtais, a mheastar a bheith leordhóthanach de bhun na forála sin chun comhlíonadh na n-oibleagáidí marcála agus braite in Airteagal 50(2) agus (5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a léiriú, atá i gcomhréir leis an úrscothacht. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na héifeachtaí a bhaineann le cloí le cód den sórt sin agus maoirseacht ar sholáthraithe eile nach gcloíonn le cód, féach Roinn 8.1 thíos.

(85) Is féidir na costais a bhaineann le cur chun feidhme réiteach teicniúil áirithe maidir le marcáil agus brath a chur san áireamh freisin. I gcásanna áirithe, mar a thugtar tuairisc air sna pointí seo a leanas, d'fhéadfadh na costais a bheith díréireach le gnóthachain imeallacha a bhfuil luach níos teoranta acu chun cur ar a gcumas do dhaoine idirdhealú a dhéanamh idir ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga, agus chun sláine an éiceachórais faisnéise agus muinín as an éiceachóras faisnéise a áirithiú.

(86) Dá bhrí sin, d'fhéadfadh cásanna a bheith sainithe go cúng inar leor réiteach teicniúil ar bhonn marcálacha meiteashonraí nach bhfuil chomh láidir céanna chun Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh, agus sainiúlachtaí aschuir an chórais intleachta saorga á gcur san áireamh má bhaineann rioscaí níos ísle leo go bunúsach maidir le meabhlaireacht, ionramháil nó éifeachtaí diúltacha ar an éiceachóras faisnéise. Is amhlaidh atá go sonrach i gcás ina bhfuil córas intleachta saorga giniúnaí leabaithe i dtáirgí fisiceacha lena ngintear aschuir i dtimpeallacht atá dúnta agus rialaithe go teicniúil agus atá de chineál oiliúnach den chuid is mó (e.g. córas intleachta saorga atá leabaithe i gcórais loingseoireachta i bhfeithiclí) a mhéid atá bearta teicniúla éifeachtacha leabaithe sa táirge chun cosc a chur ar an aschur timpeallacht an táirge a fhágáil, mar shampla trína ghabháil nó a onnmhairiú agus a scaipeadh go seachtrach.

([28]) Féach Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2025) 3871 final ón gCoimisiún maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le córas intleachta saorga ardriosca chun tacú le Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)3215 final.

(87) D'fhéadfadh cásanna teoranta a bheith ann freisin maidir le "feidhmeanna tionsclaíocha intleachta saorga" nó "feidhmeanna gnólacht le gnólacht" (cé is moite de chórais intleachta saorga phoiblí agus córais intleachta saorga atá dírithe ar thomhaltóirí) i gcás ina gciallaíonn prionsabal na comhréireachta agus na tairbhí teoranta do na cuspóirí trédhearcachta nach gá aon aschur a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a mharcáil ná a bhrath. Níl feidhm aige sin ach amháin má chomhlíontar na ceanglais seo a leanas go carnach:

(i) Is de chineál teicniúil amháin é aschur ginte an chórais intleachta saorga, mar shampla dearaí innealtóireachta, sreafaí oibre táirgthe thionsclaíoch, treoracha teicniúla, aschur a ghintear mar thoradh ar phróisis cothabhála tuarthaí córais i suíomhanna tionsclaíocha, próisis doiciméadachta inmheánacha nó céimeanna táirgthe agus sreafaí oibre sula dtugtar an t-aschur chun críche agus sula gcuirtear ar fáil é do dhaoine seachtracha eile nó don phobal.

(ii) Níl sé beartaithe ach go ndéanfaidh líon teoranta réamhshainithe daoine nádúrtha atá ag gníomhú i gcáil ghairmiúil laistigh d'eagraíocht an tsoláthraí agus an úsáideora ghairmiúil aschur ginte an chórais intleachta saorga a bhrath agus a phróiseáil.

(iii) Níor cheart é a bheith beartaithe aschur ginte an chórais intleachta saorga a chomhroinnt lasmuigh den chuideachta ná a bheith inúsáidte ag daoine seachtracha, agus coimircí iomchuí a bheith i bhfeidhm chun mí-úsáid atá measartha intuartha a sheachaint (e.g. leithlisiú néalríomhaireachta, rialuithe rólbhunaithe).

(88) Giniúint ábhair fíor-ama atá gearrshaolach agus tomhailte láithreach, gan é a thaifeadadh, a stóráil ná a scaipeadh a thuilleadh (e.g. físchluichí, feidhmchláir réaltachta fíorúla), féadfar é a dhíolmhú freisin nuair nach bhfuil marcáil indéanta go teicniúil agus nuair a chuirtear na daoine atá neamhchosanta ar an ábhar ar an eolas go ngintear agus go n-ionramháiltear an t-ábhar leis an intleacht shaorga (e.g. nochtadh maidir le taithí inmheánach, fógraí ar leibhéal seisiúin).

4.3. Eisceachtaí ar na hoibleagáidí faoi Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga

(89) Déantar foráil le hAirteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le trí eisceacht shainráite ó na hoibleagáidí trédhearcachta a leagtar síos san fhoráil sin

(90) Baineann an chéad eisceacht le córais intleachta saorga a mhéid a dhéanann siad feidhm chúnta le haghaidh eagarthóireacht chaighdeánach. Ba cheart an eagarthóireacht chaighdeánach a thuiscint mar an próiseas lena n-ullmhaítear ábhar atá ann cheana lena fhoilsiú nó lena dháileadh (e.g. mioneagarthóireacht chun feabhas a chur ar inléiteacht agus ar an ngramadach, cáilíocht agus formáid) agus ní bhaineann sé le hábhar nua a ghiniúint. Tá sé d'aidhm ag an eagarthóireacht chaighdeánach a áirithiú, i measc nithe eile, go bhfuil an t-ábhar saor ó earráidí soiléire teicniúla nó gramadaí teanga, go bhfuil sé ailínithe leis na ceanglais is infheidhme maidir le leagan amach, cur i láthair, formáidiú nó inrochtaineacht, nó i gcomhréir le cleachtais earnála. Tá níos mó i gceist leis an eagarthóireacht ná eagarthóireacht chaighdeánach má athraítear an t-ábhar ar bhealach ábhartha (modhnuithe substainteacha, athruithe struchtúracha etc.) a dhéanann difear dá bhrí, dá stíl nó dá rún.

(91) Tá feidhm ag an dara heisceacht i gcás ina ndéanann an córas intleachta saorga athrú substaintiúil ar na sonraí ionchuir arna soláthar ag an úsáideoir gairmiúil ná ar shéimeantaic na sonraí sin. Ba cheart athrú a mheas mar athrú substaintiúil má ionramháladh na sonraí ionchuir nó a shéimeantaic go mór leis an gcóras intleachta saorga le linn a phróisis giniúna aschuir. Ní mór é sin a bheith bunaithe ar mheasúnú ar thosca ábhartha, amhail an fhormáid, cineál an ábhair meán, stíl agus athruithe ar an ábhar a dhéanann difear dá bhrí, dá stíl nó dá rún. Is gá measúnú cás-sonrach a dhéanamh an amhlaidh atá an cás sin.

(92) Más féidir córas intleachta saorga a úsáid chun ábhar a ghiniúint nó a ionramháil agus le haghaidh mionathruithe neamhshubstaintiúla ar shonraí ionchuir, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid trédhearcachta ansin faoi Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir leis an ábhar a athraítear ar bhealach beag neamhshubstaintiúil.

Samplaí d'eagarthóireacht chaighdeánach agus de mhionathruithe a thairbhíonn den eisceacht faoi Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga:

— Ceartú gramadaí agus seiceáil litrithe, snas teanga agus mionsnasú stíle nach n-athraíonn substaint, brí, stíl ná teachtaireacht an téacs, aistriúcháin ar théacs a ghintear leis an intleacht shaorga;

— Formáidiú, tiontuithe formáide, comhbhrú teicniúil, laghdú torainn nó baint torainn ar mhaithe le soiléireacht fheabhsaithe gan brí ná substaint an ábhair a athrú;

— Mionbhearradh, mionchoigeartuithe datha nó mioncheartúcháin, éadromú nó crónú, géarú ar mhaithe le soiléireacht fheabhsaithe nó eagarthóireacht chaighdeánach agus ceartúcháin theicniúla eile;

— Spotaí deannaigh arb é lionsa nó braiteoir salach is cúis leo a bhaint, súil dhearg arb é splanc-ghrianghrafadóireacht is cúis leo a bhaint; cúlraí atá le feiceáil sa bhunchomhad a scriosadh agus a dhoiléiriú, picteilíniú nó doiléiriú aghaidheanna;

— Gearrthóg físe, comhbhrú raoin dhinimiciúil agus cothromú a athscálú; cobhsú teoranta físeán;

— Coigeartuithe caighdeánacha ar dhath agus ar chodarsnacht, mionchoigeartuithe ar luas athsheanma, mioncheartúcháin chun léaslíne íomhá a chothromú, scagairí picteilíní a chur i bhfeidhm chun codanna áirithe d'íomhá aimpliú, nó léarscáileanna daite a chur i bhfeidhm ar íomhánna liathscála, íomhánna imill a chríochnú, íomhá nó físeán dubh agus bán a thiontú go híomhá nó físeán daite agus *vice versa*;

— Líonadh picteilíní le haghaidh oiriúnú cóimheasa treoíochta nó soiléireacht fheabhsaithe, gearrthóga aistrithe uathoibríocha, eagarthóireacht neamhshubstainteach eile chun críoch cosmaideach agus teicniúil.

— Próiseáil nó athdhéanamh teicniúil íomhánna leighis laistigh d'fheistí leighis (e.g. anótálacha, boscaí, comhrianta, ciorcail, teasléaráidí déine);

— Tras-scríbhinní ar chomhráite; Ábhar a ghintear leis an intleacht shaorga nach gclaochlaíonn ach ionchur barántúil daonna trí theicneolaíochtaí cúnta lenar féidir le daoine faoi mhíchumas cumarsáid a dhéanamh (e.g. cumarsáid mhalartach agus bhreisitheach nó guthanna néaracha saincheaptha) ós rud é nach n-athraíonn siad brí an ábhair go séimeantach.

Samplaí d'athruithe séimeantacha ar gá iad a mharcáil faoi Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga:

— Achoimrí ar théacs a ghintear leis an intleacht shaorga; athleagan nó athscríobh a dhéanamh ar théacs lena n-athraítear stíl, struchtúr agus brí thar cheartúchán gramadaí agus mioncheartúchán stíle amháin;

— Réada nó daoine a bhaint, a ionadú nó a chur isteach in íomhánna agus i bhfíseáin atá ann cheana lena n-athraítear brí agus substaint an ábhair; ionadú aghaidhe nó modhnú substaintiúil aghaidhe,

— Sintéis de chaint réalaíoch i nguth duine ar leith, nó físeáin réalaíocha ina léirítear imeachtaí nár tharla a ghiniúint; cruth coirp nó dath craicinn duine a athrú; an-éadromú, an-chrónú, athruithe datha agus codarsnachta lena n-athraítear brí, rún agus teachtaireachtaí an ábhair;

— Íomhánna ilchodacha nó gearrthóga físe ilchodacha a chruthú lena modhnaítear léiriú daoine, réada, imeachtaí nó fíorais, aon athrú substaintiúil eile ar an ábhar.

(93) Tá feidhm ag an tríú heisceacht maidir le córas intleachta saorga giniúnaí atá údaraithe le dlí chun ábhar sintéiseach a ghiniúint nó a ionramháil chun cion coiriúil a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Tá na soiléirithe dá bhforáiltear i bpointí 46-48 thuas maidir leis an eisceacht sin ábhartha sa chás sin freisin.

4.4. Idirghníomhú le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais

(94) Díríonn na hoibleagáidí marcála agus braite faoi Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ar an gcaoi ar cruthaíodh an t-ábhar agus ar a thionscnamh saorga, ní dhíríonn siad ar cé a chruthaigh an t-ábhar. Dá bhrí sin, ní mór aon réiteach marcála agus braite a úsáideann soláthraithe córas intleachta saorga a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear prionsabail agus oibleagáidí cosanta sonraí, amhail an oibleagáid maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus trí réamhshocrú, an t-íoslaghdú sonraí agus prionsabail na slándála agus na rúndachta. Mar shampla, chun críche marcála agus braite, níor cheart an fhaisnéis a bhaineann le cruthaitheoir an ábhair a phróiseáil agus ba cheart aon sonraí pearsanta eile a phróiseáiltear a scriosadh a luaithe a chomhlíontar cuspóir an bhraite, ní mór slándáil agus rúndacht a áirithiú, etc.

(95) Cuirtear i dtábhacht a thuilleadh in Aithris 136 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ábharthacht ar leith na n-oibleagáidí trédhearcachta faoi Airteagal 50(1), (2) agus (4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga chun cur chun feidhme éifeachtach GSD. a éascú. Tá feidhm aige sin go háirithe a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne nó inneall cuardaigh an-mhór ar líne rioscaí sistéamacha a shainaithint go dícheallach agus a mhaolú a d'fhéadfadh eascairt as scaipeadh ábhair a gineadh nó a ionramháladh go saorga, go háirithe an riosca go mbeadh éifeachtaí diúltacha iarbhír nó intuartha ar phróisis dhaonlathacha, ar an dioscúrsa sibhialta agus ar phróisis toghcháin, lena n-áirítear trí bhréagaisnéis (Airteagail 34 agus 35 GSD). Le marcanna meaisín-inléite, féadfar é a chur ar a gcumas do na soláthraithe sin ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a bhrath agus lipéadú agus nochtaí iomchuí a sholáthar, rud a laghdóidh an riosca maidir le bréagaisnéis a ghintear leis an intleacht shaorga ar fud a gcuid seirbhísí.

(96) Tá na hoibleagáidí maidir le hábhar a ghintear nó a ionramháiltear le córais intleachta saorga a mharcáil agus a lipéadú faoi Airteagal 50(2) agus (4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gan dochar don oibleagáid in Airteagal 16(6) GSD atá ar sholáthraithe seirbhísí óstála fógraí a phróiseáil maidir le hábhar neamhdhleathach a fhaightear de bhun Airteagal 16(1) GSD ([29]). Go háirithe, níor cheart tionchar a bheith ag marcáil ná ag lipéadú a chuirtear ar ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga ar an measúnú ná ar an gcinneadh maidir le neamhdhleathacht an ábhair shonraigh faoi chreataí rialála eile. Níor cheart an measúnú sin a dhéanamh ach amháin ag tagairt do na rialacha lena rialaítear dlíthiúlacht an ábhair i gcomhréir leis na creataí sin ([30]). Mar shampla, má mharcáiltear íomhá domhainbhrionnaithe lipéadaithe mar ábhar a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí nó mar shárú ar dhlí trádmharcanna nó cóipchirt, ní dhéanann cur i bhfeidhm lipéid difear do neamhdhleathacht fhéideartha an ábhair faoi na creataí rialála sin. Níor cheart an measúnú sin a dhéanamh ach amháin ar bhonn na ndlíthe ábhartha is infheidhme (e.g. an dlí coiriúil, rialacha trádmharcanna nó cóipchirt).

(97) Os a choinne sin, is féidir leis an marcáil mheaisín-inléite atá leabaithe san ábhar de bhun Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga cuidiú le soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne a n-oibleagáidí faoi Airteagail 34 agus 35 GSD a chomhlíonadh chun rioscaí sistéamacha a shainaithint, a anailísiú agus a mheasúnú, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh eascairt as scaipeadh ábhair a gineadh nó a ionramháladh go saorga, go háirithe an riosca go mbeadh éifeachtaí diúltacha iarbhír nó intuartha ar phróisis dhaonlathacha, ar an dioscúrsa sibhialta agus ar phróisis toghcháin, lena n-áirítear trí bhréagaisnéis ([31]), agus chun bearta réasúnta, comhréireacha agus éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun na rioscaí sin a mhaolú, agus iad saincheaptha do na rioscaí sistéamacha sonracha a sainaithníodh. Féadfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne cáiliú freisin mar sholáthraithe córas intleachta saorga má chomhlíonann siad na coinníollacha ábhartha faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga i gcás ina gcomhtháthaíonn siad córais intleachta saorga ina seirbhísí (féach freisin Roinn 6.1.5).

(98) Soláthraithe ardán ar líne, soláthraithe inneall cuardaigh ar líne agus gníomhaithe ábhartha eile a dháileann ábhar feadh an tslabhra luacha, moltar dóibh go háirithe sainaithint na marcanna arna gcur chun feidhme ag soláthraithe de bhun Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chaomhnú agus a chumasú, ionas gur féidir na daoine nádúrtha atá neamhchosanta ar an ábhar a chur ar an eolas faoina thionscnamh.

5. **AIRTEAGAL 50(3) DEN GHNÍOMH UM AN INTLEACHT SHAORGA: CÓRAIS AITHEANTA MOTHÚCHÁN AGUS CÓRAIS CATAGÓIRITHE BHITHMHÉADRAIGH**

(99) Le hAirteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, forchuirtear oibleagáid ar úsáideoirí gairmiúla córas aitheanta mothúchán agus córas catagóirithe bhithmhéadraigh daoine nádúrtha atá neamhchosanta ar na córais sin a chur ar an eolas faoi oibriú an chórais.

(100) Mínítear le hAithris 132 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gurb é is cuspóir don oibleagáid sin a áirithiú go bhfuil daoine nádúrtha (lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas) ar an eolas go bhfuil siad neamhchosanta ar chórais aitheanta mothúchán agus ar chórais catagóirithe bhithmhéadraigh a d'fhéadfadh cur isteach ar a bpríobháideachas. Dá bhrí sin, tá feidhm ag an oibleagáid gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil na daoine neamhchosanta ar na córais sin i bhfíor-am nó cé acu a oibrítear nó nach n-oibrítear na córais sin *ex post*.

([29]) Féach freisin Aithris 11 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.
([30]) Féach freisin Aithris 137 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.
([31]) Aithris 136 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

5.1. **Na príomh-chomhpháirteanna, na príomhchoincheapa agus na hoibleagáidí trédhearcachta gaolmhara faoi Airteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga**

5.1.1. *Coincheap an chórais aitheanta mothúchán*

(101) Le hAirteagal 3(39) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, sainmhínítear "córas aitheanta mothúchán" mar "córas intleachta saorga chun mothúcháin nó rúin daoine nádúrtha a shainaithint ar bhonn a sonraí bithmhéadracha nó chun mothúcháin nó rúin a thuiscint as a gcuid sonraí bithmhéadracha". An míniú mionsonraithe ar an gcoincheap sin a thugtar sna treoirlínte ón gCoimisiún maidir le haicmiú córas intleachta saorga ardriosca, lena n-áirítear na samplaí praiticiúla a leagtar amach iontu, tá siad chomh hábhartha céanna i gcomhthéacs Airteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

(102) Ós rud é go n-aicmítear gach córas aitheanta mothúchán mar chóras ardriosca freisin, mura dtoirmisctear sin faoi Airteagal 5(1)(f) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga i réimsí na háite oibre agus an oideachais, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid trédhearcachta in Airteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga i gcomhar leis na coimircí agus na ceanglais eile is infheidhme maidir le córais intleachta saorga ardriosca.

5.1.2. *Coincheap an chórais catagóirithe bhithmhéadraigh*

(103) Sainmhínítear le hAirteagal 3(40) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga "córas catagóirithe bhithmhéadraigh" mar "córas intleachta saorga chun daoine nádúrtha a shannadh do chatagóirí sonracha ar bhonn a sonraí bithmhéadracha mura bhfuil sé coimhdeach le seirbhís tráchtála eile agus go bhfuil géarghá leis ar chúiseanna teicniúla oibiachtúla". An míniú mionsonraithe ar an gcoincheap sin a thugtar sna treoirlínte ón gCoimisiún maidir le haicmiú córas intleachta saorga ardriosca, lena n-áirítear gnéithe sonracha chomh maith leis na samplaí praiticiúla a leagtar amach iontu, tá siad chomh hábhartha céanna i gcomhthéacs Airteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

(104) Rud atá tábhachtach, mura dtoirmisctear sin faoi Airteagal 5(1)(g) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, tá feidhm ag Airteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le haon chóras catagóirithe bhithmhéadraigh (e.g. aicmiú aoise nó inscne ar bhonn sonraí bithmhéadracha), gan beann ar cé acu a thagann nó nach dtagann siad faoi raon feidhme na gcóras intleachta saorga ardriosca faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga.

5.1.3. *An oibleagáid faisnéise faoi Airteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga*

(105) Raon feidhme na faisnéise atá le soláthar: Ceanglaítear ar úsáideoirí gairmiúla na daoine nádúrtha lena mbaineann a chur ar an eolas go bhfuil siad neamhchosanta ar chóras aitheanta mothúchán nó ar chóras catagóirithe bhithmhéadraigh, atá á oibriú. Ní cheanglaítear leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga faisnéis a áireamh faoi na cúiseanna atá le hoibriú an chórais, ná an bpróiseálann an córas faisnéis freisin chun críoch eile seachas aithint mothúchán nó catagóiriú bithmhéadrach, ar nithe iad a cheanglaítear a nochtadh faoi dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí (féach Roinn 5.3.).

(106) **Seolaithe na faisnéise:** Ceanglaítear le hAirteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga go gcuirfidh úsáideoirí gairmiúla gach duine nádúrtha atá neamhchosanta ar oibriú an chórais intleachta saorga, lena n-áirítear leanaí, ar an eolas.

(107) **Na modhanna chun faisnéis a sholáthar:** Ní fhorordaítear leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga modh sonrach chun an fhaisnéis a sholáthar, ach amháin go gceanglaítear le hAirteagal 50(5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gur gá an fhaisnéis a sholáthar ar bhealach soiléir inaitheanta agus i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme (ag freagairt do riachtanais daoine nádúrtha faoi mhíchumas). D'fhéadfadh an chaoi a gcuirfear daoine nádúrtha atá neamhchosanta ar an gcóras ar an eolas a bheith ag brath ar an áit úsáide (e.g. ardán fíorúil cluichíochta, siopaí brící agus moirtéil, stáisiúin traenach), na seolaithe féideartha (e.g. leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, custaiméirí), fad agus cineál an neamhchosanta (e.g. neamhchosaint fhadtéarmach, aonuaire, leanúnach, eadrannach), agus caidreamh a d'fhéadfadh a bheith ann idir an t-úsáideoir gairmiúil agus na daoine neamhchosanta (e.g. má tá bealach cumarsáide ann cheana leis an duine aonair). Ag brath ar an gcás úsáide, féadfar an fhaisnéis a sholáthar i scríbhinn, trí dheilbhíní caighdeánaithe (agus nuair a chuirtear i láthair go leictreonach iad freisin), ó bhéal, nó trí mheascán bealaí den sórt sin a úsáid.

Samplaí de dhaoine nádúrtha a chur ar an eolas:

— Mír aníos atá suite go lárnach ag a bhfuil teachtaireacht ionduchtaithe sula lainseáiltear cluiche ríomhaire a léiríonn go bhfuil aghaidh an imreora á thaifeadadh, lena a ngabhtar a gcuid mothúchán.

— Fógra infheicthe ag gach bealach isteach féideartha chuig seomra taispeántais ina bhfuil faisnéis go ngabhtar íomhánna d'aghaidh na gcuairteoirí agus iad ag dul isteach sa seomra chun iad a shannadh d'aoisghrúpa sonrach.

(108) **An amlíne chun an fhaisnéis a sholáthar**: Ní mór an fhaisnéis a sholáthar ar a dhéanaí tráth na chéad idirghníomhaíochta leis an gcóras intleachta saorga nó bheith neamhchosanta air i gcomhréir le hAirteagal 50(5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. I gcás inarb iomchuí, ní eisiatar an fhaisnéis is gá a sholáthar roimh ré.

5.2. Eisceacht chun críocha fhorfheidhmiú an dlí

(109) Níl feidhm ag an oibleagáid faisnéise maidir le córais aitheanta mothúchán agus córais catagóirithe bhithmhéadraigh, a cheadaítear leis an dlí chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc agus a imscrúdú, faoi réir coimircí iomchuí maidir le cearta agus saoirsí tríú páirtithe agus i gcomhréir le dlí an Aontais. Tá na soiléirithe dá bhforáiltear maidir leis an eisceacht sin i bpointí 46-48 thuas ábhartha freisin sa chás sin ach tá difríocht amháin ann. Cé go gceanglaítear leis na heisceachtaí eile in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga dlí sainráite lena n-údaraítear úsáid neamh-thrédhearcach na gcóras intleachta saorga, tá úsáid den sórt sin indéanta le hAirteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nuair a cheadaítear sin faoi na rialacha dlí lena rialaítear cumhachtaí na n-údarás forfheidhmithe dlí córais aitheanta mothúchán agus córais catagóirithe bhithmhéadraigh a úsáid chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc nó a imscrúdú gan na daoine lena mbaineann a chur ar an eolas, faoi réir coimircí iomchuí.

5.3. Idirghníomhú le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais

(110) Ní fhágann an oibleagáid faisnéise faoi Airteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, inti féin, go bhfuil úsáid córais aitheanta mothúchán agus córais catagóirithe bhithmhéadraigh dleathach. Ná ní dhéantar léi úsáidí ionracha nó idirdhealaitheacha a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach agus toirmiscthe faoi Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nó faoi dhlí eile de chuid an Aontais a dhlisteanú. Ní mór d'úsáideoirí gairmiúla an oibleagáid faisnéise in Airteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh, sa bhreis ar aon cheanglas faisnéise is infheidhme faoi dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí. I gcásanna áirithe, is féidir le húsáideoirí gairmiúla breithniú a dhéanamh ar fhógraí de bhun Airteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chur leis an bhfaisnéis a sholáthraítear d'ábhair sonraí faoi dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí.

6. AIRTEAGAL 50(4): DOMHAINBHRIONNUITHE AGUS FOILSEACHÁIN TÉACS ÁIRITHE A LIPÉADÚ

(111) Leagtar síos le hAirteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga dhá oibleagáid ar leithligh atá dírithe ar úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga giniúnaí a éilíonn nochtaí soiléir inaitheanta (i) domhainbhrionnuithe agus (ii) téacs a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga agus a fhoilsítear chun an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail ach amháin i gcásanna sainithe. Tá feidhm ag na hoibleagáidí lipéadaithe sin sa bhreis air sin agus gan dochar do na hoibleagáidí maidir le marcáil agus brath meaisín-inléite faoi Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga is infheidhme i dtaca le soláthraithe córas intleachta saorga lena ngintear nó lena n-ionramháiltear ábhar sintéiseach íomhánna, físe, fuaime nó téacs.

6.1. Na príomh-chomhpháirteanna, na príomhchoincheapa agus na hoibleagáidí trédhearcachta gaolmhara maidir le domhainbhrionnuithe faoi Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga

(112) Tá feidhm ag Airteagal 50(4), an chéad fhomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga má chomhlíontar roinnt coinníollacha:

(i) Ní mór don chóras a bheith ina chóras intleachta saorga;

(ii) Arna úsáid ag úsáideoirí gairmiúla chun críoch gairmiúil (féach Ranna 2.3. agus 2.4.1.);

(iii) Chun ábhar íomhá, fuaime nó físe ar domhainbhrionnú é a ghiniúint nó a ionramháil;

(iv) Ní mór don chóras intleachta saorga gan teacht faoin eisceacht maidir leis an úsáid atá údaraithe le dlí chun cion coiriúil a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

6.1.1. *An coincheap "domhainbhrionnú"*

(113) Le hAirteagal 3(60) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, sainmhínítear "domhainbhrionnuithe" mar ábhar íomhá, fuaime nó físe a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga ar ábhar é atá an-chosúil le daoine, réada, áiteanna nó eintitis nó imeachtaí atá ann cheana agus a dhealródh go bréagach do dhuine a bheith barántúil nó fírinneach'. Soiléiríodh an difríocht idir ionramháil agus giniúint i Roinn 4.1 thuas. Chun coincheap an domhainbhrionnaithe a shoiléiriú, déantar scrúdú thíos ar cheithre chritéar charnacha de chuid an tsainmhínithe sin: (i) cosúlacht (ii) le daoine, réada, áiteanna, eintitis nó imeachtaí (iii) atá ann cheana (iv) a dhealródh go bréagach do dhuine a bheith barántúil nó fírinneach.

(i) **Cosúlacht:** Sonraítear le hAirteagal 3(60) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nach mór d'ábhar íomhá, fuaime nó físe a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a bheith 'an-chosúil' le hábhair atá ann cheana chun bheith ina dhomhainbhrionnú. Luaitear freisin in Aithris 134 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gur cheart an chosúlacht sin a bheith 'suntasach'. Tá ábhar íomhá, fuaime nó físe a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga an-chosúil le hábhar go suntasach má tá ardleibhéal cosúlachta idir an t-ábhar domhainbhrionnaithe agus an t-ábhar (lena n-áirítear aon cheann dá eilimintí inaitheanta) atá á ionsamhlú ag an domhainbhrionnú. Ní gá gurb ionann an dá chineál ábhair. Chun a fháil amach an bhfuil an leibhéal cosúlachta suntasach, déanfaidh an t-úsáideoir gairmiúil measúnú cás ar chás ar bhonn comparáid oibiachtúil idir an t-ábhar ionsamhlaithe agus an t-ábhar domhainbhrionnaithe, i measc nithe eile, bunaithe ar a mhéid a léirítear sainghnéithe nó gnéithe sainiúla leis an domhainbhrionnú.

(ii) **Atá ann cheana:** Sonraítear le hAirteagal 3(60) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nach mór d'ábhar íomhá, fuaime nó físe a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a bheith an-chosúil le hábhair 'atá ann cheana' chun bheith ina dhomhainbhrionnú. Chun cuspóir Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh go héifeachtach chun na rioscaí a bhaineann le pearsanú, meabhlaireacht, mífhaisnéis, ionramháil agus calaois a laghdú, más ann d'ábhar íomhá, fuaime nó físe a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga, tugann sé sin le tuiscint gur cheart dó bheith an-chosúil le hábhair réalaíocha (e.g. daoine, réada, áiteanna). Dá bhrí sin, is leor daoine, réada, áiteanna, eintitis nó imeachtaí ionsamhlaithe a bheith an-chosúil le duine nó rud éigin atá ann, a d'fhéadfadh a bheith ann go hinchreidte nó a d'fhéadfadh a bheith ann go hinchreidte sa saol chun é a mheas mar dhomhainbhrionnú, ós rud é gur féidir le hábhar den sórt sin a bheith ina phríomhfhoinse meabhlaireachta, ionramhála agus bréagaisnéise. Os a choinne sin, maidir le daoine, réada, áiteanna, eintitis nó imeachtaí ionsamhlaithe a théann in aghaidh, mar shampla, dhlíthe an nádúir nó na fisice nó a léiríonn foirmeacha beatha nach nglactar leo go coitianta sa bhitheolaíocht (amhail daoine a eitlíonn gan uirlisí meicniúla, dragain, nó eilifintí a thiománann gluaisteáin) agus nach féidir leo duine a chur amú, meastar go bhfuil siad neamhréalaíoch agus dá bhrí sin nach dtagann siad faoi raon feidhme na hoibleagáide trédhearcachta.

(iii) **Daoine, réada, áiteanna, eintitis nó imeachtaí:** Sonraítear le hAirteagal 3(60) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gur cheart d'ábhar íomhá, fuaime nó físe a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a bheith an-chosúil le 'daoine, réada, áiteanna nó eintitis nó imeachtaí' atá ann cheana chun bheith ina dhomhainbhrionnú. Tuigfear gur daoine réalaíocha iad 'daoine' (lena n-áirítear macasamhlacha digiteacha fíordhaoine, abhatáranna nó pearsantachtaí réalaíocha daonna a ghintear leis an intleacht shaorga, agus saintréithe pearsanta nó gothaí pearsanta, amhail íomhá, guth, iompraíocht, léirithe etc.). Tuigfear gur míreanna ábhair réalaíocha, neamhbheo iad 'réada', lena n-áirítear foirgnimh, saothair ealaíne, innealra, earraí tomhaltais etc. Tuigfear gur suíomhanna réalaíocha iad 'áiteanna'. Tuigfear gur neacha réalaíocha, neamhdhaonna ach beo iad 'eintitis' lena n-áirítear ainmhithe nó foirmeacha beatha bitheolaíocha eile. Tuigfear 'imeachtaí' mar eachtraí réalaíocha nó mar chásanna réalaíocha ina bhféadfadh daoine, réada, áiteanna agus eintitis a bheith iontu (e.g. imeachtaí stairiúla nó léiriú ar sheirbhísí gairmiúla nó tomhaltóirí a mhúscailt).

(iv) **Dealramh bréagach do dhuine a bheith barántúil nó fírinneach:** Ar an gceathrú dul síos, le hAirteagal 3(60) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, sonraítear go ndealródh ábhar íomhá, fuaime nó físe a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga ar ábhar é atá an-chosúil le daoine, réada, áiteanna nó eintitis nó imeachtaí atá ann cheana go bréagach do dhuine a bheith barántúil nó fírinneach'. Baineann an critéar seo le saintréith fhíor-riachtanach an ábhair domhainbhrionnaithe agus lena chumas dallamullóg a chur ar dhuine nó é a chur amú maidir le barántúlacht nó fírinneacht an ábhair ([32]). Tagraíonn barántúlacht an ábhair do cé acu is fíor nó nach fíor gurb é an t-ábhar an rud a mhaítear a bheith ann i dtéarmaí a fhoinse nó a phróisis cruthaithe (lena n-áirítear e.g. rannpháirtíocht fíordhaoine nó físorainmhithe agus a n-iompraíocht nó a ngníomhaíochtaí iarbhír, cuma nó úsáid iarbhír réad nó seachadadh seirbhísí, tuairisc chruinn ar imeacht nó cúrsa imeachta). Baineann fírinneacht le cruinneas an ábhair (e.g. cruinneas físorasach na léirithe sa domhainbhrionnú).

([32]) Dá bhrí sin, ní mór an critéar sin a thuiscint go neamhspleách agus go soiléir ó choincheap na meabhlaireachta mar a luaitear i dTreoir 2005/29/CE maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach (an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha), https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2005/29/oj/gle.

(114) Ba cheart measúnú a dhéanamh ar cé acu ‘a dhealraíonn nó nach ndealraíonn ábhar go bréagach do dhuine a bheith barántúil nó fírinneach’ ina iomláine, agus an leibhéal cosúlachta, teachtaireacht shubstainteach fhéideartha an ábhair, na comhthéacsanna úsáide atá beartaithe agus intuartha, an timpeallacht ina gcuirtear an t-ábhar i láthair, agus comhdhéanamh an phobail meáin atá beartaithe agus measartha intuartha agus a n-ionchais á gcur san áireamh. Mar sin féin, tá an measúnú sin oibiachtúil agus ní gá a bheith ar intinn ag an úsáideoir gairmiúil dallamullóg a chur ar na daoine nádúrtha atá neamhchosanta ar an ábhar nó iad a chur amú chun é a bheith ina dhomhainbhrionnú. A mhéid a bhaineann leis an gcomhthéacs úsáide agus ionchais an phobail meáin, ciallaíonn sé sin, má úsáidtear an t-ábhar i gcomhthéacsanna sonracha úsáide nach bhfuil coinne ag an bpobal meáin beartaithe agus measartha intuartha go mbeidh an t-ábhar barántúil ná fírinneach, nach ndealródh an t-ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga go bréagach a bheith barántúil ná fírinneach fiú dá mbeadh sé, go deimhin, neamhbharántúil nó bréagach. I gcásanna den sórt sin, ní chomhlíonfar an ceathrú critéar den sainmhíniú ar dhomhainbhrionnú. Mar shampla, radhairc chúlra, éifeachtaí speisialta, nó réamhphróiseáil agus iarphróiseáil theicniúil a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga mar chuid de phróisis chaighdeánacha táirgthe scannáin, ní dócha go ndealróidh ábhar go bréagach don phobal meáin a bheith barántúil nó fírinneach mar gheall orthu. Os a choinne sin, is dócha go mbeidh tionchar ag eilimintí fíor-riachtanacha a n-úsáidfear an intleacht shaorga lena ghiniúint nó lena ionramháil ar dhearcadhan phobail meáin (amhail aisteoirí a ghintear go hiomlán leis an intleacht shaorga, macasamhlacha digiteacha fíoraisteoirí nó aisteoirí caillte, dí-aosú, léirithe ionsamhlaithe lena n-áirítear codanna díobh, nó léiriú neamhbharántúil nó neamhfhírinneach daoine, réada, áiteanna nó imeachtaí i gcláir faisnéise). Maidir le hábhar íomhá agus físe, aithnítear go bhfágann leibhéal ard réalachais fhótagrafaigh gur dóchúla gur cheart ábhar den sórt sin a mheas mar dhomhainbhrionnú (mar is dócha go bhfuil sé an-chosúil le hábhair atá ann cheana), ach níl an réalachas fótagrafach amháin cinntitheach don mheasúnú. Is é an rud ba cheart a mheasúnú fós an féidir leis an ábhar sin dallamullóg a chur ar dhuine nó duine a chur amú maidir le barántúlacht nó fírinneacht an ábhair agus an comhthéacs úsáide atá beartaithe agus intuartha, i measc nithe eile, á chur san áireamh.

(115) Murab ionann agus Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, níor cheart an measúnú ar dhealramh bréagach do dhuine a bheith barántúil nó fírinneach a bheith bunaithe ar ‘ghnáthduine’ hipitéiseach a mheastar a bheidh neamhchosanta ar an ábhar (féach Roinn 3.2.1), ach ba cheart comhdhéanamh éagsúil féideartha an phobail meáin atá measartha intuartha agus a d’fhéadfadh a bheith neamhchosanta ar an ábhar domhainbhrionnaithe a chur san áireamh go cuí. Tá tábhacht ar leith ag baint le haird chuí a thabhairt ar chomhdhéanamh an phobail meáin má tá sé measartha intuartha go bhféadfadh leanaí, daoine scothaosta, nó grúpaí eile daoine a bhfuil litearthacht dhigiteach agus litearthacht intleachta saorga níos ísle nó leibhéil eolais ghinearálta níos ísle acu an t-ábhar domhainbhrionnaithe a bhrath, tráth éigin, ós rud é go bhféadfaí dallamullóg a chur orthu nó iad a chur amú maidir le barántúlacht nó fírinneacht an ábhair. I gcásanna den sórt sin, d’fhéadfadh dealramh bréagach an ábhair a bheith barántúil nó fírinneach don chuid sin den phobal meáin intuartha a bheith leordhóthanach chun ábhar a cháiliú mar dhomhainbhrionnú. Mar sin féin, níl coinne ann go measfaidh úsáideoirí gairmiúla scaipeadh breise an ábhair domhainbhrionnaithe a d’fhéadfadh tríú páirtithe a dhéanamh thar scaipeadh arna dhéanamh ag úsáideoir gairmiúil i measc an phobail meáin atá measartha intuartha, agus na bealaí dáileacháin atá beartaithe á gcur san áireamh (e.g. má thaispeántar ábhar domhainbhrionnaithe ar chuid síntiúsóirí amháin de shuíomh gréasáin nó mar chuid de nuachtlitir chorparáideach, ní thugtar le tuiscint leis sin gur cheart don úsáideoir gairmiúil inrochtaineacht leathan phoiblí a mheas trí réamhshocrú).

(116) Ar an gcaoi chéanna, d’fhéadfadh ábharthacht bheag a bheith ag baint le gnéithe neamhthábhachtacha substainteacha nó teicniúla d’ábhar atá ann cheana a ionramháil trí thacaíocht ón intleacht shaorga maidir le measúnú duine ar bharántúlacht nó fírinneacht an ábhair, rud a d’fhágfadh nach mbeadh an t-ábhar a eascraíonn as sin ina dhomhainbhrionnú. D’fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, mionsonraí cúlra a chur in eagar (e.g. duine atá ag dul an bealach a bhaint), coigeartuithe soilsithe, paraiméadair fuaime a oiriúnú, ceartú datha, torann a laghdú nó a bhaint, feabhas a chur ar inrochtaineacht nó comhbhrú comhaid, coigeartuithe cosmaideacha agus feabhsuithe cosmaideacha. Braitheann sé ar an gcomhthéacs agus ar an tionchar ar dhearcadh na ndaoine ar bharántúlacht nó fírinneacht an ábhair sa chás sonrach cé acu a bheidh nó nach mbeidh an ionramháil sa chatagóir sin. Mar shampla, ceartú datha, síntí cúlra le hábhar atá ann cheana, coigeartuithe nó ionadú cúlraí chun críoch aeistéitice go follasach, comhdhéanaimh agus socruithe táirgí atá ann cheana, nó athscálú íomhánna a chuirtear i bhfeidhm i bhfógraí nó pacáistíocht táirgí, agus iad bunaithe ar intleacht shaorga, is dócha nach mbeidh ach tionchar beag acu ar dhearcadh an duine ar bharántúlacht agus fírinneacht an fhógra agus an táirge. Os a choinne sin, d’fhéadfadh eagarthóireacht shubstaintiúil atá bunaithe ar intleacht shaorga ar mhionsonraí cúlra íomhánna iriseoireachta thar ghnáthchleachtais theicniúla eagarthóireachta tionchar diúltach a imirt ar dhearcadh duine ar bharántúlacht agus fírinneacht an ábhair.

Samplaí de dhomhainbhrionnuithe faoi Airteagal 3(60) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga:

— Íomhá a ionramháiltear leis an intleacht shaorga de radharc ina bhfuil beirt fhíorimreoirí sacair gairmiúla os comhair foirgneamh atá an-chosúil le staid sacair.

— Fuaim a ghintear leis an intleacht shaorga lena mbaineann clónáil gutha láithreoirí rialta podchraolta nuachtáin agus aoi-chainteoir a phléann roinnt imeachtaí nuachta.

— Físeán a ghintear leis an intleacht shaorga de dhuine atá an-chosúil le polaiteoir, agus óráid á tabhairt os comhair lucht éisteachta.

— Físeán a ghintear leis an intleacht shaorga ina bhfuil léiriú a ghintear leis an intleacht shaorga ar thionchaire mór le rá i gcomhthéacs fógraíochta nó promóisin.

— Físeán a ghintear leis an intleacht shaorga ina bhfuil abhatár sintéiseach réalaíoch de POF de chuid cuideachta atá ag tréaslú le fostaithe as a gcuid oibre agus torthaí corparáideacha na bliana seo caite.

— Íomhá a ghintear leis an intleacht shaorga de tháirge i bhfógra nó i bpacáistíocht a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhearcadh an phobail meáin agus é a chur amú maidir le cuma, saintréithe nó úsáid iarbhír an táirge (e.g. cuma a chur ar an táirge a fhágann nach bhfuil sé comhionann leis an bhfíortháirge, go bhfuil sé níos tarraingtí nó go bhfuil cáilíocht fheabhsaithe aige ná mar atá san fhíorshaol).

Samplaí nach domhainbhrionnuithe iad faoi Airteagal 3(60) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga:

— Íomhá a ghintear leis an intleacht shaorga de radharc ina bhfuil sfioncs ag eitilt os cionn Thúr Eiffel.

— Físeán a ghintear leis an intleacht shaorga de lucha atá ag argóint i dteanga an duine faoin gcineál cáise is fearr mar chuid d'fheachtas fógraíochta le haghaidh mhonaróir cáise.

— Macasamhlú gutha intleacht shaorga le haghaidh carachtair fhicseanúla (e.g. le haghaidh closleabhar, cluichí nó beochana) nuair nach bhfuil aon mheabhlaireacht ann maidir le céannacht na reacairí.

— Craoladh raidió a ionramháiltear leis an intleacht shaorga lena gcoigeartaítear paraiméadair fuaime theicniúla (e.g. leibhéil fuaime a normalú, laghdú torainn, comhbhrú fuaime) gan athrú a dhéanamh ar na focail iarbhír a labhraíonn cainteoirí nó ar a modh labhartha.

— Cartún a ghintear leis an intleacht shaorga d'íomhá a bhí ann cheana ina léirítear imeacht stairiúil.

— Físeán de láithreoir cláir teilifíse eolaíoch a shiúlann ar fud réigiún sléibhtiúil agus aghaidh á tabhairt aige ar chúlú na n-oighearshruthanna, rud a léirítear le beochan cúlra a ionramháiltear leis an intleacht shaorga lena léirítear an chaoi a ndeachaigh na hoighearshruthanna ar gcúl óna leibhéil stairiúla go dtí a leibhéil reatha.

— Timpeallachtaí ficseanúla a ghintear leis an intleacht shaorga (e.g. foraoisí agus caisleáin ficseanúla) i bhfíschluichí.

— Scannáin ina bhfuil físeoraisteoirí atá ann cheana (nár ionramháladh leis an intleacht shaorga) ag aisteoireacht le hais cúlra a ghintear leis an intleacht shaorga (e.g. ina léirítear stráice ficseanúil féarthalaimh, foirgnimh stairiúla cathracha ársa etc.).

— Físeáin fíortháirge (e.g. gluaisteán) a thaispeántar i bhfógra le hais cúlra a ghintear leis an intleacht shaorga agus sa timpeallacht máguaird fad is nach dócha go gcuirfidh an fógra an pobal meáin amú faoi léiriú iarbhír an táirge agus faoina shaintréithe agus úsáid.

6.1.2. *An oibleagáid nochta faoi Airteagal 50(4), an chéad fhomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga*

(117) Le hAirteagal 50(4), an chéad fhomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, cuirtear d'oibleagáid ar úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga a ghineann nó a ionramhálann ábhar íomhá, fuaime nó físe, ar domhainbhrionnú é, a nochtadh gur gineadh nó gur ionramháladh an t-ábhar domhainbhrionnaithe go saorga. Soiléirítear le hAithris

134 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gur cheart d'úsáideoirí gairmiúla, a úsáideann córais intleachta saorga chun ábhar domhainbhrionnaithe a ghiniúint nó a ionramháil, a nochtadh go soiléir agus go sainiúil gur cruthaíodh nó gur ionramháladh an t-ábhar sin go saorga trí aschur na hintleachta saorga a lipéadú dá réir sin agus a thionscnamh saorga a nochtadh. Ba cheart modhanna lipéadaithe nó nochta arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 50(4), an chéad fhomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a bheith intuigthe agus inbhraite ag daoine nádúrtha (e.g. lipéid infheicthe nó inchloiste), gan gá dóibh brath ar aon uirlis theicniúil shonrach ná gníomhaíochtaí tiomnaithe a dhéanamh. Dá bhrí sin, ní féidir le húsáideoirí gairmiúla brath ar an marcáil mheaisín-inléite atá leabaithe san ábhar ag an soláthraí faoi Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ós rud é nach bhfuil na marcálacha sin soiléir agus inaitheanta láithreach do na daoine nádúrtha atá neamhchosanta ar an ábhar domhainbhrionnaithe.

(118) I bhfianaise Airteagal 50(7) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, féadfaidh úsáideoirí gairmiúla cloí le cód cleachtais, a mheastar a bheith leordhóthanach de bhun Airteagal 50(7) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga chun comhlíonadh na hoibleagáide nochta sin a léiriú. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na héifeachtaí a bhaineann le cloí le cód den sórt sin agus maoirseacht ar úsáideoirí gairmiúla eile nach gcloíonn le cód, féach Roinn 8.1 thíos.

6.1.3. *Trédhearcacht ábhair domhainbhrionnaithe atá ar aon dul le hábhar atá ealaíonta, cruthaitheach, aorach nó ficseanúil*

(119) Déantar foráil le hAirteagal 50(4), an chéad fhomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le hoibleagáid trédhearcachta maolaithe i dtaca le domhainbhrionnuithe atá ina gcuid de shaothair nó de chláir atá ar aon dul le saothair nó cláir ar léir iad a bheith ealaíonta, cruthaitheach, aorach nó ficseanúil. Maidir le hábhar den sórt sin, tá an oibleagáid trédhearcachta teoranta do nochtadh an domhainbhrionnaithe ar bhealach iomchuí nach gcuireann isteach ar thaispeáint ná ar theachtadh an tsaothair.

(120) **Catagóirí ábhair ábhartha**: Chun tairbhiú den nochtadh trédhearcachta maolaithe, ba cheart an domhainbhrionnú (íomhá, fuaim nó físeán) a bheith ina chuid de cheann amháin ar a laghad de na catagóirí ábhair seo a leanas: saothair nó cláir atá ar aon dul le saothair nó cláir atá ealaíonta, cruthaitheach, aorach nó ficseanúil. Chun a fháil amach an dtagann domhainbhrionnú faoi cheann amháin nó níos mó de na catagóirí sin, is gá don úsáideoir gairmiúil measúnú cás ar chás a dhéanamh. Chun críoch Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, tuigtear na catagóirí sin mar a leanas:

— Tuigfear saothair ealaíonta mar shaothair a cruthaíodh chun críoch na healaíne, lena n-áirítear ceol, saothair chineamatagrafacha, agus na hamharc-ealaíona;

— Tuigfear saothair chruthaitheacha mar shaothair a bhfuil roghanna cruthaitheacha ag baint leo. Ní féidir saothair atá spreagtha go príomha ag breithnithe feidhmiúla nó teicniúla a mheas mar shaothair chruthaitheacha;

— Tuigfear saothair aoracha mar shaothair atá beartaithe chun an tsochaí, an pholaitíocht, pearsana gnó nó poiblí a cháineadh trí úsáid a bhaint as teicnící greannmhara (lena n-áirítear íoróin, searbhas, fonóid, paistís etc.);

— Tuigfear saothair fhicseanúla mar shaothair chultúrtha ina bhfuil daoine, réada, áiteanna, eintitis nó imeachtaí, i suíomh samhlaíoch, ach cosúlacht na fírinne;

— Tuigfear saothair den chineál céanna mar shaothair a bhfuil tréithe lárnacha nó saintréithe léiritheacha nó feidhmiúla comhchosúla acu leis na catagóirí thuas, ach nach n-oireann go néata d'aon cheann amháin.

(121) Féadfaidh feidhm a bheith ag na catagóirí ábhair thuas freisin maidir le cláir ar cheart iad a thuiscint mar mhír aonair laistigh de sceideal nó de chatalóg, arna mbunú ag soláthraí seirbhíse meán, atá inchomparáide ó thaobh foirme agus ábhair de leis an gcraoltóireacht teilifíse ([33]). An tagairt do 'saothair' i gcomhthéacs Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, níl aon tionchar aici ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-ábhar incháilithe le haghaidh cosaint faoi dhlí an Aontais maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara.

([33]) Féach ar an gcaoi chéanna Airteagal 1(b) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc.

(122) **Is follasach:** Ós rud é go dtagann domhainbhrionnú faoi cheann amháin (nó níos mó) de na catagóirí ábhair thuas, ba cheart é a bheith follasach do na daoine nádúrtha atá neamhchosanta air. Tugann sé sin le tuiscint gur cheart na catagóirí a léirmhíniú go docht, agus tá údar cuí leis sin toisc go bhfuil feidhm ag córas nochta níos éadroime mar gheall ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus ar shaoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí, agus is gá aghaidh a thabhairt go leordhóthanach fós ar rioscaí a bhaineann le mífhaisnéis, meabhlaireacht agus ionramháil an tráth céanna. Dá bhrí sin, eisiatar ábhar a bhféadfadh a chineál a bheith doiléir nó débhríoch don phobal meáin ó raon feidhme an chórais trédhearcachta níos éadroime sin. Áirítear an méid seo a leanas sna tosca ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chineál follasach an ábhair atá ealaíonta, cruthaitheach, aorach nó ficseanúil: (i) cé acu a thaispeánann nó nach dtaispeánann an t-ábhar formáidí nó stíleanna ar saintréith iad de na catagóirí ábhair (e.g. íoróin nó áibhéil le haghaidh saothair aoracha, stíleanna ealaíne áirithe, téamaí, teicnící nó aeistéitic shainiúil á dtaispeáint, etc.); (ii) an comhthéacs ina gcuirtear an t-ábhar i láthair (e.g. má bhaineann an t-ardán, an meán nó an áit ina gcuirtear an t-ábhar i láthair, ina gcuirtear ar fáil é nó ina ndáiltear é le húsáid ealaíonta, chruthaitheach, aorach nó fhicseanúil); agus (iii) ionchais an phobail meáin (e.g. scannán, timpeallacht chluichíochta, nó radharc réaltachta fíorúla). Ina theannta sin, leis an gcoinníoll gur cheart ábhar a bheith i gceann de na catagóirí ábhair thuas 'go follasach', eisiatar ábhar ó raon feidhme na gcatagóirí ábhair sin más rud é go bhfuil a chineál faisnéiseach nó tráchtála go heisiach agus go bhfuil sé inaitheanta amhlaidh (e.g. tuairisciú nuachta). I ndáil leis sin, d'fhéadfaí cineálacha áirithe ábhair (e.g. fógraí nó cláir faisnéise) ina bhfuil domhainbhrionnuithe a mheas mar shaothair ar follasach iad a bheith cruthaitheach nó ficseanúil i gcásanna sonracha áirithe, ach ní i gcásanna eile, ós rud é go bhfuil an measúnú cás-sonrach. Nuair a chomhcheanglaíonn an domhainbhrionnú roinnt tréithe (e.g. tréithe faisnéiseacha agus cruthaitheacha), ba cheart don tréith fhaisnéiseach a bheith i réim i gcónaí agus ba cheart comhlíonadh na gceanglas caighdeánach maidir le lipéadú a cheangal ina leith.

(123) **Nochtadh iomchuí nach gcuireann bac ar thaispeáint ná ar theachtadh an tsaothair**: Domhainbhrionnuithe atá ina gcuid de shaothair nó de chláir atá ar aon dul le saothair nó cláir ar léir iad a bheith ealaíonta, cruthaitheach, aorach nó ficseanach, ní eisiatar iad ó oibleagáid trédhearcachta Airteagal 50(4), an chéad fhomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Is gá d'úsáideoirí gairmiúla tionscnamh intleachta saorga an ábhair nó a ionramháil a nochtadh fós, ach is féidir leo é sin a dhéanamh ar bhealach iomchuí nach gcuireann isteach bac ar thaispeáint ná ar theachtadh an tsaothair. Soiléirítear le hAithris 134 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nár cheart do nochtadh iomchuí den sórt sin bac a chur ar ghnáthshaothrú ná ar ghnáthúsáid, agus gur féidir áirgiúlacht agus cáilíocht an tsaothair a choinneáil ar bun an tráth céanna. Is measúnú cás ar chás é a chinneadh cé na bearta nochta a mheasfar a bheith iomchuí, trína bhféadfaidh úsáideoirí gairmiúla na tosca ábhartha uile a mheas (lena n-áirítear cineál na tsaothair, an pobal meáin, comhthéacs, etc.). In aon chás, is gá d'úsáideoirí gairmiúla Airteagal 50(5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh (féach Roinn 7). I bhfianaise Airteagal 50(7) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, féadfaidh úsáideoirí gairmiúla cloí le cód cleachtais, a mheastar a bheith leordhóthanach de bhun na forála sin, chun comhlíonadh na hoibleagáide nochta sin a léiriú. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na héifeachtaí a bhaineann le cloí le cód den sórt sin agus maoirseacht ar úsáideoirí gairmiúla eile nach gcloíonn le cód, féach Roinn 8.1 thíos.

(124) **Coimircí iomchuí maidir le cearta agus saoirsí tríú páirtithe:** Soiléirítear le hAithris 134 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nach mór comhlíonadh na hoibleagáide trédhearcachta maolaithe agus úsáid domhainbhrionnuithe ealaíonta, cruthaitheacha, aoracha nó ficseanúla a bheith 'faoi réir coimircí iomchuí maidir le cearta agus saoirsí tríú páirtithe'. Dá bhrí sin, is gá d'úsáideoirí gairmiúla a áirithiú go ndéantar cearta agus saoirsí tríú páirtithe (lena n-áirítear e.g. a gceart go gcosnófaí sonraí pearsanta nó cearta maoine intleachtúla) a chosaint agus a urramú go leormhaith, agus domhainbhrionnuithe á gcruthú nó á bhfoilsiú acu, fiú má mheastar an domhainbhrionnú a bheith ealaíonta, cruthaitheach, aorach nó ficseanúil. Ní féidir brath ar an oibleagáid trédhearcachta maolaithe a bheith ina údar le mainneachtain cearta bunúsacha daoine aonair nó sealbhóirí cirt faoi dhlí an Aontais maidir le maoin intleachtúil nó faoi dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí a urramú ([34]).

Samplaí de dhomhainbhrionnuithe ar saothair iad atá ar aon dul le saothair atá ealaíonta, cruthaitheach, aorach nó ficseanúil:

— Saothar ealaíonta/ficseanúil: scannáin (nó tréiléir scannáin) ina bhfuil domhainbhrionnuithe aisteoirí dí-aosaithe, aisteoirí atá ann cheana nó macasamhlacha digiteacha aisteoirí caillte nó daoine eile a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga, atá ar fáil i bpictiúrlann nó ar ardán sruthaithe.

— Saothar ealaíonta/cruthaitheach: Ceol a ghintear leis an intleacht shaorga in aon chineál seánra atá an-chosúil le stíl aonair na n-ealaíontóirí atá ann cheana.

([34]) Tá feidhm aige sin freisin maidir le téacsanna foilsithe lena gcuirtear an pobal ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail.

— Saothar aorach/ficseanúil: Íomhá a ionramháiltear leis an intleacht shaorga de pholaiteoir atá ann cheana agus é á chur i radharc atá ceaptha go soiléir cinntí beartais áirithe a rinne an duine sin nó ar thacaigh an duine sin leo a cháineadh ar bhealach greannmhar.

— Saothar cruthaitheach/ficseanúil atá ar aon dul leis: Íomhánna cluichíochta a ghintear leis an intleacht shaorga lena mbaineann ionsamhlúcháin domhainbhrionnuithe d'fhíordhaoine atá ann cheana.

Samplaí de dhomhainbhrionnuithe nach saothair iad atá ar aon dul le saothair atá ealaíonta, cruthaitheach, aorach nó ficseanúil:

— Físeán a ionramháiltear leis an intleacht shaorga i stíl cainéal teilishiopadóireachta lena mbaineann ionsamhlú domhainbhrionnuithe de dhaoine a fhógraíonn táirge i radharc a ghintear leis an intleacht shaorga ina léirítear úsáid fheidhmiúil an táirge ag na tomhaltóirí ionsamhlaithe chun a chur ina luí ar an bpobal meáin an táirge a cheannach.

— Íomhá a ghintear leis an intleacht shaorga de dhaoine cáiliúla lena dtugtar le tuiscint go raibh siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí nár tharla riamh, gan aon chuspóir ficseanúil, aorach nó atá ar aon dul leis.

— Físeán a ionramháiltear leis an intleacht shaorga ina bhfuil tionchairí réalaíoch bréige a thástálann fíortháirge urraithe, atá dírithe ar fheidhmiúlachtaí an táirge a thaispeáint agus air sin amháin.

— Físeán a ghintear leis an intleacht shaorga ina léirítear radhairc réalaíocha ar an Uileloscadh atá á chomhroinnt ar ardáin meán sóisialta atá ar fáil go poiblí.

6.1.4. *Eisceacht maidir le forfheidhmiú an dlí*

(125) Má údaraítear le dlí úsáid domhainbhrionnaithe (e.g. físeán a ghintear leis an intleacht shaorga lena n-ionsamhlaítear imeachtaí nár tharla riamh) chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, díolmhaítear úsáideoirí gairmiúla ón oibleagáid trédhearcachta faoi Airteagal 50(4), an chéad fhomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Na soiléirithe dá bhforáiltear i bpointí 46-48 thuas maidir le heisceacht chomhchosúil in Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, tá siad ábhartha maidir leis an bhforáil sin freisin.

6.1.5. *Idirghníomhú le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais*

(126) Leis an oibleagáid trédhearcachta faoi Airteagal 50(4), an chéad fhomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, idirghníomhófar le hoibleagáidí soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne rioscaí sistéamacha a shainaithint agus a mhaolú de bhun Airteagail 34 agus 35 GSD, go háirithe Airteagal 35(1)(k) GSD ([35]). Liostaítear san fhoráil dheireanach sin, i measc na mbeart féideartha maolaithe riosca a fhéadfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne a ghlacadh, bearta lena n-áirithítear, cé acu is nó nach íomhá, fuaim nó físeán ginte nó ionramháilte í 'mír faisnéise' atá an-chosúil go suntasach le daoine, réada, áiteanna nó eintitis nó imeachtaí eile atá ann cheana agus a dhealraíonn go bréagach do dhuine a bheith barántúil nó fírinneach, go bhfuil sí inaitheanta trí mharcálacha feiceálacha nuair a chuirtear i láthair ar a gcomhéadain ar líne í'. Ina theannta sin, féadfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne feidhmiúlacht atá éasca le húsáid a sholáthar freisin, rud a chuireann ar a gcumas d'fhaighteoirí na seirbhíse faisnéis den sórt sin a chur in iúl. Cé gur cosúil go bhfuil an foráil sin de chuid GSD cosúil le hAirteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, tá sí comhlántach leis agus tá dhá dhifríocht thábhachtacha inti:

— **Raon feidhme ábhartha éagsúil an chur i bhfeidhm**: I gcomparáid le hAirteagal 50 (4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, cumhdaítear le hAirteagal 35(1)(k) GSD raon níos leithne ábhair a dhealródh go bréagach a bheith barántúil nó fírinneach, gan beann ar na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun an t-ábhar a chruthú (i.e. cumhdaítear leis ábhar a gineadh nó a ionramháladh trí chórais intleachta saorga a úsáid nó trí aon uirlis eile).

([35]) Féach freisin Roinn 4.4 chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an idirghníomhú idir Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus GSD.

— **Raon feidhme pearsanta éagsúil an chur i bhfeidhm**: Le hAirteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, cuirtear d'oibleagáid ar úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga lena ngintear nó lena n-ionramháiltear domhainbhrionnuithe an t-ábhar sin a lipéadú, agus tá feidhm ag Airteagal 35(1)(k) GSD maidir le soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne a scaipeann an t-ábhar nó a dhéanann ábhar den sórt sin inaimsithe trí chuardach. Mar shampla, d'fhéadfaí úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga atá comhtháite in ardán an-mhór ar líne faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga a mheas mar 'faighteoirí na seirbhíse' faoi Airteagal 3(b) GSD ([36]) má úsáideann siad an t-ardán an-mhór ar líne chun ábhar a ghintear leis an gcóras intleachta saorga ar leith a scaipeadh, agus féadfar an t-ardán an-mhór ar líne a mheas mar sholáthraí an chórais intleachta saorga an tráth céanna má chomhlíontar coinníollacha Airteagal 3(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. I gcás ina soláthraíonn soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne uirlisí lipéadaithe d'úsáideoirí gairmiúla den sórt sin lena gcuirtear ar a gcumas dóibh a n-ábhar domhainbhrionnaithe a lipéadú i gcomhréir le hAirteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga (i.e. tionscnamh na hintleachta saorga a nochtadh go soiléir agus go hinaitheanta), is féidir leis na húsáideoirí gairmiúla sin brath ar uirlisí den sórt sin chun a n-oibleagáid trédhearcachta faoin bhforáil sin a chomhlíonadh i gcomhthéacs an ardáin an-mhór ar líne agus an innill cuardaigh an-mhór ar líne a úsáidtear. Tá soláthar feidhmiúlachta den sórt sin gan dochar do fhreagracht na n-úsáideoirí gairmiúla faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga a n-oibleagáidí lipéadaithe a chomhlíonadh faoi Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Thairis sin, measfar gur úsáideoirí gairmiúla córais intleachta saorga iad soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga má úsáideann siad córas intleachta saorga faoina n-údarás chun a gcríoch gairmiúil féin (e.g. íomhánna a chruthú lena n-úsáid mar chuid d'ábhar margaíochta).

(127) Má áirítear sa domhainbhrionnú faisnéis a bhaineann le duine nádúrtha atá in-sainaitheanta go díreach nó go hindíreach (atá beo), beidh ar úsáideoirí gairmiúla mar rialaitheoirí faoi dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí na hoibleagáidí ar leith faoi dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh freisin ([37]). Áirítear leis sin, mar shampla, a bheith ag brath ar bhunús dlí iomchuí chun na sonraí pearsanta a phróiseáil, faisnéis i dtaca le próiseáil sonraí a bhaineann leis na hábhair sonraí a léirítear, etc.

(128) Thairis sin, beidh ar úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga lena ngintear domhainbhrionnuithe a áirithiú go gcomhlíonann siad dlíthe maoine intleachtúla ábhartha an Aontais (amhail dlí trádmharcanna an Aontais agus dlí an Aontais maidir le cóipcheart nó cearta gaolmhara) má ionchorpraítear ina ndomhainbhrionnú ábhar atá cosanta faoi na dlíthe sin. Níl aon tionchar, dá réir, ag cur i bhfeidhm lipéid nó deilbhín le domhainbhrionnú ar a incháilitheacht le haghaidh cosaint cóipchirt, ar cheart é a mheasúnú i gcomhréir le dlí cóipchirt an Aontais is infheidhme.

(129) I gcás ina léirítear daoine atá ann cheana i ndomhainbhrionnuithe, beidh ar úsáideoirí gairmiúla córais dhlíthiúla ábhartha a chomhlíonadh freisin lena gcosnaítear cearta pearsantachta ar íomhánna pearsanta nó guthanna. Ní thugtar le tuiscint le hoibleagáid trédhearcachta Airteagal 50(4), an chéad fhomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga go bhféadfaí domhainbhrionnuithe a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga agus atá díobhálach agus neamhdhleathach faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta is infheidhme (e.g. fógraíocht mhíthreorach nó dlí coiriúil amhail ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí agus íomhánna dlúthphearsanta neamhthoiliúla) a ghiniúint agus a scaipeadh (féach freisin Roinn 4.4).

6.2. Na príomh-chomhpháirteanna, na príomhchoincheapa agus na hoibleagáidí trédhearcachta gaolmhara maidir le téacs a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga. faoi Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga

(130) Tá feidhm ag Airteagal 50(4), an dara fomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga má chomhlíontar roinnt coinníollacha:

(i) Ní mór don chóras a bheith ina chóras intleachta saorga;

(ii) Úsáidtear é chun téacs a ghiniúint nó a ionramháil (féach Roinn 4.2.1.) a fhoilsítear chun an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail;

(iii) Ní thagann úsáid an chórais intleachta saorga faoi aon cheann de na heisceachtaí i gcás (1) ina ndearnadh próiseas athbhreithnithe dhaonna nó rialaithe eagarthóireachta ar an ábhar a ghintear leis an intleacht shaorga agus i gcás ina bhfuil freagracht eagarthóireachta ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach as an ábhar a fhoilsiú nó i gcás (2) ina bhfuil an úsáid údaraithe le dlí chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

([36]) Aithris 2 de GSD.

([37]) Chun soiléiriú níos mionsonraithe a fháil, féach treoirlínte comhpháirteacha ón gCoimisiún agus ó BECS maidir leis an idirghníomhú idir an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí (atá á ullmhú).

6.2.1. *Téacs a fhoilsítear chun an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail*

(131) Chun raon feidhme Airteagal 50(4), an dara fomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a shoiléiriú, déantar scrúdú ar thrí ghné thíos: (i) téacs a fhoilsítear (ii) chun an pobal a chur ar an eolas (iii) faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail.

(i) **Téacs a fhoilsítear:** Ba cheart an téacs a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a fhoilsiú. Ciallaíonn sé sin gur cheart rochtain a bheith ag líon neamhchinntithe réasúnta mór léitheoirí neamhghaolmhara féideartha ar an téacs an tráth céanna agus/nó i ndiaidh a chéile, bíodh sin ar íocaíocht nó ná bíodh (e.g. síntiúis) ([38]). Os a choinne sin, ní mheastar téacs a bheith foilsithe má tá rochtain teoranta do dhaoine aonair sonracha ar de ghrúpa dúnta príobháideach iad (e.g. grúpa beag dúnta ar aip teachtaireachtaí meandracha, nó má tá an grúpa róbheag nó neamhthábhachtach). Áirítear sna samplaí de théacs nach meastar a bheith foilsithe e.g. comhfhreagras príobháideach, idirphearsanta (chun críoch gairmiúil), nó téacsanna inmheánacha eagraíochta nó teachtaireachtaí (e.g. foilseacháin ar líonraí corparáideacha inmheánacha).

(ii) **An pobal a chur ar an eolas:** Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an téacs foilsithe a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga an pobal a chur ar an eolas. Is éard atá i gceist leis sin gur cheart a bheith beartaithe leis an téacs eolas, tuairimí nó fíorais a chur in iúl. Os a choinne sin, ní féidir a mheas go gcuireann téacsanna gearra nach gcuireann eolas, tuairimí ná fíorais in iúl go hábhartha an pobal ar an eolas.

(iii) **Faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail:** Ba cheart don téacs an pobal a chur ar an eolas 'faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail'. Go ginearálta, ba cheart a thuiscint go gcumhdaítear leis na hábhair sin na hábhair atá ábhartha don tsochaí i gcoitinne, cibé acu ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus ar fiú díospóireacht phoiblí nó grinnscrúdú poiblí a dhéanamh orthu. I ndáil leis sin, ba cheart téacsanna a mheas chun aghaidh a thabhairt ar ábhair a bhaineann le leas an phobail má chumhdaítear leo topaicí a bhaineann leis an bpolaitíocht agus le próisis dhaonlathacha, leis an riarachán poiblí agus le seirbhísí poiblí, le riar an cheartais agus le forfheidhmiú an dlí, le cosaint na gceart bunúsach, leis an tslándáil phoiblí, leis an tsláinte phoiblí, le cosaint an chomhshaoil, le sábháilteacht an tomhaltóra, agus le haon fhorbairt eacnamaíoch, airgeadais, pholaitiúil, eolaíoch nó chultúrtha a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don díospóireacht phoiblí. Is féidir forbairt teacht ar ábhair a d'fhéadfaí a mheas mar ábhair a bhaineann le leas an phobail le himeacht ama agus ar fud comhthéacsanna.

Samplaí de théacs a fhoilsítear chun an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail faoi Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nach mór a lipéadú mar théacs a gineadh nó a ionramháladh go saorga mura bhfuil sé faoi réir athbhreithniú daonna/rialú eagarthóireachta (féach Roinn 6.2.3):

— Achoimre a ghintear leis an intleacht shaorga ar alt arna scríobh ag daoine ar shuíomh gréasáin nuachtáin ina bpléitear cinneadh a rinne comhairle baile le déanaí.

— Codanna a ionramháiltear leis an intleacht shaorga d'alt ar shuíomh gréasáin stíle maireachtála lena ndéantar comparáid idir éifeachtaí aistí bia éagsúla ar ghalar ar leith i measc mná meánaosta.

— Tuarascálacha corparáideacha a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin cuideachta liostaithe ina bhfuil faisnéis d'infheisteoirí.

— Teachtaireacht a ghintear leis an intleacht shaorga ar phróifíl meán sóisialta institiúide meitéareolaíoch a thugann rabhadh do shaoránaigh faoi aimsir stoirmiúil agus faoi bhearta réamhchúraim gaolmhara.

Samplaí de théacs nach bhfoilsítear chun an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga:

— Úrscéalta fantaisíochta a ghintear leis an intleacht shaorga.

— Téacs a ionramháiltear leis an intleacht shaorga atá ina chuid d'fhógra nó de thuairiscí táirge ó chuideachta (gan aon mhaíomh a bhaineann le e.g. sláinte, sábháilteacht an tomhaltóra nó inbhuanaitheacht a áireamh).

— Achoimre nuachta a ghintear le bota comhrá nach bhfuil ar fáil ach don úsáideoir a d'iarr ar an mbota comhrá.

— Téacs a ionramháiltear leis an intleacht shaorga ó shainchomhairleoir le haghaidh comhairle cliaint maidir le bearta atá le déanamh chun an reachtaíocht is infheidhme a chomhlíonadh ar bhonn rialála.

([38]) Féach, de réir analaí, C-89/04, *Mediakabel*, EU:C:2005:348, mír 33; C-192/04, *Lagardère*, EU:C:2005:475, mír 31; C-306/05, *SGAE*, EU:C:2006:764, míreanna 37-40; C-527/15, *Stichting Brein*, EU:C:2017:300, míreanna 43-44 agus an cásdlí a luaitear; Cás C-135/23, *GEMA*, EU:C:2024:526, mír 38 agus an cásdlí a luaitear).

6.2.2. *An oibleagáid nochta faoi Airteagal 50(4), an dara fomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga*

(132) Le hAirteagal 50(4), an dara fomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, cuirtear d'oibleagáid ar úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga, a ghineann nó a ionramhálann téacs a fhoilsítear chun an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail, a nochtadh gur gineadh nó gur ionramháladh téacs den sórt sin go saorga. Soiléirítear le hAithris 134 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ar an gcaoi chéanna le domhainbhrionnaithe, gur cheart d'úsáideoirí gairmiúla foilseachán téacs, a thagann faoi raon feidhme na forála, a nochtadh go soiléir agus go sainiúil gur cruthaíodh nó gur ionramháladh an t-ábhar sin go saorga trí aschur na hintleachta saorga a lipéadú dá réir sin agus a thionscnamh saorga a nochtadh. Mar a cheanglaítear i leith domhainbhrionnaithe, ba cheart modhanna lipéadaithe nó nochta (lena n-áirítear séantaí) arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 50(4), an dara fomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a bheith soiléir agus inbhraite ag daoine nádúrtha freisin (e.g. bearta infheicthe nó inchloiste), gan gá dóibh brath ar aon uirlis theicniúil shonrach ná gníomhaíochtaí tiomnaithe a dhéanamh. I bhfianaise Airteagal 50(7) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, féadfaidh úsáideoirí gairmiúla cloí le cód cleachtais, a mheastar a bheith leordhóthanach de bhun na forála sin, chun comhlíonadh na hoibleagáide nochta sin a léiriú. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na héifeachtaí a bhaineann le cloí le Cód den sórt sin agus maoirseacht ar úsáideoirí gairmiúla nach gcloíonn le cód den sórt sin, féach Roinn 8.1 thíos.

6.2.3. *Eisceacht ón oibleagáid trédhearcachta maidir le téacs atá faoi athbhreithniú daonna nó faoi rialú eagarthóireachta agus faoi fhreagracht eagarthóireachta*

(133) Déantar foráil le hAirteagal 50(4), an dara fomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le heisceacht ón oibleagáid trédhearcachta a leagtar síos san fhoráil sin i gcás ina gcomhlíontar dhá choinníoll charnacha: (i) ní mór athbhreithniú daonna nó rialú eagarthóireachta a bheith déanta ar an téacs a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga agus (ii) ní mór freagracht eagarthóireachta a bheith ar dhuine dlítheanach nó nádúrtha as an bhfoilseachán. I gcás inarb ábhartha, féadfaidh úsáideoirí gairmiúla brath ar chaighdeáin ghairmiúla nó dualeolaíochta ábhartha is infheidhme chun comhlíonadh na gceanglas sin a léiriú mar a leagtar amach thíos.

i. Téacs atá faoi athbhreithniú daonna nó faoi rialú eagarthóireachta

(134) Ceanglaítear leis an gcéad choinníoll chun feidhm a bheith ag an eisceacht ó Airteagal 50(4), an dara fomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga go raibh an téacs a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga faoi réir athbhreithniú daonna nó rialú eagarthóireachta. Tagraíonn athbhreithniú daonna do scrúdú d'aon ghnó ar shubstaint an ábhair ag duine nádúrtha amháin nó níos mó ag a bhfuil eolas ábhartha agus breithiúnas gairmiúil a bhaineann leis an ábhar atá faoi ghrinnscrúdú (e.g. athbhreithniú piaraí acadúil nó slabhraí bailíochtaithe ghairmiúil). Is íoscheanglas é seiceáil fíricí ar chruinneas an ábhair agus ba cheart é sin a bheith ina chuid den athbhreithniú sin. Tagraíonn rialú eagarthóireachta don rialú a fheidhmíonn eintiteas eagarthóireachta freagrach sa chleachtas (e.g. príomheagarthóir) ar an ábhar a bhfuil sé d'údarás aige substaint an téacs a fhormheas, a athrú nó a dhiúltú bunaithe ar fhoras substainteach (lena n-áirítear seiceáil fíricí ar fhaisnéis agus iontaofacht foinsí a áirithiú). Tá sé sin gan dochar do nósanna imeachta athbhreithniúcháin agus eagarthóireachta atá ann cheana agus do chaighdeáin ghairmiúla is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse meán.

(135) Ní féidir le seiceálacha foirmiúla nó seiceálacha nós imeachta amháin atá fánach (e.g. seiceáil litrithe nó ceartú gramadaí), beartas eagarthóireachta a bheith ann, próisis athbhreithnithe uathoibrithe nó formheas eagarthóireachta sciobtha gan rannpháirtíocht shubstainteach an athbhreithneora dhaonna nó an eintitis eagarthóireachta, na coinníollacha maidir le hathbhreithniú daonna nó rialú eagarthóireachta a chomhlíonadh chun críocha na heisceachta sin.

(136) I gcás ina n-úsáidtear córais intleachta saorga chun ábhar a mhodhnú, a fhorlíonadh nó a athfhoirmliú tar éis síniú eagarthóireachta, ní mór caitheamh leis an ábhar a eascraíonn as sin mar ábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga chun críocha Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Dá bhrí sin, má tharlaíonn aon idirghabháil shubstainteach intleachta saorga tar éis an próiseas athbhreithnithe dhaonna nó rialaithe eagarthóireachta a bheith déanta, cuirfear an eisceacht ar neamhní.

(137) I bhfianaise Airteagal 50(7) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, féadfaidh úsáideoirí gairmiúla cloí le cód cleachtais, a mheastar a bheith leordhóthanach de bhun na forála sin, chun comhlíonadh an choinníll maidir le hathbhreithniú daonna nó rialú eagarthóireachta a léiriú (go háirithe comhlíonadh ag úsáideoirí gairmiúla nach soláthraithe seirbhíse meán iad atá faoi réir caighdeáin ghairmiúla eagarthóireachta nó dualeolaíochta atá ann cheana) a leagtar síos san fhoráil sin. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na héifeachtaí a bhaineann le cloí le cód den sórt sin agus maoirseacht ar úsáideoirí gairmiúla nach gcloíonn le cód den sórt sin, féach Roinn 8.1.

ii. *Freagracht eagarthóireachta*

(138) Leis an dara coinníoll maidir le cur i bhfeidhm na heisceachta ó Airteagal 50(4), an dara fomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ceanglaítear ar dhuine dlítheanach nó nádúrtha freagracht eagarthóireachta a bheith air as an ábhar a fhoilsiú. Ciallaíonn sé sin nach mór an fhreagracht dhlíthiúil deiridh a bheith ar an duine sin as an ábhar a fhoilsiú, lena n-áirítear an t-athbhreithniú daonna nó an rialú eagarthóireachta (e.g. duine aonair, bord eagarthóireachta, nó an chuideachta foilsitheoireachta). Chun cuntasacht agus muinín an phobail a áirithiú, agus i gcomhréir leis na caighdeáin ghairmiúla meán atá ann cheana, ba cheart céannacht agus sonraí teagmhála an duine dhlítheanaigh, an duine nádúrtha nó na feidhme ar a bhfuil freagracht eagarthóireachta a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh atá so-aimsithe (mura bhfuil siad ar fáil ar bhealach eile go fóill). D'fhéadfadh sé sin a dhéanamh ar líne trí théarmaí agus coinníollacha suímh gréasáin nó trí fhaisnéis dhlíthiúil eile atá dírithe ar an úsáideoir, mar shampla. As líne, is féidir an fhaisnéis sin a áireamh i bhfógra colafain foilseacháin nó i bhfógra eagráin.

Samplaí de théacs atá faoi réir athbhreithniú daonna nó rialú eagarthóireachta a bhfuil freagracht eagarthóireachta ar dhuine dlítheanach nó nádúrtha as:

— Alt a ionramháiltear leis an intleacht shaorga i nuachtán nó achoimre a ghintear leis an intleacht shaorga ar alt a bhí faoi réir rialú eagarthóireachta an phríomheagarthóir ar leith agus freagracht eagarthóireachta ar an duine dlítheanach a fhoilsíonn an nuachtán.

— Blag acadúil a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a ndearnadh athbhreithniú piaraí inmheánach air agus ina bhfuil freagracht eagarthóireachta ar an lárionad taighde ar leith a bhainistíonn an blag.

— Rabhaidh sábháilteachta poiblí a ghintear leis an intleacht shaorga arna bhformheas ag oifigeach poiblí sula ndáiltear iad ar shaoránaigh, faoi fhreagracht na gníomhaireachta poiblí ábhartha um chosaint shibhialta.

— Tuarascálacha inbhuanaitheachta a ghintear leis an intleacht shaorga agus a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin cuideachta liostaithe a ndearna gairmithe i bhfeidhmeanna ábhartha (e.g. comhlíonadh) athbhreithniú daonna orthu.

— Aistriúchán trí thacaíocht ón intleacht shaorga ar alt atá scríofa ag duine trína ndearnadh athbhreithniú daonna ar an aistriúchán.

Samplaí de théacs nach gcomhlíonann an t-athbhreithniú daonna nó an rialú eagarthóireachta is gá chun tairbhiú den eisceacht:

— Suíomh gréasáin ar a bpostáiltear ailt a ghintear leis an intleacht shaorga maidir le beartas an Aontais gan aon athbhreithniú daonna ná rialú eagarthóireachta d'aon ghnó.

— Ailt a ghintear leis an intleacht shaorga a ndéanann córas intleachta saorga eile athbhreithniú agus eagarthóireacht orthu agus i gcás nach ndéanann eagarthóir daonna ach seiceáil fhánach ghramadaí sula bhfoilsítear iad.

— Leabhar féinfhoilsithe a ghintear leis an intleacht shaorga maidir leis an athrú aeráide, arna chur ar fáil ar ardán ríomhthráchtála nach ndearna duine nádúrtha ná dlítheanach inniúil (ná an t-ardán) aon athbhreithniú air.

6.2.4. *Eisceacht maidir le forfheidhmiú an dlí*

(139) Má údaraítear le dlí úsáid córas intleachta saorga chun téacs a fhoilsítear a ghiniúint chun an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le leas an phobail gan athbhreithniú daonna (e.g. rabhadh póilíneachta a ghintear leis an intleacht shaorga maidir le bagairt sceimhlitheoireachta a fhoilsítear ar na meáin shóisialta) chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, díolmhaítear úsáideoirí gairmiúla ón oibleagáid trédhearcachta faoi Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Na soiléirithe dá bhforáiltear i bpointí 46-48 thuas maidir le heisceacht chomhchosúil in Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, tá siad ábhartha maidir leis an bhforáil sin freisin.

6.2.5. *Idirghníomhú le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais*

(140) I gcás dhlí an Aontais maidir leis na meáin, is coincheap ríthábhachtach í an fhreagracht eagarthóireachta a shainmhínítear in Airteagal 2(8) de Rialachán (AE) 2024/1083 (an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán nó GESM) ([39]). Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn 'freagracht eagarthóireachta' rialú éifeachtach a fheidhmiú maidir le roghnú na gclár nó na bpreasfhoilseachán agus maidir lena n-eagrú, chun seirbhís meán a sholáthar, gan beann ar dhliteanas a bheith ann faoin dlí náisiúnta i leith na seirbhíse a sholáthraítear'. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh forluí a bheith ann idir an sainmhíniú sin agus coincheap na freagrachta eagarthóireachta a úsáidtear in Airteagal 50(4), an dara fomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, go háirithe i gcás ina gcáilíonn úsáideoirí gairmiúla an chórais intleachta saorga mar sholáthraithe seirbhíse meán faoi GESM. Dá bhrí sin, ba cheart freagracht eagarthóireachta de réir bhrí Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a léirmhíniú i gcomhréir le acquis na meán atá ann cheana, d'ainneoin gur coincheap ar leith fós é a bhféadfadh feidhm a bheith aige freisin i gcomhthéacsanna níos leithne agus maidir le húsáideoirí gairmiúla eile, ar choinníoll go nglacann siad freagracht eagarthóireachta as an foilseachán téacs. Féadfaidh soláthraithe seirbhíse meán brath ar na próisis eagarthóireachta agus ar na caighdeáin eagarthóireachta atá acu cheana chun tairbhiú den eisceacht faoi Airteagal 50(4), an dara mír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

7. CEANGLAIS CHOTHROMÁNACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LEIS AN BHFAISNÉIS A SHOLÁTHRAÍTEAR FAOI AIRTEAGAL 50(5) DEN GHNÍOMH UM AN INTLEACHT SHAORGA

(141) De bhun Airteagal 50(5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ba cheart an fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 50(1) go (4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a sholáthar do na daoine nádúrtha lena mbaineann ar bhealach soiléir inaitheanta, ar a dhéanaí tráth a dhéanfar an chéad idirghníomhaíocht nó an chéad nochtadh. Ba cheart an fhaisnéis a bheith i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme freisin. Áirítear leis na daoine nádúrtha lena mbaineann sa chomhthéacs sin na daoine a idirghníomhaíonn go díreach leis an gcóras intleachta saorga (Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga), úsáideoirí gníomhacha nó éighníomhacha agus daoine eile atá neamhchosanta ar ábhar sintéiseach a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga (le hidirghníomhú díreach leis an gcóras intleachta saorga nó gan idirghníomhú (Airteagal 50(2) agus (4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga)), agus daoine atá faoi réir úsáid córais aitheanta mothúchán nó córais catagóirithe bhithmhéadraigh (Airteagal 50(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga).

7.1. **Faisnéis a sholáthar ar bhealach soiléir inaitheanta**

(142) Measfar go soláthrófar faisnéis ar bhealach soiléir i gcás ina mbeidh sí suntasach, sothuigthe agus inrochtana don duine nádúrtha lena mbaineann (lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas). Measfar go soláthrófar faisnéis ar bhealach inaitheanta i gcás ina mbeidh sé éasca í a shainaithint mar fhaisnéis ar leithligh ó fhaisnéis eile agus ón timpeallacht ina gcuirtear an t-ábhar i láthair. Ní mór é a bheith sothuigthe don phobal meáin freisin, lena n-áirítear grúpaí sonracha, amhail leanaí nó daoine faoi mhíchumas i gcás inar cuid den phobal meáin iad atá neamhchosanta go hintuartha ar an ábhar nó a idirghníomhaíonn leis an gcóras ([40]). Chun faisnéis a sholáthar ar bhealach soiléir inaitheanta, féadfar an fhaisnéis ábhartha a chur i láthair *inter alia* mar chuid den idirghníomhaíocht (faoi Airteagal 50(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga) nó mar chuid den ábhar ábhartha (faoi Airteagal 50(2) agus (4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga). Ní mheasfar go soláthrófar faisnéis ar bhealach soiléir inaitheanta i gcás inar féidir le daoine nádúrtha dearmad a dhéanamh uirthi nó í a chailleadh go héasca faoi ghnáthdhálaí nochta nó idirghníomhaíochta (e.g. gan í a áireamh ach amháin mar chuid de lámhleabhar nó í a bheith folaithe faoi shraitheanna de roghanna roghchláir ar chomhéadan ar líne, mar chuid de théarmaí úsáide nach léann úsáideoirí go minic).

([39]) Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) (IO L, 2024/1083, 17.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1083/oj).

([40]) I gcás inar cuid de spriocphobal meáin an ábhair iad leanaí, ní mór do na fógraí sin a bheith: (i) oiriúnach do leanaí, oiriúnach ó thaobh aoise de, sothuigthe agus inrochtana go héasca do gach leanbh, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas agus/nó a bhfuil riachtanais bhreise inrochtaineachta acu; (ii) curtha i láthair go soiléir ar bhealach atá sothuigthe agus atá chomh simplí agus chomh gonta agus is féidir; (iii) curtha i láthair ar bhealaí atá éasca a athbhreithniú agus lena ndéantar foráil maidir le rochtain láithreach agus iomasach, ag na pointí ag a dtagann siad chun bheith ábhartha; (iv) curtha i láthair i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina soláthraítear an tseirbhís; (v) spéisiúil do leanaí. D'fhéadfaí úsáid grafaicí, físeán, agus/nó carachtar nó teicnící eile a áireamh leis sin freisin; (vi) tugtha do leanaí de réir a chéile agus le himeachta ama chun coinneáil úsáideoirí a uasmhéadú.

7.2. **An chéad idirghníomhaíocht nó an chéad nochtadh**

(143) Ceanglaítear le hAirteagal 50(5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga go soláthrófar an fhaisnéis do na daoine nádúrtha lena mbaineann ar a dhéanaí tráth a dhéanfar an chéad idirghníomhaíocht nó an chéad nochtadh. Tagraíonn an chéad idirghníomhaíocht nó an chéad nochtadh ní hamháin don chéad duine nádúrtha a idirghníomhaíonn le córas intleachta saorga nó atá neamhchosanta air, ach freisin d'aon idirghníomhaíocht a dhéanann aon duine nádúrtha eile leis an gcóras intleachta saorga nó aon duine nádúrtha eile atá neamhchosanta ar an gcóras intleachta saorga (ar aschur an chórais) ina dhiaidh sin. A mhéid a bhaineann leis an gcéad idirghníomhaíocht le córas intleachta saorga, ba cheart, ar a laghad, an fhaisnéis a sholáthar uair amháin ag tús seisiúin idirghníomhaigh, agus na comhthéacsanna sonracha a luaitear i bpointí 36 agus 40 thuas á gcur san áireamh. A mhéid a bhaineann le hábhar a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a thagann faoi raon feidhme Airteagal 50(2) agus (4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, tá feidhm ag an oibleagáid faisnéise maidir le gach aschur córais intleachta saorga i ndáil le haon duine nádúrtha atá neamhchosanta ar an ábhar. Ba cheart é a thuiscint sa chiall gur dócha le réasún aon tráth a bheidh duine nádúrtha neamhchosanta ar aschur an chórais intleachta saorga agus an nochtadh a bhrath, agus sainiúlachtaí an nochta á gcur san áireamh i gcás inar follasach gur saothair chruthaitheacha, ealaíonta agus saothair eile iad (féach Roinn 6.1.3.). Thairis sin, ceadaítear d'úsáideoirí gairmiúla daoine nádúrtha a chur ar an eolas níos luaithe ná an chéad idirghníomhaíocht nó nochtadh iarbhír (e.g. ag tús an ábhair ina bhfuil domhainbhrionnuithe). Mar sin féin, má tá sé measartha intuartha go bhféadfadh sé nach mbraithfeadh daoine ábhar ón tús, níl nochtadh ag tús an ábhair amháin leordhóthanach chun na daoine sin a chur ar an eolas agus ba cheart é a chomhlánú le nochtadh tráthanna níos déanaí, i gcás inar féidir. Féadfar é sin a chur chun feidhme de réir mar is iomchuí, agus cuspóir na n-oibleagáidí trédhearcachta á chur san áireamh chun soláthar éifeachtach na faisnéise agus feasacht fhóinteach na n-úsáideoirí a áirithiú i dtimpeallachtaí intleachta saorga atá ag éirí níos tumthaí agus níos réalaíche ina bhfuil deacrachtaí méadaitheacha ag úsáideoirí idirdhealú a dhéanamh idir tionscnamh agus fírinneacht an ábhair agus na hidirghníomhaíochta.

Samplaí de sholáthar faisnéise ag an gcéad idirghníomhaíocht nó ag an gcéad nochtadh faoi Airteagal 50(5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga:

— An chéad idirghníomhaíocht: agus comhrá á lainseáil le bota comhrá nó tús á chur le hidirghníomhaíocht fhisiciúil le córas intleachta saorga.

— An chéad nochtadh: ag tús físeáin ina bhfuil domhainbhrionnú, ag tús foilseacháin téacs a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga maidir le hábhair a bhaineann le leas an phobail, nó nuair atá domhainbhrionnuithe a ionramháiltear leis an intleacht shaorga ann agus iad ag scrolláil ar na meáin shóisialta.

7.3. **Comhlíonadh na gceanglas inrochtaineachta is infheidhme**

(144) Ní mór do sholáthraithe agus d'úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga a thagann faoi raon feidhme na n-oibleagáidí trédhearcachta éagsúla a liostaítear in Airteagal 50(1)-(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a bheith ar an eolas faoi na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme (e.g. faoi Threoir 2016/2102 ([41]) agus Treoir 2019/882 ([42])) agus measúnú a dhéanamh ar cé acu is gá nó nach gá dá dtáirge, dá seirbhís nó dá n-ábhar na rialacha sin a chomhlíonadh. I gcás den sórt sin, ní mór dóibh inrochtaineacht na faisnéise a chuirtear in iúl i gcomhréir le hAirteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a áirithiú i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme. Ní fhorchuirtear le hAirteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ceanglais inrochtaineachta ar leith ná ceanglais bhreise.

8. **FORFHEIDHMIÚ AIRTEAGAL 50 DEN GHNÍOMH UM AN INTLEACHT SHAORGA**

(145) Is é is aidhm don roinn seo an méid seo a leanas a shoiléiriú: (i) na héifeachtaí a bhaineann le cloí le cód cleachtais a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí trédhearcachta maidir le hábhar a ghintear leis an intleacht shaorga; (ii) ról na n-údarás maoirseachta inniúil maidir le forfheidhmiú Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga; (iii) na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar na hoibleagáidí sin; agus (iv) an tráth a thiocfaidh na hoibleagáidí in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga i bhfeidhm.

([41]) Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht shuíomhanna gréasáin agus fheidhmchláir mhóibíleacha chomhlachtaí na hearnála poiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).

([42]) Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), PE/81/2018/REV/1 (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

8.1. **Éifeachtaí de chomhlíonadh cóid cleachtais a mheastar a bheith leordhóthanach**

(146) Féadfaidh soláthraithe agus úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga a thagann faoi raon feidhme Airteagal 50(2) agus (4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga comhlíonadh a n-oibleagáidí trédhearcachta ar leith a léiriú maidir le hábhar a ghintear leis an intleacht shaorga faoi na forálacha sin trí chloí le cód cleachtais a mheastar a bheith leordhóthanach de bhun Airteagal 50(7) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ([43]). Ní thagann Cód den sórt sin in ionad an Ghnímh um an Intleacht Shaorga ná in ionad na dTreoirlínte seo. Comhlánaíonn sé iad tríd an aon chreat praiticiúil a aithnítear ar fud an Aontais a sholáthar do sholáthraithe agus úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga giniúnaí chun comhlíonadh na n-oibleagáidí sin a léiriú, gan beann ar a n-áit bhunaíochta, a n-oibriú, agus a n-údaráis inniúla um fhaireachas margaidh.

(147) Cé go bhféadfaidh soláthraithe agus úsáideoirí gairmiúla comhlíonadh na n-oibleagáidí sin a léiriú freisin trí mhodhanna malartacha leordhóthanacha, is bealach simplí, intuartha agus cinnte ó thaobh an dlí de é cloí le cód cleachtais a mheastar a bheith leordhóthanach chun comhlíonadh a léiriú. I gcás sínitheoirí cóid cleachtais a mheastar a bheith leordhóthanach de bhun Airteagal 50(7) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ([44]), díreoidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla um fhaireachas margaidh a ngníomhaíochtaí maoirseachta ar mheasúnú a dhéanamh ar cé acu a chloígh nó nár chloígh na sínitheoirí sin leis an gcód cleachtais agus ar cé acu a chuir nó nár chuir siad na bearta atá ann chun feidhme. Ós rud é go mbeidh soláthraithe agus úsáideoirí gairmiúla atá ag cloí leis trédhearcach faoi na bearta a chuireann siad chun feidhme chun Airteagal 50(2), (4) agus (5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh, bainfidh siad tairbhe as muinín mhéadaithe an Choimisiúin, na n-údarás inniúil eile um fhaireachas margaidh, agus na bpáirtithe leasmhara eile (lena n-áirítear an pobal i gcoitinne). Má roghnaíonn sínitheoirí cód cleachtais gan a bheith páirteach i ranna, a mheastar a bheith leordhóthanach, caillfidh na soláthraithe agus na húsáideoirí gairmiúla sin an tairbhe a bhaineann le léiriú an chomhlíonta a éascú ina leith sin.

(148) Soláthraithe agus úsáideoirí gairmiúla nach sínitheoirí cóid cleachtais iad, ar cód é a mheastar a bheith leordhóthanach de bhun Airteagal 50(7) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, tá coinne ann go léireoidh siad conas a chomhlíon siad a n-oibleagáidí faoi Airteagal 50(2), (4) agus (5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga trí mhodhanna leordhóthanacha eile. Thairis sin, tá coinne ann go míneoidh na soláthraithe agus na húsáideoirí gairmiúla sin conas a áirithíonn na bearta a chuireann siad chun feidhme comhlíonadh a n-oibleagáidí faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga. Mar shampla, ba cheart dóibh anailís ar bhearnaí a dhéanamh lena ndéantar comparáid idir na bearta atá curtha chun feidhme acu agus na bearta a leagtar amach le cód cleachtais a mheastar a bheith leordhóthanach. Ós rud é gur lú an tuiscint a bheidh ag údaráis inniúla (lena n-áirítear an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga) ar an gcaoi a n-áirithíonn soláthraithe agus úsáideoirí gairmiúla nach sínitheoirí cóid cleachtais iad comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Airteagal 50(2), (4) agus (5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, is dócha go mbeidh faisnéis níos mionsonraithe ag teastáil uathu agus faireachán á dhéanamh acu ar chomhlíonadh. Mar shampla, féadfaidh soláthraithe nach gcloíonn le cód cleachtais a bheith faoi réir líon níos mó iarrataí ar fhaisnéis agus iarrataí ar rochtain chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, idir-inoibritheacht, stóinseacht agus iontaofacht na réiteach teicniúil arna gcur chun feidhme chun Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a chomhlíonadh. Féadfaidh úsáideoirí gairmiúla a bheith faoi réir iarrataí den sórt sin freisin maidir lena gcleachtais lipéadaithe faoi Airteagal 50(4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

(149) Féadfaidh údaráis inniúla gealltanais arna gcur chun feidhme i gcomhréir le cód cleachtais a mheastar a bheith leordhóthanach a chur san áireamh mar thoisc mhaolaitheach agus an méid fíneálacha á shocrú, ag brath ar na himthosca sonracha ([45]).

(150) Mura meastar cód cleachtais a bheith leordhóthanach de bhun Airteagal 50(7) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear rialacha comhchoiteanna maidir le cur chun feidhme oibleagáidí Airteagal 50(2), (4) agus (5) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, a bheadh infheidhme maidir le gach soláthraí agus úsáideoir gairmiúil ábhartha córas intleachta saorga a thagann faoi raon feidhme na bhforálacha sin ([46]).

([43]) Féach an fhaisnéis ábhartha faoin gCód Cleachtais maidir le Trédhearcacht Ábhair a Ghintear leis an Intleacht Shaorga| Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú a foilsíodh an 10 Meitheamh 2026.

([44]) Féach Tuairim ón gCoimisiún i dtaca le measúnú ar an gCód Cleachtais maidir le Trédhearcacht Ábhair a Ghintear leis an Intleacht Shaorga| Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú.

([45]) Airteagal 99(7)(e) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

([46]) Airteagal 50(7) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

8.2. **Údaráis um Fhaireachas Margaidh**

(151) Tá na húdaráis um fhaireachas margaidh arna n-ainmniú ag na Ballstáit, ag an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga ([47]), agus ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ([48]) freagrach as maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na rialacha maidir le córais intleachta saorga a thagann faoina n-inniúlacht, lena n-áirítear na hoibleagáidí trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Déantar an forfheidhmiú sin laistigh den chóras faireachais margaidh agus comhlíontachta táirgí a bhunaítear le Rialachán (AE) 2019/1020 agus leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. Leagtar síos sna rialacháin sin cumhachtaí forfheidhmiúcháin na n-údarás um fhaireachas margaidh i ndáil le córais intleachta saorga. Féadfaidh na húdaráis sin gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a dhéanamh i ndáil leis na hoibleagáidí a liostaítear in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ar a dtionscnamh féin nó tar éis gearán a fháil, a bhfuil sé de cheart ag gach duine dá ndéantar difear nó ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile a bhfuil foras aige sáruithe den sórt sin a thaisceadh ([49]). Ní dhéanann freagrachtaí na n-údarás um fhaireachas margaidh faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga difear do chumhachtaí ná cúraimí údarás maoirseachta eile ná údarás um chearta bunúsacha faoina gcreat dlíthiúil féin i gcásanna ina bhfuil feidhm ag Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus ag an gcreat sin araon (e.g. cosaint sonraí, cosaint tomhaltóirí).

8.3. **Pionóis**

(152) Féadfar fíneáil suas le EUR 15 000 000 a ghearradh ar sholáthraí agus úsáideoirí gairmiúla nach gcomhlíonann na hoibleagáidí trédhearcachta is infheidhme a leagtar síos in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nó, más gnóthas é an ciontóir, fíneáil suas le 3 % dá láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda sa bhliain airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde. Féadfaidh institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais a sháraíonn na hoibleagáidí trédhearcachta a bheith faoi réir fíneálacha riaracháin suas le EUR 750 000. I gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, beidh gach fíneáil suas leis na céatadáin nó an méid thuas, cibé acu is ísle. Beidh na fíneálacha éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus cuirfear san áireamh iontu leasanna FBManna agus fiontar meánchaipitlithe beag (FMBanna), lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus a n-inmharthanacht eacnamaíoch. Agus cinneadh á dhéanamh an ngearrfar fíneáil riaracháin agus cinneadh á dhéanamh maidir le méid na fíneála riaracháin i ngach cás aonair, ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar na himthosca ábhartha uile a bhaineann leis an gcás sonrach agus, de réir mar is iomchuí, ar raon tosca a dhéanann difear do thromchúis an tsáraithe (e.g. cineál, tromchúis agus fad an tsáraithe agus a iarmhairtí, cineál an tsáraithe a bheith déanta le faillí nó d'aon ghnó, imthosca géaraitheacha nó maolaitheacha eile, méid an chomhair le húdaráis um fhaireachas margaidh etc.).

8.4. **Teacht i bhfeidhm**

(153) De réir Airteagal 113 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, beidh feidhm ag Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga ón 2 Lúnasa 2026. Chuige sin, is gá do gach córas intleachta saorga sa raon feidhme a chuirtear ar an margadh nó i mbun seirbhíse san Aontas a bheith i gcomhréir leis an bhforáil sin an dáta sin, gan beann ar an dáta a cuireadh ar an margadh nó i mbun seirbhíse iad ([50]). Leis an Rialachán lena leasaítear an Gníomh um an Intleacht Shaorga (Omnibus na hIntleachta Saorga), a ghlac reachtóir an Aontais le déanaí, ní bheartaítear riail mharthanachta spriocdhírithe ach amháin maidir leis na hoibleagáidí marcála agus braite faoi Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga le haghaidh córais intleachta saorga giniúnaí a chuirtear ar an margadh nó i mbun seirbhíse roimh an 2 Lúnasa 2026. Tugtar idirthréimhse do sholáthraithe na gcóras sin atá ann cheana chun a gcórais a thabhairt i gcomhréir faoin 2 Nollaig 2026. Ní fhéadfaidh córais atá idirghníomhach go páirteach agus giniúnach go páirteach tairbhiú den idirthréimhse sin ach amháin maidir leis an oibleagáid marcála faoi Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, agus ní mór comhlíonadh na hoibleagáide nochta maidir le córais intleachta saorga a idirghníomhaíonn go díreach le daoine nádúrtha a áirithiú ón 2 Lúnasa 2026.

([47]) Mar an t-údarás um faireachas margaidh le haghaidh córais intleachta saorga atá bunaithe ar shamhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha arna soláthar ag an soláthraí céanna (Airteagal 75(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga). Cumhdaítear leis sin an oibleagáid is infheidhme maidir le soláthraithe faoi Airteagal 50(1) agus (2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. I dtaca le hAirteagal 50(3) agus (4) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ní bheidh an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga inniúil ach amháin más úsáideoir gairmiúil den chóras í an tsamhail intleachta saorga ilchuspóireach agus an soláthraí córais ar leith.

([48]) Mar an t-údarás um fhaireachas margaidh le haghaidh institiúidí, ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí an Aontais.

([49]) Airteagal 85 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

([50]) Níl feidhm ag an riail mharthanachta speisialta in Airteagal 111(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le córais intleachta saorga ardriosca a chuirtear ar an margadh roimh dháta chur i bhfeidhm na rialacha ardriosca ach amháin i ndáil le comhlíontacht na gcóras sin leis na ceanglais agus na hoibleagáidí le haghaidh córais intleachta saorga ardriosca. Má tá an córas intleachta saorga ardriosca faoi réir oibleagáid trédhearcachta amháin nó níos mó faoi Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga freisin, níl feidhm ag an riail mharthanachta speisialta sin ós rud é go bhfuil cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí éagsúla le haghaidh córais ardriosca agus oibleagáidí trédhearcachta Airteagal 50 carnach agus go bhfuil údar leis an marthanacht agus nach bhfuil sé teoranta ach amháin maidir le comhlíonadh na bhforálacha ardriosca.

(154) Aschuir a ghintear nó a ionramháiltear leis an intleacht shaorga a thagann faoi raon feidhme Airteagal 50(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus domhainbhrionnuithe a thagann faoi raon feidhme Airteagal 50(4), an chéad fhomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, a gineadh nó a ionramháladh roimh an 2 Lúnasa 2026, ní gá iad a mharcáil ná a lipéadú go cúlghabhálach. Is amhlaidh atá i gcás téacsanna maidir le hábhair a bhaineann le leas an phobail agus a thagann faoi raon feidhme Airteagal 50(4), an dara fomhír, den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a gineadh nó a ionramháladh leis an intleacht shaorga agus a foilsíodh roimh an 2 Lúnasa 2026. Os a choinne sin, má fhoilsítear téacsanna a gineadh nó a ionramháladh roimh an 2 Lúnasa 2026 an dáta sin nó ina dhiaidh, is gá iad a lipéadú. I bhfianaise chuspóir na trédhearcachta agus mhuinín agus shláine mhéadaithe an éiceachórais faisnéise a shaothraítear leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, moltar d'úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga agus do ghníomhaithe eile a bhfuil domhainbhrionnuithe neamhlipéadaithe atá ann cheana ina seilbh acu nó a scaipeann iad, é sin a dhéanamh, mar sin féin, gan coinne a bheith ann go ndéanfaidh siad iarrachtaí díréireacha chuige sin (amhail iniúchadh a dhéanamh ar bhunachair sonraí ábhair atá ann cheana nó pacáistíocht táirgí atá priontáilte cheana a mhodhnú).

9. **NA TREOIRLÍNTE A ATHBHREITHNIÚ AGUS A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA**

(155) Is é atá sna Treoirlínte seo an chéad léirmhíniú ina bhfuil samplaí praiticiúla de na hoibleagáidí trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na Treoirlínte seo nuair is gá i bhfianaise na taithí praiticiúla a gheofar ó chur chun feidhme na n-oibleagáidí trédhearcachta agus i bhfianaise luas na bhforbairtí teicneolaíocha, sochaíocha agus rialála sa réimse sin. Áirítear leis sin freisin aon taithí ábhartha ó ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin faireachais margaidh agus léirmhínithe ar Airteagal 50 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a thug CBAE. Le linn athbhreithniú den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh na Treoirlínte seo a tharraingt siar nó a leasú. Molann an Coimisiún do sholáthraithe agus d'úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga, d'údaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh tríd an mBord Eorpach um an Intleacht Shaorga, don Fhóram Comhairleach um Intleacht Shaorga, don phobal taighde agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannchuidiú leis an bpróiseas sin trí fhreagairt do ghlaonna ar chomhairliúcháin phoiblí amach anseo.